
# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2020



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Todhchaí faoi Bhláth a Chothú



# Ár gCuspóir

**Táirgí bia, dí agus gairneoireachta den scoth na hÉireann a chur ar fáil ar fud an domhain mhóir, agus ar an mbealach sin fás agus inbhuanaitheacht tairgeoirí a chumasú.**

# Ráiteas Straitéise

Mar a thugtar le fios i Ráiteas Straitéise Bord Bia 2019-2021 is d'fhás inbhuanaithe difreáilte thionscal bia agus dí na hÉireann an fhís atá ag Bord Bia:

**Aithníonn custaiméirí mórthimpeall an domhain nach bhfuil sárú bia agus deoch na hÉireann le fáil: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó shuíomh oileánda uathúil agus ámharach.**

**Leagann ár dtáirgeoirí síos an caighdeán domhanda i dtáirgeadh inbhuanaithe – agus iad ag freastal ar an fhreagracht atá orainn go léir don phláinéad, don tsochaí agus do na glúnta atá le teacht.**

**Tá gach ní againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr agus níos inbhuanaithe. Ní raibh am níos fearr riamh chun gníomhú agus sampla a thabhairt don domhan.**

Rinneadh an Ráiteas Straitéis a fhorbairt i gcomhthéacs athruithe sa timpeallacht oibriúcháin agus próiseas fairsing, fadréimseach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara. Tacaíonn an Plean Straitéiseach go hiomlán le Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia, atá comhordaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, a leagan amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia chomh fada ar aghaidh leis an mbliain 2025, agus cuireann leis. Aithnítear Ceithre Thosaíocht Straitéiseacha chun treallús a chur faoi fhís Bhord Bia ó thaobh tacú le fás an tionscail bia, dí agus gairneoireachta.

1. **Treallús a chur faoi Rathúlacht agus faoi Fhás sa Mhargadh**
2. **Léargas chun fás a Chumhachtú**
3. **Cur leis an gCáil maidir le Fás**
4. **Ceannaireacht trí Dhaoine**



# Cur i láthair don Aire Talmhaíochta Bia agus Mara

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur faoi bhráid an Aire don 12 mhí dar chríoch 31 Nollaig 2020.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

# Clár


## 06 Ár nGnó

06 Figiúirí Onnmhairithe
12 Ráiteas an Chathaoirligh
22 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
Athbhreithniú Earnála:
41 • Feoil agus Beostoc
49 • Bia agus Deochanna
61 • Gnólachtaí Beaga agus an Earnáil Orgánach
66 • Gairneoireacht
71 • Seirbhísí

## 90 Ár Rialachas

91 Ráiteas maidir le Rialachas
100 Struchtúr Eagraíochtúil
102 Struchtúr Foirne
104 Bord Bhord Bia
105 Bord Bia: Bord Bianna Tomhaltóra
106 Bord Bia: Bord Feola agus Beostoic
107 Bord Bia: Bord Déiríochta
108 Bord Bia: Bord Dearbhaithe Cáilíochta
109 Bord Bia: Bord Gairneoireachta

## 110 Ár gCuntais

112 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
114 Ráiteas ar Rialú Inmheánach
116 Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
117 Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach
118 Ráiteas maidir le Staid Airgeadais
119 Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid
120 Nótaí atá mar Chuid de na Ráitis Airgeadais
131 Íocaíochtaí Deontais maidir le Cúnamh Margaíochta

# Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann (€13bn)

**B'ionann luach onnmhairí bia agus dí na hÉireann sa bhliain 2020 agus €13bn, laghdú 2% ar luach na bliana 2019. Tharla an laghdú sin i gcomhthéacs an chur as ba mhó do ghnáthghníomhaíocht margaidh ón Dara Cogadh Domhanda. Tá an t-éileamh leanúnach atá ar tháirgí na hÉireann, go háirithe ó mhargaí na hAfraice agus an Mheánoirthir, margaí atá ag teacht chun cinn, mar fhianaise nach raibh i gceist leis an laghdú seo ach díreach 2% amháin.**


Tá ardú 16% ó thaobh luacha tagtha ar onnmhairí bia agus dí ó Éirinn ón mbliain 2016, an bhliain ar vótáil an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Is chuig margaí san AE27 a bhí formhór an fháis sin nó níos faide ó bhaile, ach is fiú a thabhairt ar aird gur tháinig ardú go dtí €4.3bn ar luach onnmhairí táirgí bia agus dí chun na Ríochta Aontaithe sa tréimhse sin freisin.

Bhí an chuma air gur dúshlán sláinte réigiúnach a bhí i gceist le teacht chun cinn COVID- 19 sa tSín i ndeireadh na bliana 2019. Ach d'athraigh an dearcadh sin go tapa nuair a bhí sé le tuiscint gur paindéim dhomhanda a bhí i gceist, le himpleachtaí sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha. De réir mar a rinneadh dianghlasáil agus srianta taistil a leathadh ar fud na cruinne le linn míonna Feabhra agus Márta 2020, bhí an trádáil dhomhanda ó thaobh earraí de, lena n-áirítear, bia agus deoch, i gcruachás ceart, agus an bhéim a cur ar tháirgí áitiúla in ionad sin.

Cuireadh isteach go mór ar chostas agus ar lóistíocht iompair. Tháinig dúbailt ar chostais iompair go leor gnólachtaí agus ní raibh taisteal feadh roinnt príomhbhealaí indéanta mar gheall ar chur as áit go leor coimeádáin óna gnáthbhealaí a seoltaí iad. Ó thaobh bealaí na hÁise, lean costais arda ar aghaidh ar feadh na bliana.

Tháinig lagú de bheagán ar an steirling agus ar an dollar araon in aghaidh an euro i gcaitheamh na bliana ach chuir COVID- 19 níos mó as do chainéil ná d'airgeadra.

## Luach Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann 2016-2020




## Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann (€)

| Catagóir | BA 2019 | BA 2020 | % athrú BAB |
|---|---|---|---|
| **Táirgí Déiríochta** | **5,043,698,547** | **5,068,565,773** | **1%** |
| **Feoil agus Beostoc** | **3,316,481,324** | **3,387,659,098** | **2%** |
| Mairteoil, lena n-áirítear, scairteach | 2,125,480,631 | 2,097,135,246 | -1% |
| Muiceoil | 516,732,750 | 563,798,489 | 9% |
| Caoireoil | 319,431,504 | 358,301,852 | 12% |
| Éineoil | 157,689,932 | 155,092,145 | -2% |
| Feoil Eile | 13,676,086 | 11,792,956 | -14% |
| Ainmhithe Beo | 183,470,421 | 201,538,410 | 10% |
| **PCF** | **2,596,874,100** | **2,437,000,112** | **-6%** |
| **Alcól** | **1,601,722,264** | **1,353,430,434** | **-16%** |
| **Bia Mara** | **487,022,083** | **443,826,718** | **-9%** |
| **Gairneoireacht** | **205,881,236** | **229,111,464** | **11%** |
| **Iomlán** | **13,251,679,554** | **12,919,593,599** | **-2%** |

## DÉIRÍOCHT

B'ionann luach onnmhairí déiríochta sa bhliain 2020 agus €5.1bn, ardú 1% ar luach na bliana 2019. Is í seo an dara bliain arbh fhiú níos mó ná €5bn onnmhairí déiríochta. Baineadh an fás seo amach in ainneoin laghduithe i bpraghas tráchtearraí ar phríomhghnéithe an mheascáin onnmhairí, lena n-áirítear, im.

**B'ionann luach onnmhairí déiríochta sa bhliain 2020 agus €5.1bn, ardú 1% ar luach na bliana 2019**

Bhí feidhmíocht thar a bheith láidir sa Phúdar Bainne Lánmhéathrais agus i bpríomhphúdair eile, lena n-áirítear, Púdar Bainne Bearrtha, Púdar Bainne agus cáiséin, ag cur treallús faoin fhás seo.

Tháinig ardú 15% go €626m ar onnmhairí déiríochta chun na hAfraice sa bhliain 2020 agus tháinig ardú freisin ar onnmhairí chun an Mheánoirthir (+4.6%) agus chuig Meiriceá Thuaidh (+5.7%). Tharla na harduithe seo i gcoinne na laghduithe sa luach onnmhairí chun na Ríochta Aontaithe (-7%) agus chun an AE (-2.4%).

## FEOIL AGUS BEOSTOC

**Tháinig fás 2% go € 3.4 billiún sa bhliain 2020 ar onnmhairí feola agus beostoic na hÉireann**

Bhí Feoil agus Beostoc ar an dara catagóir ba mhó in onnmhairí bia agus dí na hÉireann sa bhliain 2020 thráth ar tháinig ardú 2% go €3.4bn ar luach iomlán onnmhairí.

Bhí titim le tabhairt faoi deara i luach onnmhairí sa chuid ba mhó den chatagóir sin, sé sin onnmhairí mairteola. B'ionann luach na bpríomhonnmhairí mairteola sa bhliain 2020 agus €1.9bn, laghdú 2% ar an mbliain 2019.

Rinne fás láidir i luach onnmhairí muiceola agus caoireola fritháireamh le linn bliain dhúshlánach d'onnmhairí mairteola. Bhí fás le tabhairt faoi deara freisin san earnáil beostoic sa bhliain 2020.

Tháinig laghdú ar onnmhairí mairteola mar thoradh ar an gcur isteach ó COVID- 19 sna príomhmhargaí ceann scríbe, chomh maith le dúshláin leanúnacha ó thaobh rochtain ar mhórthír na Síne. Sa Ríocht Aontaithe, mar a raibh 44% de na príomhonnmhairí mairteola á gcur, ghníomhaigh éileamh leathan an chainéil miondíola a bheagán i gcoinne an laghdaithe sa tseirbhís bhia.



Bhain onnmhairí muiceola leas as an timpeallacht dhearfach ó thaobh praghais do sholáthróirí, a bhí faoi threallús, mar a bhí sna blianta 2018 agus 2019, ag staid Fiabhras Afracach na Muc (ASF) sa tSín. Chuir scála éileamh na Síne ar mhuiceoil treallús faoi arduithe ar phraghas ar feadh na bliana agus rinne an ASF sa Ghearmáin laghdú ar acmhainneacht na dtíortha allmhairiúcháin a bhí ar fáil don tSín. Tháinig ardú ar an bpraghas a bhí ar fáil i ngach margadh onnmhairithe.

B'fhiú €564m sa bhliain 2020, ardú 9% ar an mbliain 2019, príomhonnmhairí muiceola. Tháinig an t-ardú seo mar thoradh ar ardú níos lú (6%) i méid na n-onnmhairí.

Tháinig ardú 12% go €358m sa bhliain 2020 ar luachanna caoireola, tar éis cúngú a theacht ar onnmhairí sa bhliain 2019. Chuir soláthairtí caoireola domhanda níos cúinge agus roinnt feabhsúcháin ar éileamh ar phríomhmhargaí an AE27 treallús faoin ardú ar luach a bhí i bhfad chun cinn ar an ardú 1% ar mhéid na n-onnmhairí.

Tháinig laghdú 2% ó thaobh luacha ar phríomhonnmhairí éineola sa bhliain 2020 in ainneoin ardú 4% ar mhéid na n-onnmhairí.  Cé go bhfuil an earnáil ag leanúint ag cur le haschur ag leibhéal feirme, bhí tionchar suntasach ag COVID- 19 ó thaobh na bpraghsanna a bhí ar fáil.

Tháinig ardú 10% sa bhliain 2020 ar onnmhairí beostoic le luach de €202m. Tharla an t-ardú seo in ainneoin laghdú 30,000 cloigeann ó thaobh líon na n-ainmhithe a onnmhairíodh agus bhí sé sin faoi threallús ag laghdú ar chion na laonna a onnmhairíodh sa mheascán onnmhairí beo, an ghné luacha is ísle. Tháinig ardú láidir ar onnmhairí laonna coiscthe, eallach stóir agus eallach críochnaithe le linn na bliana 2020, mar gheall ar ardú ar thrádáil le Tuaisceart Éireann, go príomha.  Tháinig ardú freisin ar onnmhairithe eallaigh bheo chuig roinnt réigiúin san AE27 agus chun na hAfraice Thuaidh.

## BIA MARA

Bhí cur as d'onnmhairí sa chatagóir sliogéisc, a chuirtear chuig an gcainéal seirbhíse bia, de ghnáth, mar chúis le laghdú ó 9% go €444m i luach príomhonnmhairí bia mara sa bhliain 2020. Bhí onnmhairí sliogéisc faoi thionchar ag dúnadh an chainéil seirbhíse bia i bpríomhmhargaí an AE27 agus i margadh na hÁise freisin.

**Bhain onnmhairí fionnuisce ardú 9% amach ó thaobh luacha**

Is iad na táirgeoirí peiligeacha a thug formhór an chuóta i dtír an-luath sa bhliain mar gur lean an éiginnteacht  maidir le todhchaí an rochtain chuig uiscí na Breataine ar feadh na bliana 2020. Mar thoradh ar an luath-ghabháil agus an cur isteach ar bhonn domhanda ar iompar le linn na gcéimeanna tosaigh de COVID- 19, d'onnmhairigh an tionscal líon i bhfad níos mó den ghabháil peiligeach chun na hAfraice Thiar ná mar a rinneadh sna blianta roimhe seo. Ba €92m luach iomlán na n-onnmhairí chun na hAfraice, ardú 77% bliain ar bhliain. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2020.

Bhain onnmhairí fionnuisce (ba bhradáin a bhí i gceist lena bhformhór seo) ardú 9% amach ó thaobh luacha. Tharla sé sin in ainneoin na srianta ar mhéid na n-onnmhairí. Is cothabháil a dhéanamh ar sholáthar an dúshlán is mó atá ag táirgeoirí sa chatagóir seo.

Chruthaigh an phaindéim dúshlán d'onnmhaireoirí iasc geal. Tháinig titim 10% go €48m ar luach onnmhairí iasc geal. Chuir dúnadh an chainéil seirbhíse bia iallach ar onnmhaireoirí a dhul in oiriúint ar an gcainéal.

## GAIRNEOIREACHT

Ba mhuisiriúin, gránaigh phríomha agus gairneoireacht taitneamhachta príomhchomhábhar an mheascáin onnmhairí seo.

Tá an chatagóir ag brath ar an Ríocht Aontaithe mar mhargadh ceann scríbe agus níor tháinig aon athrú air sin sa bhliain 2020. Is chun an mhargaidh seo a bhí nócha a ceathair faoin gcéad (94%) de na honnmhairí gairneoireachta á gcur, an cion céanna a bhí i gceist sa bhliain 2019.

**Tháinig ardú 15% ar Onnmhairí Muisiriúin sa bhliain 2020 le luach de €117 milliún**

Tháinig ardú 15% ó thaobh luacha ar onnmhairí muisiriúin bliain ar bhliain, agus baineadh luach de €117m amach sa bhliain 2020. Tharla sé sin in ainneoin laghdú 4% ar an méid iomlán onnmhairí.

## BIA TOMHALTÓRA ULLMHAITHE

B'fhiú €2.4bn onnmhairí Bia Tomhaltóra Ullmhaithe (PCF) sa bhliain 2020, laghdú 6% i gcomparáid le luach na bliana 2019. Áirítear sa chatagóir seo, tuaslagán béilí, milseogra, deochanna neamh-mheisciúla, comhábhair, feoil bhreisluacha, bia mara agus gairneoireacht. Tá an chatagóir seo go mór faoi réir ag athrú ar iompar tomhaltóra.

Bhí cur isteach ar an gcainéal mar thoradh ar COVID-19 ar an bpríomhthéama a bhain le feidhmíocht PCF sa bhliain 2020. Chuir dúnadh na seirbhíse bia go leor gnéithe den chatagóir seo faoi dhúshlán. B'éigean dóibh siúd a bhí ag brath ar mhiondíol dul in oiriúint don tsiopadóireacht ar líne, cur le méid an chiseáin agus na dúshláin nua a ghabhann le pacáistíocht.

Tá onnmhairí PCF ag brath den chuid is mó ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Is chun na Ríochta Aontaithe a chuirtear seasca a hocht faoin gcéad (68%) de na honnmhairí PCF go léir, cion a bhfuil ardú tagtha air ó 62% sa bhliain 2016. Mar gheall ar spleáchas na hearnála ar an Ríocht Aontaithe mar mhargadh, tá an earnáil nochta go mór ó thaobh dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht.

B'ionann margaí an AE27 agus 24% d'onnmhairí PCF sa bhliain 2020 (€577m) an cion céanna leis an mbliain 2019 agus ardú beag 1% ón mbliain 2016. Lasmuigh den AE27 agus den Ríocht Aontaithe, cuirtear 8% d'onnmhairí PCF chuig margaí idirnáisiúnta agus cuirtear an cion is mó de sin (€62m) chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Bhain na laghduithe ba shuntasaí ó thaobh luacha leis na gnéithe siúd de chatagóir an PCF atá ag brath go háirithe ar an tseirbhís bhia. Rinneadh taifeadadh ar an laghdú ba shuntasaí san fheoil bhreisluacha, arbh ionann í agus an chatagóir is mó i dtéarmaí luacha, síos ó 13% go €659m.



**Tháinig ardú 4% go €490m ar an fho-chatagóir tuaslagáin béile, lena n-áirítear, píotsa, béilí ullmhaithe agus anraith**

Mar chodarsnacht, bhí bliain dhearfach ag na gnéithe den chatagóir seo atá ag brath ar an gcainéal miondíola. Tháinig ardú 4% go €490m ar an fho-chatagóir tuaslagáin béile, lena n-áirítear, píotsa, béilí ullmhaithe agus anraith.

## ALCÓL

Tá alcól ar an gcatagóir is mó a bhí faoi thionchar ag na dúshláin a bhain le COVID-19. Rinne dúnadh maidir le trádáil alcóil ar feadh tréimhsí fada agus laghdú as cuimse ar dhíolacháin sa chainéal taistil aerlíne laghdú 16% ar luach na n-onnmhairí sa chatagóir seo arbh fhiú €1.4bn é sa bhliain 2020. Leis an laghdú sin, tá luach onnmhairí alcóil 12% fós níos airde ná mar a bhí siad sa bhliain 2016, a chuireann béim ar an treocht fáis a bhí le brath sa chatagóir seo le blianta beaga anuas.

Is féidir formhór na laghduithe a chur síos do na laghduithe i luach onnmhairí uisce beatha (síos €149m), licéir uachtair (síos €48m) agus beoir (síos €52m).


Ní gá gur léiriú iad na laghduithe in onnmhairí ar na laghduithe i ndíolacháin. Bhí cion suntasach uisce beatha ar mhargadh Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 2020 agus níl an tionchar chomh dona ar fhigiúirí díolacháin is atá ar fhigiúirí onnmhairithe.

Chruthaigh dúnadh an chainéil seirbhíse bia do dhíolacháin sa chatagóir seo sna margaí ceann scríbe is mó, dúshláin shuntasacha don earnáil sa bhliain 2020. Rinne nuálaíocht cainéil agus soláthar don ócáid ag baile teorannú ar laghduithe do roinnt onnmhaireoirí sa chatagóir seo.



# DÁILEADH MARGAIDH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (%)

**Ceann Scríbe Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann**




Is féidir rathúlacht na straitéise éagsúlachta thionscal bia agus dí na hÉireann a fheiceáil sna figiúirí onnmhairithe don bhliain 2020 agus an chaoi ar athraigh siad ó reifreann an Bhreatimeachta sa bhliain 2016.

Sa bhliain 2020, chuaigh 33% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann chuig margaí idirnáisiúnta lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus an AE. Chuaigh tríocha a trí faoin gcéad (33%) chuig an AE27 agus chuaigh 34% chuig an Ríocht Aontaithe.  Sa bhliain 2016, bhí luach na n-onnmhairí bia agus dí níos lú na €1.8bn ná mar atá sa bhliain 2020 agus bhí 32% chuig margaí idirnáisiúnta, 31% chuig an AE27 agus 37% chuig an Ríocht Aontaithe i gceist leis an deighilt.

Tá onnmhaireoirí bia agus dí na hÉireann ag cur leathnú ar luach onnmhairithe agus chuir ardú ag an am céanna ar chion na n-onnmhairí siúd a bhí á gcur chuig margaí tosaíochta ard-acmhainneachta, ard-fháis, san Áise den chuid is mó agus chun an Mheánoirthir, chun na hAfraice agus chuig Meiriceá Thuaidh.

Bhí tionchar geilleagrach agus sóisialta COVID-19 dírithe den chuid is mó ar phríomhmhargaí na Ríochta Aontaithe agus an AE27 agus ar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Rinne teacht chun cinn tapa ón dianghlasáil roinnt de gheilleagar na hÁise agus an easpa cur isteach ar an mórchóir maidir le go leor de gheilleagar na hAfraice, éascú ar chothabháil a dhéanamh ar éileamh sna margaí seo. Rinne sé sin cumasú ar arduithe suntasacha ó thaobh luach onnmhairithe chun na hAfraice agus ar chothabháil a dhéanamh ar leibhéal thar a bheith ard onnmhairithe chun na hÁise. Is í an déiríocht go príomha a chuireann treallús faoin dá ardú seo.

# Ráiteas an Chathaoirligh

**D'imir an tionscal agraibhia ról tábhachtach ó thaobh tacú le cobhsaíocht shóisialta agus leis an bpobal a chur ar a suaimhneas ag pointe cinniúnach le linn bliana nach bhfacthas a leithéid riamh, agus an domhan mór ag tabhairt faoi ghéarchéim sláinte. In aghaidh roinnt de na dúshláin trádála ba mhíshocra agus ba dúshlánaí a bhí ann le fada an lá, d'imir táirgeoirí bia agus dí na hÉireann ról tábhachtach freisin ó thaobh tacú le fostaíocht, le cruthú luacha agus le folláine na bpobal tuaithe agus an fheidhmíocht mhargaidh ba mhó riamh á sheachadadh acu. Bhain an earnáil luach onnmhairí amach a bhí os cionn €13bn den dara huair riamh agus iad ag dul in oiriúint ag an am céanna do leibhéil cur isteach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo go geilleagrach agus go sóisialta araon.**

Fiú agus na ceannlínte tógtha suas sa bhliain 2020 go raibh an tír ag déanamh a míle dícheall an ceann is fearr a fháil ar an víreas, rinneadh taifeadadh le linn na bliana ar go leor scéalta maidir le teacht aniar agus díograis. Agus an tionscal bia, dí agus gairneoireachta á chur féin in oiriúint do dhúshláin agus do rioscaí nua, dheimhnigh an tionscal seasamh na hÉireann mar fhoinse bia agus dí den scoth a chuirtear ar fáil ar bhealach inbhuanaithe. Tá deacrachtaí a tháinig aniar aduaidh orainn mar gheall ar COVID- 19 fós ag tarlú agus caithfimid a bheith ag súil go dtógfaidh sé roinnt blianta orainn chun teacht as an ngéarchéim. Áirítear ar na dúshláin láithreacha a rabhthas ag streachailt leo ó mhí an Mhárta ar aghaidh, ó thaobh an tionscal de, leanúint le táirgeadh ar bhealach a bhí sábháilte do dhaoine aonair agus an t-ardú mór ar chostais iompair. Ó thaobh éileamh de, agus d'fhéadfaí a rá gur dúnadh suas an tseirbhís bhia sna príomhmhargaí, chomh maith le titim as a chéile taisteal idirnáisiúnta agus fáilteachais, bhí iarmhairtí ollmhóra acu go léir ar dháileadh bia agus dí na hÉireann. Tharraing titim i luach an steirling agus an dollar in aghaidh an euro, an éiginnteacht leanúnach ó thaobh an Bhreatimeachta agus tabhairt isteach taraifí ar tháirgí Eorpacha sna Stáit Aontaithe, beagán aighnis freisin, cé nach mórán a bhí i gceist leis. Is éacht atá ann, tríd is tríd, nach raibh i gceist ach díreach 2% de laghdú ó thaobh feidhmíocht fhoriomlán ar fhigiúr onnmhairithe na bliana roimhe seo.

## FORBHREATHNÚ AR AN AGRAIBHIA

Cuimsíonn earnáil iomlán agraibhia na hÉireann ní amháin táirgeadh tosaigh na talmhaíochta agus na hiascaireachta ach gníomhaíochtaí freisin ar nós foraoiseacht agus próiseáil adhmaid nach cuid iad de shainchúram Bord Bia.



**Fostaítear thart ar 164,400 duine i dtionscal agraibhia na hÉireann**

Mheas an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara (DAFM) gurbh fhiú na honnmhairí agraibhia go léir (lena n-áirítear, catagóirí ar nós capaill beo, bia-ábhar ainmhithe, foraoiseacht agus gairneoireacht taitneamhachta agus craicne ainmhithe) agus €14.3 billiún sa bhliain 2020. Léirítear sna sonraí geilleagracha is deireanaí atá ar fáil ón earnáil, ón bhliain 2019, gur chruthaigh agraibhia na hÉireann fostaíocht iomlán lena raibh thart ar 164,400 post i gceist, arbh ionann é agus 7.1% den fhostaíocht go léir sa tír. Léirítear sna sonraí ón CSO freisin an ról tábhachtach atá ag tionscal dúchasach na hÉireann ó thaobh na déantúsaíochta. Cuimsíonn sé 19% den láimhdeachas tionsclaíoch go léir agus 21% de láimhdeachas an tionscal déantúsaíochta go léir.

## FEIDHMÍOCHT EARNÁLA

Cé go bhfuil an déiríocht mar cheann de dhá phríomhphiléar thionscail bia agus dí na hÉireann le tamall fada, tá an fás onnmhairithe le blianta beaga anuas thar a bheith suntasach, rud a thugann fuinneamh agus uaillmhian nua chun na hearnála. Lean onnmhairithe déiríochta ar a mbóthar inbhuanaithe fáis sa bhliain 2020, le hardú 3%, rud a chuir ardú ar an luach go €5.1 billiún, an leibhéal is airde riamh. Baineadh an méid seo amach ní amháin i gcoinne na ndúshlán dochreidte a bhí ann le linn na bliana ach i gcoinne praghsanna tráchtearraí a bhí ag maolú agus tabhairt isteach taraifí géara ar mhargaí Stáit Aontaithe Mheiriceá a raibh tionchar díreach acu ar thrádáil bhrabúsach an ime. Baineann an déiríocht tairbhe láidir as éagsúlú agus chuaigh beagnach 50% d'onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta sa bhliain 2020, bhí feidhmíocht láidir ann ó thaobh ime, púdair chothaithe speisialaithe, SMP, WMP agus cáiséin. Bliain mhaith a bhí inti freisin d'onnmhaireoirí cáise, tráth ar chuir an brú i leith éagsúlú le fás 1% agus chuidigh le feabhas a chur ar chúrsaí ó thaobh dúshláin i gcroímhargadh na Ríochta Aontaithe.

Is ionann feoil agus beostoc agus an dara piléar traidisiúnta de chuid onnmhairí bia agus dí na hÉireann, agus bhí tionchar suntasach ag tábhacht na seirbhíse bia seo don earnáil ar fheidhmíocht na bliana 2020. Bhí sé sin níos suntasaí sna



phríomhonnmhairí bia ar tháinig titim 2% orthu go €1.9 billiún mar gheall ar chur isteach na paindéime, lena n-áirítear, ciorrú cainéil seirbhíse bia sna príomhmhargaí Eorpacha agus titim 2% ar ithe mairteola san AE27. Mar sin féin, tháinig ardú foriomlán 2% go €3.4 billiún ó thaobh luacha ar onnmhairí feola agus beostoic, a bhí faoi threallús ag feidhmíocht bhuacach i measc tairgeoirí caoireola, thráth ar tháinig ardú 12% go €358 milliún ar luach onnmhairí, agus ag táirgeoirí muiceola a bhain fás láidir 9% go €264 milliún amach. Mar sin féin, bhí bliain níos dúshlánaí ag onnmhairí éineola, a bhí síos 2% go €155 milliún.

**Bhí ardú foriomlán 2% go €3.4 billiún ó thaobh luacha ar onnmhairí feola agus beostoic**

**Chuir catagóir na dtuaslagán béilí leis an treocht le fás 4% go €490 milliún**

Ba bhliain dhúshlánach a bhí inti freisin don earnáil bia mara, mar gur tháinig titim 9% go €444 milliún ar onnmhairí foriomlána, mar gheall, de chuid is mó, ar an titim ghéar ar an éileamh ar shliogiasc. Rinneadh cothabháil, mar sin féin, ar an treocht leanúnach ar éagsúlú san earnáil, mar gur tháinig fás suntasach ar onnmhairí peiligeacha chun na hAfraice, agus bhain onnmhaireoirí bradán fás amach freisin mar gheall ar an éileamh láidir sa mhiondíol.

Bliain mheasctha a bhí inti d'earnáil na gairneoireachta, mar gur tháinig ardú 15% go €117 milliún ar luach muisiriúin. Mar sin féin, rinne fás foriomlán 11% go €229 milliún na hearnála an laghdú 5% in onnmhairí gránach go €46m a cheilt.

Áirítear sna bianna tomhaltóra ullmhaithe (PCF), tuaslagáin béilí, milseogra, deochanna neamh-mheisciúla, comhábhair agus feoil bhreisluacha, bia mara agus gairneoireacht.

Tá an earnáil ag brath go mór ar mhargadh na Ríochta Aontaithe ag a gcuirtear 68% d'onnmhairí go léir PCF agus áit a bhfuil feolta breisluacha mar bhunchloch thionscail na seirbhíse bia. Chiallaigh laghdú 6% bliain ar bhliain go raibh onnmhairí PCF ag €2.4 billiún sa bhliain 2020, cé gur chuir catagóir na dtuaslagán béile, lena n-áirítear, píotsaí, béilí ullmhaithe agus anraith, leis an treocht le fás 4% go €490 milliún.

Ní ionadh ar bith é, le scrios na n-earnálacha seirbhíse bia, fáilteachais agus taistil, gur tharla an cúlú ba mhó in onnmhairí alcóil. Ar an iomlán, chiallaigh titim ghéar 16% ar luachanna gurbh fhiú €1.4 billiún onnmhairí na hearnála seo sa bhliain 2020. Chonacthas an titim ba ghéire in uisce beatha, síos €149m (cé gur tharla ceannach roimh ré sna Stáit Aontaithe i dtús na bliana), agus sna sála ar sin tháinig licéir uachtair, le titim €48m agus beoir, a bhí íslithe go €52m.

## ANAILÍS MARGAIDH

### • AN RÍOCHT AONTAITHE

Sa bhliain 2020, bhí 33% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann ag dul chun na Ríochta Aontaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil an chomharsa is gaire atá ag Éirinn ar an gcomhpháirtí trádála is mó atá aici freisin, cé go bhfuil an Ríocht Aontaithe beagán taobh thiar don AE27 anois. Agus comparáid á dhéanamh leis an mbliain 2016, nuair a vótáil an Ríocht Aontaithe an AE a fhágáil, tá sé inchiallaithe an bealach ina bhfuil cruth tagtha ar éagsúlú margaidh, agus leis sin maolú riosca, le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2016, b'fhiú €11.2bn luach foriomlán onnmhairí bia agus dí, €1.8bn níos lú ná an bhliain 2020, agus b'ionann an Ríocht Aontaithe agus 37%.

Bhí titim 5% ar mhéideanna foriomlána na n-onnmhairí chun na Ríochta Aontaithe sa bhliain 2020, mar thoradh den chuid is mó ar an timpeallacht cúlaithe agus an cur as don chainéal. Bhí titim 6% go €381m ar onnmhairí cáise, rud a thug léiriú ar bhliain a raibh an oiread sin cur isteach ar chúrsaí i gceist agus, mar chodarsnacht, bhí ardú 14% ar luach onnmhairithe mhuisiriúin na hÉireann. Idir an dá linn, rinne éileamh níos airde sa chainéal miondíola ar mhairteoil na hÉireann, laghdú ar an éileamh sa tseirbhís bhia a raibh titim ghéar ag teacht air.

Bhí an Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe (TCA) idir AE27 agus an Ríocht Aontaithe, gan dabht ar bith, ar an imeacht ba shuntasaí don mhargadh seo le linn na bliana.

Faigheann an TCA, atá ag teacht i bhfeidhm sa bhliain 2021, réidh leis an mbaol ó tharaifí agus ó chuótaí, ach ar ndóigh níl sé i gceist go mbeidh an trádáil gan locht. Tá an chuma air go ndeimhneofar Scéimeanna Ullmhaithe Custaim Bhord Bia, chomh maith lena bhfócas ar mheasúnachtaí ar an

slabhra soláthair agus ar phróisis rannpháirtíochta custaiméirí, de réir mar a thagann réimeas trádála nua i bhfeidhm sa bhliain atá romhainn.

### • An AE27

Sa bhliain 2020, bhí 34% d'onnmhairí bia agus dí iomlán na hÉireann á gcur chuig an AE27. Déanta na fírinne, is onnmhairí bia agus dí na hÉireann chun an réigiúin a bhí mar chúis le formhór an fháis bhliantúil de €1.9 billiún ón mbliain 2016 (46% nó €871 milliún). Mar sin féin, bhí laghdú 3% le brath sa bhliain 2020 i gcomparáid le figiúirí onnmhairithe na bliana roimhe seo, agus bhí an cur as don chainéal seirbhíse bia lárnach ina leith sin. Meastar, mar shampla, gur tháinig titim 35% ar cheannach mairteola sheirbhíse bia na hEorpa. Bhí laghduithe freisin in onnmhairí déiríochta na hÉireann chun an réigiúin, cé gur chuir cáis feabhas ar chúrsaí le fás 2%. Bhí bliain mhaith ag caoireoil na hÉireann freisin, le fás ar cheannach sa Fhrainc, sa tSualainn, sa Ghearmáin agus sa Bheilg, de réir mar a tháinig titim ar onnmhairí na Ríochta Aontaithe chun an mhargaidh seo. Tháinig cúngú ar an éileamh ar iasc geal ar mhargaí ar nós margaí na Fraince agus na Spáinne, cé go raibh onnmhairí PCF réasúnta cobhsaí. Tá treocht nua nach mór d'onnmhaireoirí na hÉireann a bheith ar an airdeall fúithi sa bhliain atá amach romhainn agus is teacht chun cinn 'gastra-náisiúnachas' atá i gceist ansin, mar go bhfuil lucht siopadóireachta i roinnt tíortha de chuid an AE á spreagadh tosaíocht a thabhairt do bhia atá á tháirgeadh go háitiúil.

### • Margaí Idirnáisiúnta

Ar an iomlán, bhí 33% d'onnmhairí iomlána bia agus dí na hÉireann á gcur chuig margaí idirnáisiúnta sa bhliain 2020. B'ionann na margaí seo agus iad curtha i dtoll a chéile agus 43% nó €817 milliún den fhás iomlán ón mbliain 2016. Tá margaí tosaíochta ard-acmhainneachta san Áise, sa Mheánoirthear, san Afraic agus i Meiriceá Thuaidh lárnach san fheidhmíocht seo.

Bhí an déiríocht mar phríomhthiománaí fáis i gcaitheamh na bliana, le hardú 4% go €874m ag teacht ar luach onnmhairí déiríochta chun na hÁise, agus ardú 22% go €662m ar onnmhairí déiríochta chun na hAfraice agus ardú 15% go €339m ar onnmhairí déiríochta chun an Mheánoirthir. Bhí príomhról á imirt ag Stáit Aontaithe Mheiriceá freisin san ardú de 12% sa mhéid iomlán onnmhairí ime in ainneoin cur i bhfeidhm taraif a rabhthas ag súil a chuirfeadh maolú ar éileamh. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá mar mhargadh fáis freisin d'onnmhairí PCF, arbh fhiú €61m iad sa bhliain 2020. Tríd is tríd, tháinig titim 10%, mar sin féin, ar onnmhairí go Meiriceá Thuaidh, mar thoradh ar éileamh laghdaithe ar uisce beatha den chuid is mó.

Cuireann feoil agus beostoc cion tábhachtach le fás ar na margaí idirnáisiúnta. Sa bhliain 2020, cuireadh 41% de phríomhonnmhairí muiceola chun na hÁise, agus lean an Afraic Theas ag glacadh le honnmhairí éineola na hÉireann agus tháinig ardú ar onnmhairí eallaigh beo chun na hAfraice Thuaidh. Bhí cur as don tseirbhís bhia lárnach ó thaobh éileamh a bheith ag titim ar onnmhairí sliogéisc na hÉireann chun na hÁise, cé gur chuir éileamh láidir ar iasc peiligeach ardú go €92m ar onnmhairí bia mara chun na hAfraice, suas 77% ón mbliain 2019.

## CÚLRA GEILLEAGRACH

Cé nár sheachain aon tír tionchar COVID- 19, bhí leibhéil éagsúla tionchar geilleagrach ag an bpaindéim ar réigiúin dhifriúla ar fud an domhain, agus tugann feidhmíocht onnmhaireoirí na hÉireann léiriú air seo. San Áise agus san Afraic, ní raibh an damáiste maidir leis an struchtúr geilleagrach chomh suntasach sin agus a bhí i dtíortha an iarthair, agus ní raibh an cúlú eacnamaíochta sa tSín chomh holc is a bhíothas ag súil leis ar dtús agus bhain an tír sín fás 1.8% sa bhliain 2020.

Bhí ar chumas gheilleagar na hÉireann dul in aghaidh ionchais chomh maith, agus tá an Coimisiún Eorpach ag tuar fás eacnamaíochta de 3% sa bhliain 2020, an t-aon tír san AE a bhainfidh fás amach le linn na bliana sin. Ina dhiaidh sin is uile, tá titim 7.8% á thuar ag an gCoimisiún Eorpach do cheantar an euro sa bhliain 2020, an cúlú eacnamaíochta is suntasaí ó cruthaíodh an euro sa bhliain 1999. Thug go leor Ballstáit bearta tacaíochta oibre isteach mar gheall ar COVID- 19, chun cuidiú le bagairt dífhostaíochta agus corraíl shóisialta ar an mórchóir a sheachaint.

Tá an Ríocht Aontaithe, an chomharsa is gaire d'Éirinn, ar an tír is mó a bhí thíos leis an gcúlú geilleagrach, a mheastar a bheith ag 11% sa bhliain 2020, mar thoradh ar COVID- 19. Nuair a thagann an scéim shealadach chun críche i ndeireadh mhí an Mhárta 2021, tá sé tuartha go seasfaidh an dífhostaíocht ag 7.5%.

Tháinig cúlú 4.3% ar gheilleagar Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 2020 agus glacadh le céimeanna suntasacha maidir le polasaí airgeadaíocht chun an damáiste geilleagrach a mhaolú.

Mar sin féin, níor tionscnaíodh cineál na gclár cosanta tuarastail i Stáit Aontaithe Mheiriceá is a bhí le feiceáil i ngeilleagar na hEorpa.

Mar is amhlaidh i gcónaí ó thaobh na trádála idirnáisiúnta, bhí go leor saincheisteanna idir-rialtasacha á mbrath sa bhliain 2020 rud a bhí mar chrá croí d'onnmhaireoirí, chomh maith le roinnt réitigh dearfacha a sholáthair chun dul i ngleic le baic reatha. Cuireadh fáilte mhór roimh thabhairt chun críche an TCA idir an AE agus an Ríocht Aontaithe sna laethanta deireanacha de bhliain 2020, nuair a deimhníodh nach mbeadh taraifí nó cuótaí mar ghnéithe trádála idir na tíortha sin sa bhliain 2021. Mar a bhíothas ag súil leis, rinne Stáit Aontaithe Mheiriceá taraifí a fhorchur ar tháirgí agraibhia na hEorpa i dtús na bliana 2020, bhí tionchair díreach aige seo ar onnmhairí déiríochta agus uisce beatha na hÉireann. Idir an dá linn, bhí tionchar leanúnach ar thrádáil dhomhanda ag dúshláin leanúnacha na Síne le táirgeadh muiceola mar thoradh ar Fhiabhras Afracach na Muc, cé go ndeachaigh sé chun leasa d'onnmhaireoirí muiceola na hÉireann. Cuireann an Comhaontú Saorthrádála idir an AE agus Vítneam, a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil deiseanna fáis ar fáil d'onnmhairí mairteola agus déiríochta na hÉireann chun an mhargaidh seo, de réir mar a bheidh rochtain saor ó tharaifí indéanta sna blianta atá romhainn. Mar sin féin, tá comhartha ceiste ann fós maidir le cur i bhfeidhm Comhaontú Comhlachas AE-Mercosur, a comhaontaíodh i bprionsabal sa bhliain 2019, ach a bhfuil méadú ag teacht ar an gcur ina aghaidh ó fheirmeoirí ar fud an AE.

Ar ndóigh bhí cúrsaí athraithe aeráide chun tosaigh, mar a bhíonn i gcónaí, sa bhliain 2020, nuair a luadh i dtuarascáil an Chumainn Dhomhanda Meitéareolaíochta go raibh an bhliain seo ar cheann de na trí bliana ba theo a raibh taifeadadh déanta orthu. Lean rialtais ar fud an domhain ag tabhairt faoi dhúshláin maidir le táirgeadh talmhaíochta agus tionsclaíochta a chur in oiriúint do chosaintí láidre timpeallachta.

Tar éis roinnt blianta a bhí thar a bheith deacair, mar gheall ar choinníollacha drochaimsire, bhí dea-scéala i ndán d'fheirmeoirí in Éirinn sa bhliain 2020, de réir Teagasc, mar gur tháinig ardú 6% ar an meán ar ioncam feirme le linn na bliana. Chuir titim ar phraghsanna bia ainmhithe, agus ar phraghsanna breosla, cobhsaíocht ar phraghsanna bainne, arduithe ar phraghsanna mairteola, caoireola, gránaigh agus muiceola go léir agus iad curtha i dtoll a chéile le hioncam. Baineadh meán-ardú 5% amach ar fheirmeacha déiríochta agus tháinig ardú 17% ar ioncam mairteola diúil, a bhain tairbhe as tacaíochtaí breise fóirdheontas do tháirgeoirí mairteola. I gcomparáid leis sin, áfach, chuir torthaí níos ísle leis an laghdú de thart ar 11% ar ioncam feirmeacha curaíochta.

In ainneoin gur fhág an phaindéim an geilleagar domhanda ina chíor thuathail, níor bhain luaineacht as cuimse do thráchtearraí neamh-ola ar ar tháinig meán-fhás de 5.6%. Léirigh titim 32% i bpraghas ola fírinne na soghluaisteachta domhanda a bhí curtha ar feitheamh. Tháinig ardú 0.7% ar innéacs praghsanna bia agus dí an IMF agus tháinig titim 7.1% ar innéacs praghsanna feola ó bhunlíne mhí Aibreáin. I ndeireadh na dála, tháinig ardú 0.4% ar phraghsanna bia bliain ar bhliain sa bhliain 2020 agus táthar ag súil go dtiocfaidh ardú 4.3% orthu sa bhliain 2021.

## DEARCADH DON BHLIAIN 2021

In ainneoin dúshlán leanúnach na paindéime agus an éiginnteacht leanúnach maidir leis an ngeilleagar, tá an soláthar domhanda agus an t-éileamh fuinniúil,



dearfach i gcónaí do tháirgeoirí bia agus dí na hÉireann sa bhliain 2021. Sa bhreis air sin, is féidir le leathadh amach na gclár vacsaínithe ar an mórchóir roinnt misnigh a sholáthar go dtiocfaidh an geilleagar chuige féin arís.

Leag an t-éileamh leanúnach domhanda ar dhéiríocht agus ar na príomhphróitéiní atá á soláthar ag Éirinn, síos an bhunchloch d'fheidhmíocht láidir bhreise do bhliain atá amach romhainn, agus tá an Áise lárnach ó thaobh na deise seo. Cruthóidh athoscailt cainéil seirbhíse bia i margaí atá níos gaire do bhaile deiseanna freisin a mbeidh soláthróirí na hÉireann i riocht maith le tairbhe a bhaint astu.

Tá filleadh ar fhás domhanda de 5% sa bhliain 2021 tuartha ag an IMF, agus beidh a fhormhór sin ag brath ar rathúlacht na gclár vacsaínithe. Mar sin féin, is dóigh go mbeidh éagothroime mar ghné ó thaobh go leor sochaithe agus beidh fabhrú fiachas ceannasach le linn na paindéime mar dhúshláin do rialtais a bheidh ann amach anseo, chomh maith le fáil réidh le tacaíochtaí fostaíochta sa bhliain 2021.



Leanfaidh an Ríocht Aontaithe lena bheith ar an gceann scríbe aonair is mó d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann sa bhliain 2021 agus beidh teacht chuige féin geilleagar na Ríochta Aontaithe mar dhea-scéal d'onnmhaireoirí na hÉireann de réir mar a théann an trádáil idir an dá oileán chun cinn faoi théarmaí an TCA.

San AE, táthar ag tuar go dtiocfaidh an GDP chuige féin, 4% sa bhliain 2021 agus 3% sa bhliain 2022, a chiallóidh filleadh ar an mbealach ina raibh leibhéil roimh an bpaindéim, dáiríre. Leanfaidh Bord Bia le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfeachtais agus i gcláir mhargaíochta a thugann tacaíocht don chlú láidir atá bainte amach ag bia agus dí na hÉireann ar mhargadh an AE.

Meastar go mbeidh borradh fáis 8.2.% faoi gheilleagar na Síne sa bhliain 2021 agus go dtiocfaidh geilleagar Stáit Aontaithe Mheiriceá chuige féin chun 3.1% a bhaint amach, arbh ionann iad araon agus dea-scéal d'onnmhaireoirí na hÉireann.

Tá an Coimisiún Eorpach ag súil le dea-scéal ó gheilleagar na hÉireann freisin, tráth a mheastar go dtiocfaidh fás 3.4% ar GDP na hÉireann sa bhliain 2021 agus 3.5% sa bhliain 2022. I mí na Nollag, rinne an Fóram Eacnamaíoch Domhanda measúnú ar théarnamh féideartha geilleagair ón bpaindéim. Fuarthas amach go raibh Éire níos láidre i réimsí ar nós bonneagar geilleagrach agus infheistíocht fhadtéarmach ach níos laige ó thaobh bonneagar sóisialta, beartas comórtais agus taighde agus nuálaíocht.

## RÁITEAS STRAITÉISE BHORD BIA

*Rialaíonn Ráiteas Straitéise Bhord Bia, Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú 2019-2021, pleananna na heagraíochta ó thaobh cur le rathúlacht thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le linn tréimhse ama atá faoi réir ag athrú agus ag dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá an straitéis faoi threoir ag an gcoincheap 'fás difreáilte, inbhuanaithe' mar phríomhthiománaí don tionscal agus aithnítear trí chatagóir athraithe atá le sárú. Leagtar amach ann freisin na tosaíochtaí straitéiseacha lena n-imreoidh Bord Bia a ról ina iomláine mar thacadóir agus mar chatalaíoch do dhul chun cinn.*



Is iad na trí chatagóir athruithe a aithnítear sa straitéis:

**(1) Macrafhórsaí an athraithe:** na fórsaí sóisialta, teicneolaíochta, timpeallachta, eacnamaíochta agus polaitiúla a mhúnlaíonn agus a athmhúnlaíonn an timpeallacht ghnó ina bhfeidhmíonn an tionscal. Áirítear orthu sin: Ardú ar an gcaomhnaitheacht; méadú tapa ar uirbiú; cur le cumhachtú eacnamaíoch na mban; sainmhíniú nua a dhéanamh ar 'sheanaois'; céimeanna saoil agus struchtúir teaghlaigh atá ag athrú; nascacht dhigiteach atá ag fás; brú méadaitheach ar an gcomhshaol; agus ardú ar ghalair neamtheagmhálacha.

**(2) Comhrianta bia:** na hathruithe agus an t-athailíniú sa chóras bia domhanda a bhfuil tionchar acu ar an tslí a n-aimsítear, a dtáirgtear agus a n-ídítear bia. Áirítear orthu sin: brúnna nua ar phacáistiú nuálaíochta talmhaíochta chun éifeachtúlacht a mhéadú; trédhearcacht cumasaithe don teicneolaíocht; ceannach faoi threoir algartaim; dearcthaí aithreacha ar fheoil; inspioráid ar líne; bia mar leigheas; cur isteach ar chainéil; agus táirgí bia ilroinnte.

**(3) Treochtaí tomhaltóra:** Léiríonn siad seo athruithe i ndearcthaí, luachanna agus iompar a thiomáineann athruithe i roghanna tomhaltóirí agus a thugann aghaidh ar a gcuid riachtanas. Déanann clár Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra de chuid Bhord Bia treochtaí a rianú ar bhonn leanúnach.

Is iad na ceithre thosaíocht straitéiseacha atá mar threoir do ghníomhaíochtaí Bord Bia:

1. Treallús a chur faoi rathúlacht agus fás sa mhargadh
2. Léargas chun fás a chumhachtú
3. Cur le cáil maidir le fás
4. Ceannaireacht trí dhaoine

Tugtar an bhunchloch straitéiseach i ndoiciméad straitéise an DAFM, trína ndéanann Bord Bia a rannchuidiú ar leith maidir le rath earnáil agraibhia na hÉireann. Leagtar amach in Food Wise 2025 teilgin fáis uaillmhianacha bunaithe ar fhás inbhuanaithe ar onnmhairí agus is cosúil go mbainfear amach an sprioc maidir le honnmhairí bliantúla bia agus dí dar luach €19bn a ghnóthú faoin mbliain 2025, agus go gcruthófar 23,000 post nua breise agus é sin á bhaint amach.

## ATHRÚ A NASCLEANÚINT

I Márta 2020, thionscain Bord Bia plean leanúnachais gnó, Athrú a Nascleanúint, chun a chinntiú go raibh na léargais ab ábhartha agus na seirbhísí is úsáidí á dtabhairt ag an eagraíocht don tionscal agus aghaidh á thabhairt aige ar dhúshláin COVID- 19. Oibríonn Athrú a Nascleanúint ar fud sé cinn de phríomhshruthanna:

**1 Tuiscint**

Faisnéis a chur ar fáil do fhreagra Bhord Bia i leith COVID- 19, bhain an eagraíocht leas as léargais ó thrí phríomhfhoinse: margaí; earnálacha agus an Thinking House.

**2 Ullmhacht**

Rinne Bord Bia athbhreithniú agus thug a chuid pleananna cothrom le dáta chun a chinntiú go bhféadfaí acmhainní a sheachadadh go héifeachtach ar chliantchuideachtaí.

**3 Tacaíochtaí**

D'oibrigh Bord Bia lena chinntiú go raibh rochtain ar a chuid tacaíochtaí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí indéanta i gcónaí.

**4 Tacaíochtaí a sheasfaidh an aimsir**

Cruthaíodh sraith tacaíochtaí saincheaptha chun cuidiú le gnólachtaí bia agus dí na hÉireann a theacht chucu féin agus dul in iomaíocht sa domhan nua tar éis COVID- 19.

**5 Daoine**

D'fheidhmigh Bord Bia chun a chomhghleacaithe a chosaint trína réamhchúraimí go léir a ghlacadh agus obair chianda a éascú.

**6 Cumarsáid**

Tugadh sainordú don Fhoireann Cumarsáide ó thaobh a chinntiú go raibh cliaint agus custaiméirí ar an eolas maidir leis na forbairtí a bhaineann leo.

## CONCLÚID

Tá géarchéim COVID- 19 tar éis idircheangailteacht dhomhanda agus an spás leochaileach atá againn ann a chur ar na súile dúinn. Seasfaidh sé amach sna leabhair staire maidir leis an mbealach ar thiontaigh iompar sóisialta bunoscionn agus gur chuir sé scaradh sóisialta mar dhualgas orainn agus sinn ár gcosaint féin agus ár bpobail. Is féidir linn a rá go muiníneach, cé go dtiocfaidh an domhan chuige féin tar éis na paindéime seo, ní bheidh cúrsaí mar a bhí go deo arís. Cé go raibh aird an phobail tógtha suas leis an gCoróinvíreas sa bhliain 2020, níorbh é an t-aon bhagairt ná an t-aon éiginnteacht a bhí i ndán do thionscal bia agus dí na hÉireann de réir mar a loic an díospóireacht maidir leis an mBreatimeacht nó gur tháinig athrú gan choinne ar chúrsaí go minic. Mar sin féin, ní fhreagraíonn tabhairt chun críche an TCA na ceisteanna go léir. Beidh údar imní ag tionscal na hiascaireachta, go háirithe, maidir le cuótaí laghdaithe agus an tionchar a bheidh acu ar shlí mhaireachtála amach anseo. Sa bhreis air sin, tá athrú aeráide i gcónaí mar dhúshlán mór ár linne, agus cé go raibh ár n-aird in áit éigin eile go minic, ní féidir a theacht ón fhíric go bhfuil an bhliain seo ar cheann de na blianta is teo atá ar thaifead.

Is féidir linn a bheith mórtasach, i gcoinne an chúlra nach bhfuil chomh fabhrach sin, is féidir linn a bheith mórtasach go raibh feidhmíocht onnmhairithe tionscal bia agus dí na hÉireann thar barr. Dheimhnigh an tionscal, agus luach onnmhairí de €13bn á bhaint amach den dara huair riamh, go bhfuil aitheantas ag leibhéal domhanda á fháil ag clú atá ar an tionscal. Sa bhliain 2020, dheimhnigh tionscal bia agus dí na hÉireann an ról maidir le héagsúlú freisin ó thaobh riosca a bhainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar fhás de réir mar a rinne an AE27 agus margaí idirnáisiúnta cothabháil ar róil thábhachtacha san fheidhmíocht fhoriomlán. Is bliain a bhí inti nach raibh aon rogha ann ach glacadh le hathrú agus a raibh tairbhe thar na bearta a gabhail leis an mbéim as an nua ar an slabhra soláthair agus ar bhainistiú a dhéanamh ar chaidreamh. Agus aghaidh á thabhairt ag an tionscal ar dhúshláin nua sa bhliain 2021, agus ina measc sin tá castacht níos mó maidir le honnmhairí chun na Ríochta Aontaithe agus an riosca maidir le gastra-náisiúnachas san AE, is féidir linn a rá go muiníneach go mbeidh fócas leanúnach Bord Bia ar cháilíocht agus ar inbhuanaitheacht i gcroílár a chumas luach ar airgead a sheachadadh do phríomhtháirgeoirí

agus do na teaghlaigh agus do na pobail a dhéanann cothabháil ar an tionscal.

Tá údar maith ann lena bheith dóchasach go mbeidh ar chumas an tionscal leanúint ar bhóthar an fháis sna deich mbliana atá amach romhainn agus súil go mbeidh éileamh láidir domhanda ar tháirgeacht phríomha bia agus dí agus an dóchúlacht atá ann go mbeidh leathadh amach na vacsaíní mar spreagthacht d'fhás agus do théarnamh.

Mar aon le gach eagraíocht eile, chuir imthosca dúshlánacha na bliana 2020 Bord Bia faoi thástáil dhian. Agus an eagraíocht ag freagairt do na dúshláin sin, cinntíodh, trína sruthanna oibre maidir le hAthrú a Nascleanúint, sábháilteacht na foirne agus leanúnachas ó thaobh seirbhíse don tionscal. Bhí Bord Bia, tríd an Thinking House agus a líonra domhanda d'oifigí thar lear, i riocht maidir le smaointeoireacht straitéiseach agus gníomhartha chuideachtaí bia agus dí na hÉireann a éascú, faisnéis a thabhairt dóibh agus iad a chur chun cinn. Ba mhór an onóir dom freastal mar Chathaoirleach ar Bhord Bia agus ar thionscal bia agus dí na hÉireann sa bhliain thábhachtach agus spéisiúil seo. Ba phléisiúr agus ba phribhléid dom freastal i gcomhar le bord a bhí fial flaithiúil ó thaobh a gcuid tacaíochta don tionscal agus a dtiomantas lena chinntiú nár tháinig aon laghdú ar chumhacht Bord chun athrú a chur i bhfeidhm. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe agus le comhaltaí na gcúig fho-bhord, agus le foireann feidhmiúcháin Bhord Bia, faoi stiúir an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin Tara McCarthy. Le linn dúinn a bheith ag dul in oiriúint, ar feadh na bliana, d'imthosca nach raibh súil ar bith leo, thug an bealach inar thacaigh foireann Bhord Bia agus an tionscal níos leithne lena chéile ó thaobh na tíre agus na pobail a chur i gcroílár a raibh idir lámha acu, údar misnigh dom.



Bhí an bhliain seo dúshlánach do go leor daoine mar gheall ar na híobairtí ollmhóra a éilíodh orainn mar dhaoine agus mar shochaí, chomh maith le cailliúint an oiread sin dár muintir mar gheall ar an bpaindéim. Beidh daoine ann, as gach cúlra, a mhothaíonn go bhfuil éiginnteacht mhór ag baint leis an todhchaí. Níl sé ar ár gcumas a rá cén chuma a bheidh ar an todhchaí, ach is eol dúinn agus sinn ag obair in éineacht agus ag tabhairt aire dá chéile, mar is dual do mhuintir na hÉireann, go mbeidh sé ar ár gcumas tabhairt faoi dheacracht ar bith a chuirtear inár dtreo. Ó thaobh Bia de, leanfaimid lena bheith tiomanta, i ngach ní atá idir lámha againn, chun difríocht a dhéanamh dár dtionscal agus dár dtír.

Is mian liom buíochas a glacadh leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; le Martin Heydon, T.D., Aire Stáit le freagracht as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme agus Forbairt Margaí Nua, as a thacaíocht; leis an Seanadóir Pippa Hackett, an tAire le freagracht as Úsáid Talún agus Bithéagsúlacht a chuir comhpháirtíocht de réir na brí cheart ar fáil do Bhord Bia agus don tionscal ina ról faoi seach sa bhliain 2020.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-rúnaí, Brendan Gleeson, agus le gach comhalta foirne sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, as a gcomhoibriú agus a gcomhpháirtíocht. Fuaireamar tacaíocht thar a bheith luachmhar ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, mar is gnách, rud a chuir ar ár gcumas doirse ar fud an domhain a oscailt do thionscal bia agus dí na hÉireann.

Táim fíorbhuíoch freisin as an obair a rinne ár gcomh-eagraíochtaí Stáit agus leanamar leis an gcomhoibriú sin a neartú ar feadh na bliana 2020. Buíochas ó chroí le Teagasc, Bord Iascaigh Mhara, Fiontraíocht Éireann agus an OPW as a dtacaíocht agus as a dtiomantas i leith ár spriocanna comhroinnte.

Ar deireadh, gabhaim buíochas lena Shoilse, Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUigínn, as a ról mar phátrún Bloom. Cé nach ndeachaigh príomhimeacht garraíodóireachta agus gairneoireachta na hÉireann ar aghaidh mar imeacht fisiciúil sa bhliain 2020, táimid buíoch i gcónaí do thacaíocht diongbháilte an Uachtaráin as teachtaireachtaí na hinbhuanaitheachta agus pobail atá lárnach anseo agus táimid ag tnúth go mór leis an uair a bheidh Bloom faoi lán seoil arís agus go mbeimid i bhfochair an Uachtaráin de réir mar a cheadaíonn imthosca a leithéid.


Ní bheadh sé ar chumas Bord Bia dul in oiriúint agus a bheith nuálach thar ceann an tionscail a bhfuil sé ag freastal air gan na daoine gairmiúla díograiseacha a d'oibrigh ann i gcónaí, daoine a bhfuil an-spéis acu sa tionscal bia, dí agus gairneoireachta. Lig dom a rá go bhfuil fíor-mheas agam ar inoiriúnaitheacht agus ar sholúbthacht an uile dhuine d'fhoireann Bord Bia le linn na mblianta seo atá thar a bheith deacair. Tá agus beidh na daoine mar an fhoinse is luachmhaire atá ag an eagraíocht seo.

Is cúis áthais dom a thabhairt ar aird nár tháinig aon mhaolú ar cháil Bhord Bia mar chomhpháirtí a bhfuil muinín as i measc lucht tionscail agus tomhaltóirí sa bhliain 2020. Rangaigh staidéar bliantúil RepTrak® 2020 Bord Bia mar an eagraíocht is iontaofa in Éirinn.

Bhí Bord Bia tiomanta i gcónaí ó thaobh cuspóir cinnte. Agus an bhliain 2020 ag cur dúshláin agus bacainní inár mbealach a chur athrú ó bhonn ar ár modh oibre, ach táimid chomh láidir céanna ó thaobh ár gcuspóir. Is dearbhú cumhachtach atá i gceist maidir leis an fheidhmíocht onnmhairithe a bhain an tionscal amach, sé sin le rá go ndearna an tionscal a mhíle dícheall. Is maith is eol dúinn go mbeidh dúshláin nua i gceist sa bhliain atá amach romhainn ach is féidir linn a bheith muiníneach go mbeidh sé ar a gcumas tabhairt fúthu agus an ceann is fearr a fháil orthu. Táimid ag tnúth go mór le caibidil nua a scríobh maidir le téarnamh agus fás inár dtodhchaí comhroinnte agus go mbeimid in ann ceiliúradh a dhéanamh arís ar rathúlacht thionscal bia agus dí na hÉireann i gcomhluadar a chéile.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

*Is féidir faisnéis bhreise agus suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí Bord Bia a fháil ó* ***www.bordbia.ie*** *nó trína leanúint ar líne ag* ***www.facebook.com/bordbia*** *nó ar* ***Twitter@bordbia***.



# Athbhreithniú an Príomh-fheidhmeannaigh

**Ní dhéanfaimid dearmad go deo ar an mbliain 2020 agus ar an mbealach ar athraigh an domhan agus de réir mar a chuaigh an ghéarchéim sláinte domhanda i bhfeidhm orainn go léir, cuireadh idircheangailteacht agus an leochaileacht dhomhanda ar na súile dúinn. Chuir COVID- 19 an saol idirphearsanta agus an geilleagar idirnáisiúnta béal faoi agus chuir dúshláin i láthair an oird dhomhanda nach bhfacthas a leithéid ón Dara Cogadh Domhanda. Ach fós féin, is meabhrú a bhí sa cheacht seo freisin ó thaobh géarchéime agus cur isteach maidir leis an mbealach a n-oibríonn clisteacht agus inoiriúnaitheacht na ndaoine, agus ní raibh sé sin teoranta dár dtionscal féin amháin. Bhí tábhacht ar go leor leibhéil ag baint le cinneadh an Rialtais i dtús na paindéime, táirgeadh bia agus dí a ainmniú mar ghníomhaíochtaí riachtanacha agus chuir an deis ar fáil do ghnólachtaí bia agus dí díriú ar tháirgeadh leanúnach, sábháilte.**

Idir éiginnteacht mhór agus dúnadh go leor de na nithe inár ndomhan sóisialta a raibh aithne againn orthu, bhí an chinnteacht maidir le leanúnachas soláthar bia agus deoch ar an gcaighdeán is airde ríthábhachtach ó thaobh cuidiú leis an bpobal dul in oiriúint don saol nua a bhí thar a bheith deacair. Ba chomhartha a bhí ann lenar bhain tábhacht idirnáisiúnta chomh maith le tábhacht náisiúnta, in imthosca a bhí thar a bheith dúshlánach, chuaigh an tionscal in oiriúint go tapa agus go han-mhaith don soláthar domhanda a bhí ag athrú go mór. Agus é sin á dhéanamh, rinneadh cothabháil ar uimhreacha fostaíochta agus ar chruthú luach ag baile, rud a dheimhnigh arís eile, go bhfuil an earnáil bia mar bhunchloch inár ngeilleagar inbhuanaithe.

I gcomhthéacs cur isteach nár tharla a leithéid riamh cheana, chuir feidhmíocht onnmhairí bia agus dí na hÉireann dea-scéal amach freisin ó thaobh an gheilleagair, nuair nach raibh aon dea-scéal le cloisteáil go minic. Sa bhliain 2020, bhí luach de €13bn á bhaint amach ag onnmhairí iomlána bia agus dí, laghdú imeallach 2% i gcomparáid le figiúr thar na bearta na bliana 2019. Cé nach bhféadfadh gach ní a theacht slán mar gheall ar an tionchar ar an tseirbhís bhia agus fáilteachais ar bhonn domhanda, is é an t-alcól, bia mara agus bianna ullmhaithe is mó a bhí siar leis, ach bhí go leor dea-scéalta ann freisin maidir le fás onnmhairí agus d'éirigh leis na hearnálacha déiríochta, feola agus gairneoireachta feidhmíocht na bliana roimhe sin a shárú.

Chomh maith le figiúirí éachtacha ceannlíne, bhí fianaise leanúnach láidir ann ar éagsúlú trádála, le harduithe suntasacha ar luach onnmhairí chun na hÁise, na hAfraice agus an Mheánoirthir, mar ghné inmholta eile maidir le torthaí na bliana 2020. Chuir teacht chun cinn arís réasúnta tapa an phríomhgheilleagair Áiseach ón dianghlasáil agus láidreacht na nasc soláthar chun na hAfraice leis na cúrsaí seo. San iomlán, bhí 33% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann á gcur chuig margaí idirnáisiúnta sa bhliain 2020, figiúr arbh ionann é agus an méid a bhí á n-onnmhairiú chuig an margadh onnmhairithe is gaire agus is mó atá againn, an Ríocht Aontaithe. D'fhéadfaí é a thógáil mar fhianaise ar mhéid na paindéime gur cuireadh an Breatimeacht as áit mar phríomhúdar imní ar feadh na coda is mó den bhliain, ach ní raibh an dúshlán atá á chruthú mar gheall ar an Ríocht Aontaithe a bheith ag fágáil an AE i bhfad ón gcnámh riamh agus tá fáilte mhór á chur roimh an gComhaontú Trádála agus Comhoibrithe (TCA) idir an AE27 agus an Ríocht Aontaithe mar chinnteacht don todhchaí. Ag tógáil san áireamh an cúlú eacnamaíochta atá á bhrath sa Ríocht Aontaithe agus tionchar ollmhór na paindéime ar chainéal seirbhíse bia na tíre sin, ní aon ionadh go raibh titim 5% ar luach onnmhairí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí saincheisteanna den chineál céanna mar chúis le cúngú 3% ar onnmhairí chuig an AE27, a choinnigh a sheasamh, mar sin féin, mar an ceann scríbe onnmhairí is mó do bhia agus dí na hÉireann, arbh ionann é agus 34% den iomlán.



Ar ndóigh bhí níos mó ná cúrsaí éilimh i gceist leis na dúshláin a chruthaigh an phaindéim. Chomh maith le dúshláin throma sláinte agus sábháilteachta, bhí arduithe suntasacha ó thaobh iompair i ndán do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann, ar tháinig dúbailt orthu i roinnt cásanna, agus bhí rochtain laghdaithe ar na príomhbhealaí. Chruthaigh lagú an dollar agus an steirling in aghaidh an euro tuilleadh dúshláin ó thaobh iomaíochas. Cé nach raibh an oiread sin deiseanna ann do thomhaltóirí le hairgead a chaitheamh agus níos mó cúiseanna acu le hinfheistíocht a dhéanamh ó thaobh ithe sa bhaile, baineadh cothromaíocht amach mar thoradh air sin i gcoinne éiginnteacht ghéar fostaíochta agus airgeadais.

## ANAILÍSÍ EARNÁLA

Cé go raibh ualach mór ag baint le dúshláin lóistíochta agus go raibh an líne soláthair buailte ag éiginnteacht, bhí éileamh tomhaltóra ar bhia agus deoch ar ardchaighdeán agus a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe ar fud éagsúlacht margaí, seasmhach i gcónaí.

Thaispeáin tionscal atá ag éirí níos oilte ó thaobh úsáid chliste a bhaint as faisnéis faoi mhargaí agus as bainistiú a dhéanamh ar chaidreamh le custaiméirí chun sruthanna nua luacha a aithint, teacht aniar agus diongbháilteacht ó thaobh a bhealach a stiúradh go rathúil tríd an timpeallacht seo atá ag athrú.

Chruthaigh an bhliain 2020 a bheith ina bliain den scoth eile don earnáil onnmhairithe is mó in Éirinn, an déiríocht, tráth ar baineadh fás thar na bearta amach, le hardú 3% ó thaobh luacha agus b'fhiú €5.2bn onnmhairí. In ainneoin maolú a theacht ar phraghsanna tráchtearraí agus forchur taraifí ar mhargaí Stáit Aontaithe Mheiriceá, lean onnmhairí ime lena bheith buacach agus b'fhiú €961m iad sa bhliain 2020, agus tháinig ardú 12% go 290,000 tonna ar an méid ime a onnmhairíodh. D'fheidhmigh púdair chothaithe agus púdair dhéiríochta, lena n-áirítear, SMP, WMP agus cáiséin go láidir freisin. Bhí onnmhairí cáise seasmhach de chuid is mó, le hardú 1% agus fianaise láidir maidir le héagsúlú chuig margaí an AE27 agus margaí idirnáisiúnta.

Bhí fás i ndán d'earnáil na feola agus beostoic freisin agus baineadh ardú 2% go €3.4bn amach ó thaobh luacha. Tá mairteoil ar an gcatagóir onnmhairithe is mó in earnáil na feola, agus ar an iomlán agus b'fhiú €1.9bn onnmhairí, laghdú 2% is féidir a chur síos don laghdú ar éileamh sa tseirbhís bhia.  Codarsnacht a raibh fáilte roimpi a bhí i gceist leis an fhás láidir a bhain muiceoil agus caoireoil amach. Tháinig ardú 14% go €586m ar onnmhairí muiceola agus fás 12% go €357m ar onnmhairí caoireola sa bhliain 2020. Tháinig laghdú 2% ar luach éineoil in ainneoin ardú 4% ó thaobh méide de.

Bhain onnmhairí gairneoireachta buntáiste as an éileamh méadaithe 14% go €115m i gcroí-mhargadh na Ríochta Aontaithe. I gcodarsnacht leis sin, bhí laghduithe ar onnmhairí bia mara, agus bhí an tionchar ba mhó ar shliogiasc agus ar iasc geal, le titim 10%, cé gur tháinig fás ar onnmhairí peiligeacha agus bradán. Chuir an cur isteach ar an tseirbhís bhia le laghdú 4% ar onnmhairí bia ullmhaithe (PCF), agus is feoil bhreisluacha is mó a bhí thíos leis. Ina aghaidh sin, bhain táirgeoirí bia ullmhaithe agus píotsaí agus an earnáil milseogra arduithe suntasacha amach. Bí an laghdú ba mhó i ndán do tháirgeoirí alcóil, tráth ar tháinig titim 19% ar onnmhairí. Bhí an tionchar ba mhó ar tháirgeoirí uisce beatha, le titim €205m, agus tháinig titim €53m ar licéir uachtair agus titim €51m ar onnmhairí beoracha.



**Sa bhliain 2020, tháinig ardú 3% ar luach onnmhairí déiríochta, agus b'fhiú €5.2bn onnmhairí**



**Baineadh buntáiste ó thaobh figiúirí gairneoireachta as onnmhairí muisiriúin, le hardú 14% go €15m**

## FREAGRA STRAITÉISEACH

Cé nach bhféadfaí géarchéim ar scála COVID-19 a thuar, d'áitigh Bord Bia le fada an lá nár mhór cur isteach as cuimse a aithint mar riosca críochnaitheach sa phleanáil gnó.  Is Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise Bord Bia 2019-2021 a rialaigh freagra uileghabhálach na heagraíochta do dhúshláin na bliana 2020. Mar a thugann an Cathaoirleach ar aird ina ráiteas, aithnítear sa straitéis go bhfuil athrú ar go leor leibhéil dhifriúla ag múnlú todhchaí an tionscail, ó mhacrafhórsaí go comhrianta bia go treochtaí tomhaltóra. Léirítear ceithre philéar straitéiseacha sa straitéis, ina leagtar amach gníomhaíochtaí agus cláir Bhord Bia:

1. Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint
2. Léargas chun fás a chumhachtú
3. Cuir le cáil maidir le fás
4. Ceannaireacht trí dhaoine

I Márta 2020, bhí sé soiléir gur éiligh scála dúshláin COVID- 19 idirghabháil áirithe agus cuireadh an plean leanúnachais gnó Athrú a Nascleanúint i bhfeidhm, a chuir freagra ghrúpa ilréimsiúil ar fáil ar fud sé cinn de phríomhshruthanna oibre: Tuiscint, Ullmhacht, Tacaíochtaí, Tacaíochtaí a Sheasfaidh an Aimsir, Daoine agus Cumarsáid.

## PILÉAR STRAITÉISEACH 1:

# RATHÚLACHT AGUS FÁS SA MHARGADH A THIOMÁINT

Éilíonn an tosaíocht straitéiseach chun rathúlacht sa mhargadh a thiomáint, acmhainní sna réimsí léargais, ullmhaithe agus forbairt margaidh, níos mó ná riamh i gcás atá chomh héiginnte agus atá ag athrú chomh tapa sin.

Is féidir na gníomhartha agus na cláir ar tugadh fúthu faoin bpiléar straitéiseach seo a dheighilt ina gceithre fo-shruth:

- Ullmhú margaidh
- Ábhair chliaint a ghiniúint agus a thiontú
- Gníomhachtú margaidh
- Comhpháirtíocht straitéiseach

## Ullmhú margaidh

Chuidigh Bord Bia le cliaint a ullmhú le hiontráil sa mhargadh trí straitéis mhargaíochta tráchtála, forbairt cumais agus eolas faoin slabhra soláthair agus faoin margadh.

- **Seimineáir Gréasáin agus Meantóireacht Leanúnachais Gnó**

Mar fhreagra ar COVID- 19, rinneadh forbairt ar thacaíocht san fhorbairt straitéiseach dhigiteach, díolachán B2B agus margaíocht meáin shóisialta. Rinne an Fhoireann Cumais Cliant óstach ar sheimineáir gréasáin chun tacú le hullmhúcháin do dhíolachán fíorúil ar phitseanna custaiméirí agus tugadh faoi sé cinn de thionscadail díolacháin fíorúla duine le duine. Cuireadh tús leis an gclár Cúrsaí Digiteacha a Bhrostú le sé chliantchuideachta.

- **Pacáiste Tacaíochta le Freagairt do COVID- 19**

Ceadaíodh €1,980,000 ar an iomlán do 251 cuideachta tríd an bPacáiste Tacaíochta le Freagairt do COVID- 19 a seoladh an 31 Márta.

- **Plean Gníomhaíochta Breatimeachta**

D'fhoilsigh Bord Bia an fhaisnéis is deireanaí ar bhonn rialta maidir lena Phlean Gníomhaíochta Breatimeachta a chuir faisnéis phraiticiúil ar fáil do chliaint maidir leis an gcastacht mhéadaithe maidir leis trádáil leis an Ríocht Aontaithe amach anseo. Tugadh an Radar Ullmhachta cothrom le dáta chun an phaindéim chomh maidir leis an mBreatimeacht a thabhairt san áireamh sa mheasúnú riosca. Lean an Clár Ullmhachta Custaiméirí le hoiliúint fhíorúil a chur ar fáil do chuideachtaí bia agus dí.  Thug os cionn 230 cliant an clár chun críche idir na blianta 2017 agus 2020.

- **Meon Tomhaltóirí**

Cuireadh an naoú cuid de Mheon Tomhaltóirí Bhord Bia ar fáil i mí na Samhna.  Fuarthas amach ann go raibh 85% de thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe oscailte ó thaobh bia agus deoch ó Phoblacht na hÉireann a roghnú.

- **Atreorú Onnmhairí**

Chuaigh Bord Bia i gcomhpháirtíocht le Implement chun tabhairt faoi thaighde ar onnmhairí bia agus dí na Ríochta Aontaithe chun an AE27 agus chun deiseanna do tháirgí Éireannacha a aithint.

- **Clár Barainneachta don Ghairneoireacht**

Tugadh cuidiú d'aon cheann déag de chuideachtaí faoin gClár Barainneachta don Ghairneoireacht, agus tugadh cuidiú do chúig cinn de chuideachtaí breise faoi phríomhchlár Barainneachta Bord Bia.

## Ábhair chliaint a ghiniúint agus a Thiontú

Le feithiclí traidisiúnta maidir le ábhair cliaint a ghiniúint ar nós seónna trádála agus misin trádála á gcur ar athlá, rinne Bord Bia a chuid iarrachtaí a dhúbailt chun tacú le cliaint trí chruinnithe fíorúla do chustaiméirí, seimineáir gréasáin do chustaiméirí, misin fhíorúla trádála agus fáiltithe fíorúla trádála in éineacht le gníomhaíochtaí 'fíora' sa chás é sin a bheith indéanta. Rinne gníomhaíochtaí Bord Bia 1,5995 ábhar cliaint nua a ghiniúint agus eagraíodh 1,800 chruinniú le custaiméirí.

Áirítear ar shampla d'imeachtaí ábhair cliaint a ghiniúint ar tugadh fúthu ar feadh na bliana:

- D'fhiosraigh Bord Bia na hAfraice roghanna chun cáis chéadair a chur chun cinn san Éigipt agus d'oibrigh go dlúth le honnmhaireoir beostoic Éigipteach a rinne 24,00 eallach a onnmhairiú i mí Iúil.
- Thionóil Bord Bia Amstardam príomhsheimineár gréasáin le cainéal miondíola Ísiltíreach agus bhíothas ag díriú ar Albert Heijn agus ar Ollmhargadh Jumbo.
- Rinne Bord Bia Dubai óstach ar imeacht fíorúil Buail leis an gCeannaitheoir sa Mheánoirthir lena raibh baint ag seachtar ceannaitheoir ón bpríomhsheirbhís bia agus miondíola agus ag seacht gcliantchuideachta.
- Thionóil Bord Bia Londain Fháiltiú Trádála bliantúil go fíorúil don Ríocht Aontaithe, agus bhí os cionn 300 duine ag féachaint ar an imeacht beo.
- Thionóil Bord Bia Maidrid cuairt fhíorúil ar líne le beirt onnmhaireoir feola Éireannacha.
- Thionóil Bord Bia Nua-Eabhrac cur i láthair maidir le rogha de bhia ullmhaithe na hÉireann don HEB/Margadh Lárnach
- Bhí cruinniú fíorúil ag foireann sinsearach Bord Bia agus an DAFM leis an National Alcohol Beverage Control Stáit Aontaithe Mheiriceá chun aitheantas a thabhairt do thábhacht an pháirtí leasmhair seo don earnáil.
- Comhoibrigh Bord Bia Shang-hai le hAmbasáid na hÉireann sa tSín, le Consalacht na hÉireann i Shang-hai agus le Turasóireacht Éireann chun caighdeán bia agus sábháilteachta na hÉireann agus cláir Origin Green a léiriú.
- Bhí oifigigh sinsearacha i mBord Bia agus sa DAFM rannpháirteach i gcruinniú fíorúil le foireann ardbhainistíochta custaiméara atá tábhachtach do mhairteoil na hÉireann sa tSín.
- Reáchtáil Bord Bia Shang-hai promóisean maidir le Bia Mara a mhair ar feadh míosa sa Sofitel Guangzhou agus sa Hilton Guangzhou.
- Reáchtáil Bord Bia Singeapór an chéad imeacht bolscaireachta riamh maidir le bia i Vítneam.
- Tháinig comhaontú maidir le comhpháirtíocht leanúnach do dheiseanna cur chun cinn atá cómhaoinithe ag an AE as cruinniú misean trádála fíorúil le comhaltaí sinsearacha den Philippine Association of Meat Importers.
- Rinneadh Seimineár maidir le Seirbhís Bhia na hÉireann a craoladh beo ón RDS i mBaile Átha Cliath, agus ghlac 520 rannpháirtí páirt go fíorúil
- **Misean Trádála Fíorúil na hÁise Thoir Theas**

Rinne Bord Bia Singeapór 1,024 ábhar cliaint nua a scagadh ar fud na hIndinéise, na Malaeisia, na hOileáin Filipíneacha, Vítneam agus na Téalainne chun díriú ar 250 ceannaitheoir ardacmhainneachta chun freastal ar Mhisean Trádála Fíorúil na hÁise Thoir Theas i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Reáchtáladh an misean trádála fíorúil le rannpháirtíocht Airí Éireannach agus bhuail 13 cuideachta déiríochta le 50 ceannaitheoir idirnáisiúnta comhábhair.

## Gníomhachtú Margaidh

Bhain Bord Bia úsáid as a chuid saineolais agus léargas ó thaobh cliaint a cheangal le deiseanna agus ó thaobh cuidiú leo a n-acmhainn féin a úsáid ar mhaithe le margadh a fhorbairt.

Áirítear ar shampla d'imeachtaí gníomhachtaithe margaidh ar tugadh fúthu le linn na bliana:

- Rinne Bord Bia Amstardam óstach ar sheimineár gréasáin trádála do chustaiméirí atá ann cheana féin, ag díriú ar léargais ar an mBreatimeacht agus ar chúrsaí i ndiaidh COVID-19 agus seoladh Caighdeán Féar-Chothaithe.
- Bhí promóisean i siopaí, i bPointí Díolacháin (POS) agus in irisí siopaí i gceist le Feachtas Stéige an AE i gcomhar le Tegut na Gearmáine idir lámha ag Bord Bia Dusseldorf
- Bhí gníomhaíocht i 650 stór agus clúdach in Iris Edeka i gceist le promóisin Bord Bia Dusseldorf i gcomhar le Edeka agus cumarsáid le ceithre mhilliún teaghlach.
- D'fheidhmigh Bord Bia Londain feachtas fógraíochta teilifíse ceithre seachtaine ar sheónna ardphróifíle na maidine chun an Caighdeán Féar-Chothaithe a chur chun cinn.

- Mar thoradh ar phromóisin Bord Bia Milano le Esselunga tháinig ardú 240% ar dhíolacháin mairteola na hÉireann ar líne le linn an promóisin agus tá cothabháil á dhéanamh air sin ag +95%
- Reáchtáil Bord Bia Pháras promóisean sa Carrefour lena raibh 40 lá de thaispeántais siopaí i gceist leis i 20 hipearmhargadh.
- Rinne Bord Bia Shang-hai óstach ar phromóisean ilearnála miondíola agus ar sheirbhís bhia i Hong Cong.
- Reáchtáil Bord Bia Moscó agallamh ar líne le táirgeoir uisce beatha Éireannach agus le seachtar blagálaithe a mheall 11,000 amharc meáin shóisialta.

## Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Trí thuiscint níos doimhne a fhorbairt maidir le tosaíochtaí straitéiseacha custaiméirí agus onnmhaireoirí móra, cuidíonn Bord Bia le cuideachtaí chun seasamh níos fearr a thabhairt dóibh mar soláthróirí réitigh agus mar thoradh air sin, mar chomhpháirtithe soláthar

- **Cuntas Trádála a Dheighilt**

Cuireadh leathnú ar an bpróiseas deighilte sa bhliain 2020, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2019 le fócas ar chuntais óir, chun cuntais airgid agus cré-umha a thabhairt san áireamh. Ar an iomlán, aithníodh 56 cuntas óir, 64 cuntas airgid agus 110 cuntas cré-umha agus bhain cuntas amháin stádas platanam amach.

- **Tionscadail Comhoibríocha Comhpháirtíochta Straitéiseacha**

Rinneadh trí thionscadal comhoibríocha comhpháirtíochta straitéiseacha a ghníomhachtú sa bhliain 2020: dhírigh McDonald's sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ar mhairteoil agus ar dhéiríocht; Dhírigh Jumbo san Ísiltír ar mhairteoil; agus dhírigh an HEB/ Central Market i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar PCF.





## PILÉAR STRAITÉISEACH 2:

# LÉARGAS CHUN FÁS A CHUMHACHTÚ

Níor tháinig aon mhaolú ar thiomantas Bord Bia sa bhliain 2020 maidir le léargas a thiomáineann fás i sraith chuimsitheach seirbhísí a dhíríonn ar thuiscint cheart a fháil ar dheiseanna margaidh i gceartlár athruithe ollmhóra ar iompraíocht tomhaltóirí. Rinne an Thinking House, mol taighde agus nuálaíochta den scoth Bhord Bia, torthaí a sheachadadh faoi cheithre fho-shraith:

- Léargas Tomhaltóra agus Cultúir
- Treochtaí, Fadbhreathnaitheacht agus nuálaíocht
- Léargas agus faisnéis faoin margadh
- Forbairt branda

## Léargas Tomhaltóra agus Cultúr

Lean an Thinking House le léargais a sheachadadh a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse éagsúlaithe iomaíochais ag tráth fíor-chinniúnach don tionscal.

- **Tionscadail shaincheaptha maidir le nuálaíocht agus léargas cliant**

D'oibrigh an fhoireann léargais agus pleanála straitéiseach le 37 cliant ar thionscail shaincheaptha agus nuálaíochta sa bhliain 2020.

- **Rianaire Léargais maidir le siopadóir feola**

Rinneadh rianú ar iompar siopadóra i seacht gcinn de phríomh-mhargaí Eorpacha chun tuiscint a fháil ar athruithe ar thomhaltas feola.

- **Faoi réir ag Cruatan (Feeling the Pinch)**

Rinneadh fiosrú sa tuarascáil Faoi réir ag Cruatan, a foilsíodh i mí na Samhna, ar sheintimint tomhaltóirí ar bhonn domhanda mar thoradh ar COVID- 19, sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa tSín.

- **Tionscadal (Tonn) Wave: Inbhuanaitheacht sa Bhia Mara**

Rinneadh measúnú ar ról na hinbhuanaitheachta san earnáil bia mara ó thaobh tionchar ar chinntí maidir le foinsiú agus ceannach, sa staidéar comhoibritheach seo le BIM.

- **Feachtas maidir le Prátaí**

Tugadh an mheastóireacht ar chéim 1 den fheachtas maidir le prátaí trí bliana de chuid an AE chun críche i mí na Samhna.

- **Feachtas maidir le Muiceoil agus le hÉineoil**

Rinneadh meastóireacht i dtaighde ar thionchar an fheachtais trí bliana de chuid an AE maidir le muiceoil agus éineoil.

- **Stíleanna Maireachtála Aiste Bia 2020**

Rinneadh fiosrú trí thaighde ar stíleanna maireachtála agus ar dheiseanna aiste bia laistigh den mhargadh próitéine malartach.

- **Deighilt maidir le Tomhaltóirí Mairteola Gearmánacha**

Tugadh faoi staidéar taighde chainníochtúil agus cháilíochtúil chun bonn tomhaltóirí na Gearmáine do mhairteoil na hÉireann a dheighilt.

- **Rianaire maidir le Féar-Chothú**

Tugadh faoi staidéar taighde ó thaobh tosaíocht margaí chun tagarmharc a sholáthar d'fheasacht ar an gCaighdeán Féar-Chothaithe i measc tomhaltóirí.

- **Mairteoil agus Déiríocht Féar-Chothaithe – an tSín**

Tugadh faoi thaighde chun tuiscint agus tábhacht mairteola agus déiríochta i measc tomhaltóirí Síneacha agus trádáil chomh maith leis an fhreagra ar lógó Bord Bia maidir le féar-chothú a mheas.

- **Tástálacha maidir le Blaiseadh Mairteola, an tSeapáin**

Tá staidéar deighilte cainníochtúil á lorg chun tuiscint a fháil ar úsáid agus ar an dearcadh i leith mairteola sa tSeapáin.

## Treochtaí, Fadbhreathnaitheacht agus nuálaíocht

Soláthraíonn Bord Bia, tríd an gclár seo, treochtaí margaidh agus tomhaltóra a chuireann ar chumas cliantchuideachtaí glacadh le dearcadh níos fadtéarmaí agus níos straitéisí.

- **Sraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir maidir le COVID-19**

Seoladh Sraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir maidir le COVID-19 d'Éirinn, don Ríocht Aontaithe, don Ghearmáin, don Spáinn, don Fhrainc, do Stáit Aontaithe Mheiriceá, d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, don tSeapáin agus don tSín.

- **Ceardlann um Threochtaí Stíl Beatha Tomhaltóra**

Sa bhliain 2020, bhí 14 ceardlann agus cur i láthair maidir le treochtaí stíl beatha tomhaltóra ar siúil le cliantchuideachtaí.

- **Todhchaí Bia Mara**

Tugadh faoi staidéar nuálaíochta chun tuiscint a fháil ar dheiseanna don bhia mara do thodhchaí sa mhiondíol agus sa tseirbhís bhia sna deich mbliana atá amach romhainn.

- **Clár Tomhaltóra Taste n' Tell**

Cuireann an táirge cainníochtúil agus an uirlis tástála coincheapa atá dírithe ar an tomhaltóir ar chumas cliaint feidhmíocht a smaointe agus a dtáirgí a thomhas. Tugadh dhá thionscadal chun críche i mbliana.

- **BI:TES – Smaointe níos Fearr: Smaoinigh, Luacháil, Roghnaigh,**

Is ionann BI:TES agus uirlis chun coincheap a leagan amach agus a bhailíochtú a chuireann aiseolas tapa ar fáil maidir le coincheapa nuálaíochta, táirgí agus pacáistiú. Bhí deich gcinn de chliantchuideachtaí rannpháirteach sa BI:TES sa bhliain 2020.

- **Nascleantóir Ardphoitéinsil**

Lean Bord Bia ag obair i gcomhar le foirne forbartha táirge agus nuálaíocht Sainsbury cé gur cuireadh obair an NPD ar athlá go dtí an bhliain 2021.

## Léargas agus Faisnéis Margaidh

Cuireann Bord Bia na saoráidí den scoth um chuardach leabharlainne agus na seirbhísí den scoth um fhaisnéis margaidh ar fáil chun cur le heolas páirtithe leasmhara agus earnála faoi mhargaí atá curtha in ord tosaíochta.

**Seimineáir Ghréasáin agus Treoraithe Leabharlainne**

Rinne an Fhoireann Faisnéise óstach ar 12 seimineáir ghréasáin sa bhliain 2020 agus chuir naoi gcinn de threoraithe nua leabharlainne ar fáil.

**Forbairt Cumais**

Sa bhliain 2020, sholáthraigh an Fhoireann Faisnéise:

- 10 gcinn de mhodúil oiliúna 'a bheith Eolach maidir leis an mBealach is Fearr le Faisnéis Catagóireach a Úsáid'.
- 50 modúl oiliúna duine le duine 'a bheith Eolach maidir leis an mBealach is Fearr le hAthbhreithniú Faisnéise Catagóireach a Úsáid'.
- **Taighde maidir leis an Ríocht Aontaithe**

Tugadh faoi thaighde chun deiseanna a aithint do chadóg bhreisluacha na hÉireann, todhchaí do bhéilí ullmhaithe fuaraithe sa Ríocht Aontaithe agus margadh Food2Go na Ríochta Aontaithe.

- **Athbhreithniú Catagóire maidir le Bia Reoite Miondíola na hÉireann**

D'fhreastail os cionn 30 cuideachta ar sheimineár gréasáin maidir le feidhmíocht chatagóir an bhia reoite ar mhargadh na hÉireann sa bhliain 2020.

- **Léargas ar Bháicéireacht agus Sraith Seimineáir Ghréasáin**

Mheall seimineáir ghréasáin Bhord Bia do chliantchuideachtaí os cionn 200 duine.

- **Taighde maidir leis an Áise**

Aithníodh i dtaighde comhpháirtithe féideartha d'onnmhaireoirí caoireola na hÉireann agus deis do chomhábhar déiríochta i gcainéal seirbhíse bia sa tSeapáin, Vítneam agus sa Mhalaeisia. Scaipeadh tuarascáil démhíosacháin ar chliaint comhábhar dhéiríochta Bord Bia a thug léargas ar mhargaí straitéiseacha na hÁise Thoir.

- **Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta**

Tá praghsanna tráchtearraí domhanda chomh maith leis an fhaisnéis is deireanaí maidir leis an déiríocht go hidirnáisiúnta agus in Éirinn mionsonraithe i dtuarascáil mhíosúil.

- **Lámhleabhair maidir le hIontráil sa Mhargadh – Uisce Beatha**

Rinneadh lámhleabhair maidir le hiontráil sa mhargadh a fhorbairt d'onnmhaireoirí uisce beatha na hÉireann don Nigéir agus do chathair Shenzhen na Síne.

- **Mairteoil na hÉireann sa tSeirbhís Bhia**

Tugadh faoi thaighde ar na margaí seirbhíse bia sa Ghearmáin, san Ísiltír, san Iodáil agus sa Ríocht Aontaithe ar mhaithe le deiseanna breise a aimsiú do mhairteoil na hÉireann.

- **Mairteoil agus Muiceoil san Úcráin**

Dhírigh taighde ar éileamh ar allmhairithe, praghsanna, ceannaitheoirí agus ar bhealaí chun margaidh, chomh maith le straitéisí inmharthana maidir le hiontráil sa mhargadh a aithint do tháirgí na hÉireann.

## Forbairt Branda

Cuireann Bord Bia cúnamh leanúnach ar fáil ó thaobh saineolas brandála do chuideachtaí bia agus dí agus gairneoireachta.

- **Forbairt Branda Cliant Saincheaptha**

Tugadh daichead a haon tionscadal forbartha branda cliant saincheaptha chun críche sa bhliain 2020.

- **Gníomhachtú Branda**

Bhí fiche a naoi tionscadal gníomhachtaithe brandála ar siúl lena raibh baint ag feidhmíocht margaidh go gearrthéarmach agus ar chur le cothromas céim ar chéim go fadtéarmach.

- **Clár Superbrands**

Chríochnaigh ochtar cliaint tionscadail Superbrands sa bhliain 2020.

- **Tairiscint Margaíochta do Mhuiceoil agus d'Éineoil**

Thug Foireann an AE, i gcomhar le Thinking House Bord Bia aitheantas nua do mhuiceoil chun críche, agus, rinneadh forbairt, ina dhiaidh sin ar an scéal maidir leis an margaíocht.

- **Seisiún Faisnéise do Stiúrthóirí maidir le Fóram Branda**

D'fhreastail caoga a ceathair cliantchuideachta ar sheisiún faisnéise fíorúil do stiúrthóirí i mí Deireadh Fómhair.

- **Seimineár Gréasáin – Bainistíocht Géarchéime maidir le Fóram Branda**

Cuireadh foirne branda le prionsabail, treoirlínte agus prótacail phríomha ar fáil sa chás baol géarchéime a bheith ann agus bhí 66 rannpháirtí i gceist.





## PILÉAR STRAITÉISEACH 3:

# LÉARGAS CHUN FÁS A CHUMHACHTÚ

Oibríonn Bord Bia trí raon sruthanna agus cláir chun a chinntiú go bhfuil feasacht faoi láidreacht na cáile atá air agus faoina thiomantas don inbhuanaitheacht agus don cháilíocht mar bhonn taca ag deiseanna margaidh méadaitheacha na hÉireann. Sa bhliain 2020 léiríodh na gníomhartha agus na cláir sin trína fo-sruthanna seo a leanas:

- Sainrogha ar Mhargadh na hÉireann a chosaint agus a fhorbairt do Food Brand Ireland
- Sainrogha i margaí atá ann cheana féin a fhorbairt
- Feasacht i margaí nua a fhorbairt
- Treallús a chur faoi cháil chorparáideach
- Rannpháirtíocht Chomhaltaí Origin Green a mhéadú
- Treallús a chur faoi Fheabhsúcháin san Inbhuanaitheacht Bia
- A bheith mar Cheannaire Domhanda san Inbhuanaitheacht Bia agus comhoibriú a Mhéadú
- Treallús a chur faoi Shainrogha Comhaltaí Origin Green i ngach Margadh

## Sainrogha Margadh na hÉireann do Food Brand Ireland a mhéadú

Spreagadh tomhaltóirí Éireannacha trí raon feachtais margaíochta do thomhaltóirí, breithniú ardleibhéil a dhéanamh air, agus sainrogha a léiriú maidir le bia, deoch agus gairneoireacht atá dearbhaithe a bheith inbhuanaithe.

Áiríodh ar shampla de na feachtais shuntasacha sa bhliain 2020:

- Feachtas maidir leis an Marc Cáilíochta Sicín chun cur leis an minicíocht a gceannaítear filléid sicín agus sicíní iomlána le dearbhú cáilíochta Bhord Bia.
- Feachtas maidir leis an Marc Cáilíochta chun cur leis an minicíocht a gceannaíonn siopadóirí ban idir 30-60-bliana d'aois muiceoil le dearbhú cáilíochta.
- Feachtas Cáilíochta Bia Baile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhuintir na tíre maidir le smaointe ó thaobh béile atá folláin, sólásach agus spéisiúil sa bhaile agus úsáid á bhaint as feolta, éineoil agus iasc geal na hÉireann atá ar cháilíocht dhearbhaithe.
- Feachtas Garraíodóireachta chun tacú leis an earnáil taitneamhachta i gcomhthéacs COVID- 19 agus cur ar ceal Bloom.
- Feachtas Cáilíochta Uaineola chun cur leis an méid uaineola a cheannaítear ar gach turas siopadóireachta.
- Leagadh amach an Feachtas Uaineola don Eoraip atá cómhaoinithe ag an AE chun ardú ar thomhaltas uaineola a spreagadh, i measc grúpaí daoine óga ach go háirithe.
- Ceapadh an Feachtas Iasc Geal chun iasc geal a chur chun cinn ó thaobh ilúsáidteacht agus blas an éisc ghil sin a chur ar na súile do dhaoine, le go roghnófar iasc le haghaidh béilí laethúla agus deireadh seachtaine.
- Ceapadh an Feachtas Raidió maidir le Portáin na hÉireann chun Portán Dearg na hÉireann a chur chun cinn ó thaobh ilúsáidteacht, chomh maith le chomh héasca is atá sé le cócaráil, blas agus buntáistí sláinte Phortán Dearg na hÉireann.
- Ceapadh an Feachtas Marc Cáilíochta Muiceola agus Liamháis chun tomhaltóirí a spreagadh aistriú chuig muiceoil agus liamhás le Marc Cáilíochta Bord Bia a roghnú.
- Ceapadh an Feachtas Marc Cáilíochta Uibheacha chun an méid díolacháin uibheacha le Dearbhú Cáilíochta a ardú.
- Ceapadh an Feachtas Raidió - Bia Mara na hÉireann, chun raon leathan agus fáil ar bhia mara a thugann iascairí áitiúla i dtír a léiriú.

- Thug an Feachtas Marc Cáilíochta Cineálach spreagadh do shiopadóirí an Marc Cáilíocht a chuardach go gníomhach.
- Léiríodh sa taighde a rinneadh i mí Iúil 2020 maidir le Rianaire Sláinte Bhranda an Mhairc Cháilíochta go raibh an Marc Cáilíochta ar an leibhéal ab airde méadrachta fós maidir le feasacht (93%) agus claonadh chun ceannaigh (68%) faoi seach.
- **Urraíochtaí**

*Ar Thurais Bia Mara na hÉireann le Neven Maguire*

Cuireadh tús leis an dara sraith i mí Eanáir 2020 ar RTÉ 1, bhí seacht n-eipeasóid sa tsraith agus díríodh ar raon difriúil speicis atá dúchasach don tír seo.

*Cook-In le Mark Moriarty*

Spreagadh an lucht féachana sa tsraith seo ar RTE 1 ina raibh ocht gcuid chun raon táirgí Marc Cáilíochta Bord Bia a úsáid.

- **Bloom 2020**

Rinneadh cur ar ceal Bloom i mí an Mhárta a bhainistiú go cúramach, ag cloígh go dlúth le treoirlínte an Rialtais. Rinne an luath-fhógra caiteachas airgid a laghdú agus teorannú ar chaillteanas airgeadais ag páirtithe leasmhara, lucht urraíochta agus lucht taispeántais. Chuir an feachtas #BloomatHome ardán eile ar fáil do sheó fisiciúil Bloom agus treisíodh an Feachtas GroMor agus rinneadh tuilleadh forbartha ar an tsraith Gharraíodóireachta ar an Teilifís chun níos mó béime a chur ar phlandaí a fhástar in Éirinn le Dearbhú Cáilíochta Bhord Bia a thabhairt san áireamh.

- **GroMor 2020**

Cuireadh síneadh leis an bhfeachtas GroMor go deireadh mhí na Nollag chun buntáiste a bhaint as na leibhéil spéise sa gharraíodóireacht atá i bhfad níos mó agus chun tacú leis an earnáil taitneamhachta. Ag 90,000, bhí ardú 200% ar amais ar láithreán gréasáin GroMor i gcomparáid leis an mbliain 2019.

- **Tionscnaimh maidir le Cathair Ghlas.**

Bhí Éire mar chuid d'iarratas an AE 2020 chun síneadh a chur ar an bhfeachtas do Chathracha Glasa agus tá tús le cur le gníomhaíochtaí sa bhliain 2021.

- **An Clár Bia Sláintiúil Food Dudes**

Seolfar an clár leasaithe seo i mí Eanáir 2021, bhí an clár dhá shraith 10 seachtaine ar siúil go dtí mí an Mheithimh 2021.

- **Clár Scoileanna Incredible Edible**

Cuireadh tús le dúshlán fáis Incredible Edibles i mí Deireadh Fómhair 2020. Baineadh amach an sprioc thosaigh de 1,200 scoil laistigh de 36 uaire an chloig.

- **Healthy Heroes**

Is ionann Healthy Heroes agus tionscnamh bunscoile ón Irish Bread Bakers Association agus atá urraithe ag Bord Bia. Táthar chun an clár a athsheoladh sna scoileanna i mí Eanáir 2021.

- **Feachtas Muiceola agus Éineola an AE**

Chuaigh feachtas 'Sármhaitheasa i nDearbhú Cáilíochta agus Sábháilteachta Bia' a dhíríonn ar mhargaí na Síne agus Mheicsiceo amach beo i mí an Mheithimh 2020. Déanann an feachtas nua seo comhlánú ar an bhfeachtas €3.95m atá cómhaoinithe ag an AE do Mhuiceoil agus do Mhairteoil (2019-2021) a dhírítear ar an gCóiré Theas, ar Vítneam agus ar na hOileáin Fhilipíneacha.

- **Feachtais Muisiriúin agus Tionscal agus Trádála an AE**

Dhírigh feachtas muisiriúin an AE ar an Ríocht Aontaithe agus ar an margadh baile agus sroicheadh os cionn 6.2 milliún duine le 1.5 milliún teagmháil agus 962,000 amharc ar fhíseáin.

- **Feachtas Promóisin Prátaí an AE**

Is ionann feachtas prátaí an AE agus tionscnamh Il-tíre leis an Bheilg agus an Fhrainc. Tá láithreán gréasáin (potato.ie) mar bhonn taca leis an bhfeachtas agus díríonn an croí-ábhar ar oidis nua do phrátaí.

- **Promóisean maidir leis na glasraí/torthaí is Fearr sa Séasúr**

Chuir an feachtas cumarsáide maidir leis na Torthaí/Glasraí is Fearr sa Séasúr le feasacht ar shéasúracht agus na buntáistí a ghabhann le torthaí agus glasraí Éireannacha a ithe. Aimsíodh 3.1m ar fud na meáin chraolta, clóite agus ar líne.

- **Feachtas maidir le Teacht Aniar agus Folláine an Rialtais**

Léirítear i bPlean an Rialtais maidir le Maireachtáil le COVID-19 – Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021, an ról tábhachtach a imríonn teacht aniar daoine aonair agus an phobail ó thaobh cur leis an fhreagra leanúnach ar an bpaindéim. Chun tacú leis sin, cuireann ardáin meáin shóisialta Bord Bia raon oideas chothaitheacha atá éasca le



hullmhú agus séasúrach chun cinn agus cuireann ar taispeáint iad.

- **Feachtas Náisiúnta maidir leis an Séasúr Sútha Talún**

Reáchtáladh 'Celebrate Strawberry Season' ó mhí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair. San áireamh san fheachtas bhí, gníomhaíocht dhigiteach / tionchaire, comhoibriú maidir le hoidis, fógraíocht clóite agus gníomhaíocht maidir le próifíl saothróirí.

- **Na Gradaim Náisiúnta Orgánacha**

Chuir os cionn 100 duine isteach ar na Gradaim Náisiúnta Orgánacha agus fógraíodh na buaiteoirí ar fud seacht gcatagóir ar Twitter, lena n-áirítear, teachtaireacht comhghairdis ón Aire Stáit, Pippa Hackett.

## Sainrogha a threorú i margaí seanbhunaithe do Food Brand Ireland

Tagraítear i dtaighde Food Brand Ireland do leibhéal feasachta sláinte measartha maidir le bia agus deoch as Éirinn agus fonn maidir le bia agus deoch na hÉireann a thriail.  Chomh maith leis sin, téann inbhuanaitheacht bia síos go maith le tomhaltóirí bia agus deoch na hÉireann i margaí seanbhunaithe.

- **Seoladh an Caighdeán um Mhairteoil Féar-Chothaithe**

Cuireadh tús le seoladh Caighdeán um Mhairteoil Féar-Chothaithe Bord Bia, ina léirítear cumas na hÉireann cruthúnas a sholáthar maidir leis an éileamh ó thaobh féar-chothú, sa Ghearmáin agus san Iodáil, le feachtas margaíochta agus Caidreamh Poiblí B2B comhtháite i mí Deireadh Fómhair. Leanadh leis an fheachtas san Ísiltír i mí na Samhna.

- **Seoladh an Chaighdeáin Féar-Chothaithe don Déiríocht**

Rinneadh forbairt ar fheachtas margaíochta agus Caidreamh Poiblí B2B comhtháite freisin chun an Caighdeán Féar-Chothaithe don Déiríocht a sheoladh sna Stáit Aontaithe, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe.

- **Feachtais B2C i Margaí Seanbhunaithe: Déiríocht**

Seoladh feachtais B2B déiríochta sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa Ghearmáin idir míonna na Bealtaine agus an Mheithimh chun treallús a chur faoi shainrogha do dhéiríocht na hÉireann i measc ceannaitheoirí miondíola, seirbhíse bia agus comhábhair déiríochta spriocdhírithe.

- **Feachtais B2C i Margaí Seanbhunaithe: Bia Mara**

Díríodh feachtais B2C sa Fhrainc agus sa Ghearmáin ar thuilleadh faisnéise maidir le USPanna Bia Mara na hÉireann a thabhairt do thomhaltóir.

- **Aontaí Trádála**

Ar an iomlán níor reáchtáladh go fisiciúil ach ocht gcinn as na 30 aonach trádála a bhí beartaithe ag Bord Bia sa bhliain 2020. Áiríodh sa rannpháirtíocht in aontaí trádála fíorúla, Bar Convent, Berlin 2020, agus bhí 13 cuideachta deochanna rannpháirteach, agus PLMA Amstardam, áit a raibh 10 gcuideachta rannpháirteach.

## Cur le Feasacht i Margaí Nua

Tagraítear i dtaighde Food Brand Ireland d'fheasacht agus do thuiscint teoranta ar Éirinn mar fhoinse bia ag deoch i margaí nua. Sa bhliain 2020, lean Bord Bia ag cur treallús faoi fheasacht a bhunú faoi shainiúlacht bhia agus dí na hÉireann, i gcomparáid le táirgí atá i gcomórtas leo, i margaí nua.

- **Feachtas Muiceola agus Éineola an AE: Seimineár Trádála i Guangzhou**

Reáchtáladh seimineár trádála lena raibh baint ag 40 trádálaí, miondíoltóir agus lucht gairme na seirbhíse bia in Guangzhou i mí na Nollag.

- **Feachtas Margaíochta B2B na Síne**

Tugadh faoi seo agus é mar chuspóir treallús a chur faoi thuiscint ó thaobh na hÉireann mar fhoinse bia agus dí ar ardchaighdeán.

- **Feachtas Feasachta B2B: Bia Mara -an tSeapáin**

Díríodh ar lucht féachana B2B chun treallús a chur faoi fheasacht agus faoi thuiscint ar Éirinn mar fhoinse bia mara den scoth.

- **Misean Trádála na hAilgéire agus na hÉigipte**

Bhí 150 imeacht agus cruinniú ar siúl le príomhcheannaitheoirí bia ón Ailgéir agus ón Éigipt, agus rannpháirtíocht le os cionn 17 milliún léitheoir sa dá thír.

- **Aontaí Saoire**

Sa bhliain 2020, ní raibh ach chúig cinn d'aontaí saoire ar siúl go fisiciúil i margaí nua. Bhí ceithre chuideachta Éireannacha rannpháirteach ag SIAL sa tSín agus i Shang-hai agus bhí 10 gcuideachta Éireannacha rannpháirteach i Seafood Expo Reconnect fíorúil i Singeapór. Rinne Bord Bia óstach ar sheastán faisnéise ag an Japan International Seafood.

## Ag cur Treallús faoi Cháil Chorparáideach

Ní mór branda corparáideach Bhord Bia, agus feasacht faoi phríomhchláir amhail Origin Green, a atreisiú go leanúnach agus go soiléir chun luach páirtithe leasmhara ag baile agus thar lear a uasmhéadú.



- **Freagra Bhord Bia i leith COVID- 19**

D'oibrigh an Fhoireann Chumarsáide go dlúth le hAthrú a Nascleanúint ar fud grúpa ilréimsiúil chun a chinntiú go raibh faisnéis ar fáil do thionscal bia agus dí na hÉireann agus chun rannpháirtíocht a spreagadh ó thaobh na dtacaíochtaí go léir a bhí ar fáil ó Bhord Bia.

- **Podchraoltaí**

Eisíodh 67 podchraoladh ar an iomlán maidir le Feasachán Bhord Bia. Bhí 134,650 imprisean i gceist agus iad curtha i dtoll a chéile agus 8,120 amharc. Ar an iomlán, d'fhéach 67% den lucht féachana ar an fhíseán suas go dtí an deireadh.

- **Freagra Straitéiseach i leith Bainistiú Géarchéime sa tSín**

Comhaontaíodh prótacal maidir le bainistiú géarchéime i gcomhráite idir an DAFM /FSAI / DFA/ Bord Bia, rinne teimpléad a thairiscint do mhargaí idirnáisiúnta eile.

- **Bloom sa Bhaile**

Rinne Comhpháirtíocht Dhigiteach RTÉ ábhar a shruthú ar Bloom Bhord Bia ag giniúint 72 milliún imprisean. Chruthaigh an feachtas PR os cionn 60 tuairisc agus sroicheadh 9.2 milliún duine agus b'ionann AVE agus €281,950.Farmer

- **Cumarsáid le Feirmeoirí**

Áiríodh ar shraith chuimsitheach cumarsáide a bhí dírithe ar fheirmeoirí: sraith ráithiúil de nuachtlitreacha d'fheirmeoirí; SMSanna míosúla; agus comhpháirtíochtaí leis an




Irish Farmers Journal agus Agri Land. Chuidigh Tuarascálacha maidir le hAiseolas Feirmeora ó thaobh faisnéis a sholáthar d'fheirmeoirí conas éifeachtúlacht ó thaobh carbóin a fheabhsú ar a gcuid feirmeacha.

## Comhaltas Origin Green a Neartú/Treallús a chur faoi Fheabhsúcháin Inbhuanaitheachta

Thug Bord Bia léiriú maidir le buntáistí inláimhsithe agus bhuntáistí doláimhsithe Origin Green do chomhaltaí, saoránaigh agus do cheannairí gnó agus comhoibriú feabhsaithe le heagraíochtaí comhtheagmhálacha. Lean Bord Bia ag cur le cumas Origin Green chun torthaí infhíoraithe a sheachadadh agus leathnú isteach chuig réimsí ar a ndíríonn an AE, ar nós astaíochtaí, uisce, dramhaíl agus níotráití.

- **Clár Origin Green**

Áiríodh ar uimhreacha rannpháirtíochta Origin Green ag leibhéal déantúsaíochta, miondíola agus seirbhíse bia ag deireadh na bliana:

- Comhaltaí Gníomhacha: 567
- Comhaltaí Deimhnithe: 324
- Comhaltaí Óir: 25

- **Iniúchóireachtaí Iomlána**

Bhí líon na n-iniúchóireachtaí a tugadh chun críche sa bhliain 2020 mar a leanas (tá líon na n-iniúchóireachtaí cianda i lúibíní):

- Próiseálaithe Feola: 136 (102)
- Ionaid Phacála Uibheacha: 11 (7)
- Feirmeacha Mairteola agus Uaineola: 35,258 (26,385)
- Feirmeacha Déiríochta: 10,248 (7,401)
- Táirgeadh uibheacha/tithe tógála uibheacha: 222 (190)
- Feirmeacha muc: 308 (239)
- Tithe do tháirgeadh éineoil: 679 (609)
- Gorlanna: 3 (2)
- Mairteoil Féar-Chothaithe: 7 (7)
- Déiríocht Féar-Chothaithe: 1 (1)
- Táirgeoirí Gairneoireachta: 271 (199)

Ar an iomlán, is go cianda a tugadh faoi 77% d'iniúchóireachtaí Bord Bia sa bhliain 2020. Léirigh suirbhéanna cliant go bhfuil fonn ar fhormhór na gcomhaltaí leanúint le cur chuige iniúchóireachta chumaisc amach anseo.

- **Figiúirí Iomlána Comhaltais**

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí comhaltas Origin Green mar a leanas:

- Táirgeoirí SBLAS 54,643
- Táirgeoirí Mairteola 52,403
- Táirgeoirí Mairteola Amháin 42,351
- Táirgeoirí Uaineola 12,291
- Táirgeoirí Uaineola Amháin 2,239
- Táirgeoirí SDAS (Déiríochta) 16,116
- Táirgeoirí PQAS (Muca) 415
- Táirgeoirí PpQAS (Éanlaith) 453
- Tithe Táirgthe PpQAS 959
- Táirgeoirí SEAS (Uibheacha) 189
- Tithe Táirgthe SEAS Uibheacha 309
- Táirgeoirí SEAS (Tógála) 51
- Tithe Tógálaithe SEAS 111
- Ionad Pacála Uibheacha SEAS 17
- Déantóirí Bia Ainmhithe 13
- Soláthróirí Bia Eile 15
- Scéim Comhionainn FQAS 57
- Deimhnithe FQAS 84
- Líon Iomlán Deimhnithe Gairneoireachta 346
- Táirgeoirí Gairneoireachta, gach Caighdeán 296
- SHAS M1/M2 (Saothróirí/ Réamhphacálaithe) 265
- Taitneamhacht HQAS 20
- Saothróirí Taitneamhachta SHAS 3
- Ionad Pacála Taitneamhachta 2
- Glasraí agus Torthaí Ullmhaithe 6
- Cásáil Muisiriúin HQAS 3
- GlobalG.A.P 47
- Próiseálaithe Feola 90

- Comhaltacht Chomhairleach 8
- Gorlanna SPPAS
- Próiseála Mairteola Féar-Chothaithe 7
- Próiseála Déiríochta Féar-Chothaithe 3

**Comhaltacht Chomhairleach (MPQAS)**

Tá ocht gComhalta Comhairleacha ceadaithe ann i láthair na huaire:

- An Ríocht Aontaithe 3
- An tSualainn 1
- An Fhrainc 2
- An Spáinn 1
- An Ísiltír 1
- **An Scéim um Dhearbhú do Mhuc**

Le linn na bliana 2020, bunaíodh go hiomlán an deasc chabhrach iniúchóireachta do rannpháirtithe na Scéime Muc, seoladh an leathanach tairsí ar líne do chomhaltaí agus leathnaíodh painéal na n-iniúchóirí ó thriúr go cúigear.

**Lorg Carbóin**

Beidh samhail de Lorg Carbóin Déiríochta atá cothrom le dáta atá á sholáthar ag Teagasc, san áireamh sa mheasúnú ICBF nua maidir le lorg carbóin.

Líon Measúnuithe maidir le Lorg Carbóin Mairteola a tugadh chun críche: 228,420

Líon Measúnuithe maidir le Lorg Carbóin Déiríochta a tugadh chun críche: 55,566

**Q Úsáid an Mhairc Cáilíochta**

Faoi dheireadh na bliana 2020, ceadaíodh 1,695 iarratas ó 109 cuideachta aonair lena n-úsáid do leagan amach éagsúil an Mhairc Cháilíocht.

## Ceannaire Domhanda in Inbhuanaitheacht Bia agus i gCur le Comhoibriú

Cuireann Origin Green deis uathúil ar fáil chun seasamh a thabhairt d'Éirinn mar cheannaire san inbhuanaitheacht

- **Cruinniú Mullaigh Domhanda um Inbhuanaitheacht Bhord Bia**

Cuireadh an Cruinniú Mullaigh Domhanda um Inbhuanaitheacht ar ceal sa bhliain 2020 agus tá Cruinniú Mullaigh Domhanda um Inbhuanaitheacht beartaithe nuair a cheadóidh srianta agus coinníollacha a leithéid.

## Treallús a chur faoi shainrogha sna Príomhmhargaí go léir do Chomhaltaí Origin Green

Tá Bord Bia ag cur cás an-láidir le chéile agus úsáid á bhaint as léargais earnála agus trádála maidir leis an gcúis go gcuidíonn Origin Green le comhpháirtithe B2B na hÉireann lena ngnó a fhás.

- **Caighdeán Féar-Chothaithe**

Bhí Bord Bia rannpháirteach le próiseálaithe a raibh suim ach deimhniú sa Chaighdeán Féar-Chothaithe a bhaint amach. Fuarthas agus próiseála seacht gcinn déag d'iarratais do chomhaltas sa Chaighdeán Féar-Chothaithe.



## PILÉAR STRAITÉISEACH 4:

# CEANNAIREACHT TRÍ DHAOINE

Tá rathúlacht thionscal bia agus dí agus gairneoireachta na hÉireann ag brath ar scileanna dúchasacha, ar spreagadh agus ar rannpháirtíocht na ndaoine.  Tá Bord Bia tiomanta do thacaíochtaí a thugann an deis do dhaoine a bheith ar an lucht gairme is fearr is féidir leo a bheith go hinmheánach agus go seachtrach.

Léirítear an tiomantas seo trína fo-shruthanna seo a leanas:

- Cláir Fiontraíochta
- Daoine Seachtracha – Cláir Acadamh Tallainne
- Daoine Seachtracha – Meastóireacht ar Mhargaíocht agus Cumas
- Daoine Inmheánacha – Cáil agus Próifíl Bhord Bia
- Daoine Inmheánacha – Tiomanta d'Fhorbairt Cumais
- Daoine Inmheánacha – An Scoth i mBainistiú Daoine



## Cláir Fiontraíochta

Sa bhliain 2020, leanadh le príomhchláir fhiontraíochta ar nós Food Works agus Food Academy agus cuireadh in oiriúint iad do thimpeallacht a bhí athraithe.

- **Food Works**

Bhí 10 gcuideachta rannpháirteach i Food Works 2020, atá á reáchtáil i gcomhar le Teagasc agus Fiontraíocht Éireann, agus rinne siad cur i láthair do phainéal infheisteoirí agus saineolaithe tionscal i mí na Samhna.

- **Food Academy**

Cuirtear Food Academy i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis na LEOanna agus le SuperValu, roghnaíodh 48 cuideachta le páirt a ghlacadh i gclár 2020/2021. Déanfar an cur i láthair deiridh do SuperValu i dtús na bliana 2021.

## Daoine Seachtracha – Cláir Acadamh Tallainne

Tá Cláir Acadamh Tallainne Bord Bia leagtha amach chun dul i ngleic le bearnaí scileanna sainaitheanta agus foinse tallainne don todhchaí a chur ar fáil don tionscal.

- **Comhaltacht Margaíochta**

Cuireadh an Clár Comhaltacht Margaíochta in oiriúint do shrianta COVID- 19 agus thug na Comhaltaí a gcuid tascanna tráchtála chun críche ar mhargaí, lena n-áirítear, UAE, an Ghearmáin, Vítneam, an Ríocht Aontaithe, SAM, an Chóiré, an tSín, Singeapór, Stócólm agus an tSeapáin. Rinne siad 58 tasc tráchtála a chur i láthair 34 cliantchuideachta i mí na Nollag 2020.

- **Clár Ambasadóir Origin Green**

Chuir deichniúr Ambasadóir Origin Green tús leis an dara socrúchán de thrí shocrúchán i mí Iúil agus críochnaíodh roinnt de na socrúcháin go cianda. Cuirfear tús leis an tríú socrúchán i mí Eanáir 2021.

- **Clár Slabhra Soláthair agus Soláthar**

Bhí socrúcháin a mhair ar feadh 15 mí á dtreorú ag Straitéis Dhomhanda um Bhainistíocht Caidrimh Bhord Bhia. D'oibrigh formhór Ambasadóirí Slabhra Soláthair agus Soláthar go cianda ar a gcuntais socrúcháin.

- **An Clár Léargais agus Nuálaíochta**

Cuireadh tús leis an dara Clár Léargais agus Nuálaíochta i dtús mhí Deireadh Fómhair. Roghnaíodh cúig fheidhmeannach déag chun tabhairt faoi shocrúchán le 15 cuideachta bia, dí agus gairneoireachta agus go gcuirfear tús leis go luath sa bhliain 2021.

- **Clár Céimí Idirnáisiúnta**

Bhí 30 céimí rannpháirteach i gclár MSc a mhair ar feadh 23 mí i gceist leis an gClár Céimí Idirnáisiúnta a tháinig in áit an Chláir (EOP) a bhí Dírithe ar Onnmhairiú.

## Daoine Seachtracha – Meastóireacht ar Mhargaíocht agus Cumas

Tá forbairt modhanna chun rathúlacht cláir a mheas agus a thomhas trí aiseolas éifeachtach mar phríomhghné de chlár tallainne Bhord Bia.

- **Cáil agus Próifíl**

Díríodh earcaíocht do na cláir maidir le hAcadamh Tallainne na bliana 2021 ar fheachtais na meán digiteach, imeachtaí ar champais ollscoile agus caidreamh poiblí a bhí leagtha amach chun an tallann is fearr is féidir a aimsiú.

## Daoine Seachtracha – Bainistiú Feidhmíochta agus Scoth na nDaoine

Cuimsíonn an Fhoireann maidir le Ceannaireacht Shinsearach (SLT) agus na Cláir um Fhorbairt Bainisteoireachta prionsabail croíláir uilechuimsitheacht, bainistiú daoine agus cuntasacht, le béim ar thallann a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

- **Forbairt Bainisteoireachta**

Cuireadh tacaíochtaí ar fáil trí cheardlanna ar líne do bhainisteoirí daoine chun cuidiú leo díriú ar agus comhghleacaithe a spreagadh ó thaobh oibriú ón mbaile.

## Daoine Seachtracha – Cáil agus Próifíl Bord Bia

Cuirtear luachanna athnuaite Bhord Bia chun cinn, sé sin chur le cáil Bhord Bia agus é a bheith ina 'Rogha Fostóra' chun daoine éirimiúla a mhealladh, daoine ar mian leo an tionscal agus a ngairmeacha laistigh de Bhord Bia a fhás.

- **Earcaíocht agus Cáil**

Leanann cáil agus cuspóir Bord Bia de bheith mar bhuntáiste sainiúil ó thaobh tallann a mhealladh agus a choinneáil le haitheantas Reptrak 2020 ag baint leas as cumarsáid earcaíochta.

## Daoine Seachtracha – Tiomantas d'Fhorbairt Cumais

Tá Creat Inniúlachta Bord Bia ailínithe go dlúth le straitéis agus le luachanna na heagraíochta agus díríonn ar scileanna iompair, dearcadh agus saintréithe. Chomhlánaigh os cionn 110 comhghleacaí an Clár um Smaointeoireacht Léargasach Bhord Bia agus fuair siad creidiúnú ó Institiúid Margaíochta na hÉireann.

## Daoine Seachtracha – An Scoth i mBainistiú Daoine

Is príomh-thosaíocht don eagraíocht é cumas um bainistiú daoine a chothú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí. Chomhlánaigh gach bainisteoir daoine 360 suirbhé aiseolais chun faisnéis a chur ar fáil don Phlean maidir le Forás Pearsanta don bhliain 2021.



## CONCLÚID

Bhí an tionchar a bhí ag COVID- 19 ar thionscal bia agus dí na hÉireann domhain agus bunathraitheach. Earnáil a bhí i gceist anseo lenar bhain tábhacht lárnach ó thaobh geilleagar na hÉireann agus ó thaobh sláinte agus folláine an phobail agus áit a raibh leanúnachas gnó riachtanach. Mar gheall ar dhúshlán na paindéime bhí saincheisteanna iartheachtacha i gceist don tionscal, ina measc, ardú suntasach ar chostais iompar agus beagnach ciorrú iomlán ar an gcainéal seirbhíse bia sna príomh-mhargaí. Taobh le taobh leis sin, bhí an Breatimeacht, luaineacht airgeadais, forchur taraifí agus athrú aeráide agus iad go léir ina saincheisteanna a éileoidh fócas, díograis agus réiteach leanúnach. Éilíodh go leor orainn, i mbeagán focal, i mbliana agus creidim go ndeimhníonn na figiúirí príomha freagra neamhghnách an tionscail. Cé nach bhféadfaí gach dúshlán trádála a shárú sa ghearrthéarma, bhí ról ríthábhachtach ag tiomantas láidir don éagsúlacht agus do bhainistiú a dhéanamh ar chaidreamh custaiméirí ó thaobh deis a thabhairt d'onnmhaireoirí na hÉireann bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an gcur isteach ó COVID- 19.

Bhí teachtaireacht cáilíochta agus inbhuanaitheachta an tionscail le linn a bheith in iomaíocht i margaí a bhí ann cheana féin nó ar thóir margaí nua ag fáil níos comhaontaithe agus níos glóraí. Ar feadh na bliana 2020, d'oibrigh Bord Bia go dícheallach le comhpháirtithe cliaint chun dul in oiriúint d'imthosca na paindéime a bhí ag athrú agus chun a chinntiú go raibh gach a raibh á chur ar fáil ag bia, dí agus gairneoireacht den scoth na hÉireann á chur in iúl go láidir agus go seasmhach. Trína sruthanna oibre maidir le hAthrú a Nascleanúint, thug Bord Bia faoi athbhreithniú ilréimsiúil ar a chuid cláir agus a chuid gníomhaíochtaí go léir, le seachadadh leanúnach ár gcuspóir agus luach faoina príomhphiléir maidir leis an straitéis, Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, a chinntiú. Bhí bogadh i dtreo ardáin fhíorúla i gceist le dul in oiriúint don saol oibre nua, i go leor cásanna, áit ar lean ranna agus foirne Bhord Bia leis an déine agus leis an mbarr feabhais céanna a thabhairt chun ábhair chliaint a ghiniúint, ag cur le agus ag déanamh cothabhála ar chaidreamh trádála agus ag glacadh le cur chuige faoi threallús faisnéise chun deis a aithint.

Éilíonn athrú solúbthacht ach is féidir caidrimh níos láidre a chruthú ar deireadh thiar. Bhí fianaise láidir ann maidir le braistint comhpháirtíochta leis an tionscal de réir mar a lean Bord Bia lena chuid oibre le Dearbhú Cáilíochta agus le Origin Green; gur tugadh faoi léargas nuálacha agus taighde margaidh; agus gur threisigh Bord Bia a chuid oibre i ngníomhachtú margaidh agus i dtosaíocht margaidh.

Cé nach féidir a rá ach gur údar díomá atá ann gur cuireadh imeachtaí ar nós Bloom ar ceal, chinntíodh leis an gcumas a bhí ag Bord Bia smacht a ghlacadh ar chúrsaí chomh tapa nár cailleadh acmhainní luachmhara agus go ndearnadh cothabháil ar dhea-thoil i measc na bpáirtithe

leasmhara go léir agus iad ag súil leis an tráth a mbeidh cúrsaí ina gceart arís. Rinneadh cothabháil ar mhóiminteam freisin de réir mar a chuir Bord Bia obair mhargaíochta agus promóisin in oiriúint don mhargadh baile, agus tabharfaidh tionscnaimh ar nós seoladh an Chaighdeáin Féar-Chothaithe sa mhairteoil agus sa déiríocht an deis dúinn tógáil ar an seasamh nirt atá againn sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe.

Lean ár dtiomantas do mhisin trádála, cibé fíorúil nó 'dáiríre', ullmhú i gcomhar éagsúlú agus leathnú isteach i margaí nua idirnáisiúnta, agus thug na foirne atá againn thar lear smaointeoireacht úr agus nuálaíocht chuig forbairt margaidh, ag baint sármhaitheas amach go minic. Le linn bliana lenar bhain go leor cur isteach, bhí Bord Bia bródúil ó thaobh leanúnachas cuspóra agus a chumas seachadadh a dhéanamh thar ceann an tionscal a thaispeáint. Leanfaimid orainn ag foghlaim, ag dul in oiriúint agus ag feidhmiú le tiomantas do bharr feabhais le linn dúinn a bheith ag tógáil na chéad chéimeanna eile chun tosaigh.

Is mian liom, mar fhocal scoir, mo bhuíochas a chur in iúl do Chathaoirleach Bhord Bia, Dan MacSweeney, leis an gcion ollmhór a chur sé le Bord Bia ar feadh na bliana 2020. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le comhaltaí uile an Bhoird agus na gcúig fho-Bhoird, a bhí chomh diongbháilte céanna ina dtiomantas, sé sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá i ndán don tionscal agus obair Bhord Bia a ailíniú le réaltacht nua na paindéime. Bhí a gcion thar a bheith luachmhar agus sinn ag glacadh céimeanna chun beartais freagartha COVID-19 a chur i láthair i Márta na bliana 2020 chun a chinntiú go bhféadfadh an straitéis Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú leanúint ar aghaidh ag seachadadh don tionscal.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D.; Martin Heydon, Aire Stáit le freagracht as Taighde agus Forbairt, Sábháilteacht Feirme agus Forbairt Margaí Nua; agus leis an Seanadóir Pippa Hackett, an tAire le freagracht as Úsáid Talún agus Bithéagsúlacht as an gcion den scoth a chuir siad le cúrsaí le linn na bliana ba dhúshlánaí riamh. Ba phribhléid a bhí ann a bheith ag obair in éineacht leo agus bealaí nua agus nuálacha a aimsiú chun tacú le tionscal bia agus dí na hÉireann le linn na bliana. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Ard-Rúnaí, Brendan Gleeson, agus lena fhoireann sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara as an gcúnamh ollmhór a thug siad le linn 2020.

Ar nós go leor eagraíochtaí eile, d'fhoghlaim Bord Bia go leor maidir le tiomantas agus dlúthpháirtíocht a chuid foirne agus an víreas ag cur athrú ar bhealaí traidisiúnta oibre. A bhuíochas don infheistíocht in IT, bhí an t-athrú ollmhór seo indéanta beagnach thar oíche. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le mo chomhghleacaithe go léir i mBord Bia a léirigh tiomantas, fís agus ceannaireacht agus sinn ag dul in oiriúint don réaltacht nua agus gur leanamar ar aghaidh le barr feabhais a sheachadadh don tionscal. Bhí fócas agus tiomantas riachtanach ó thaobh bogadh go cianobair agus chuir béim as an nua ar an mbealach a ndéanaimid cumarsáid agus a dtugaimid tacaíocht dá chéile. Bhí cruinnithe fíorúla á dtionóil againn a bhí á n-eagrú i spásanna oibre faoi dheifir go minic, agus fuaireamar amach go raibh acmhainn grinn ríthábhachtach agus duine den teaghlach nó duine a bhí ag roinnt árasáin linn nó peata ag cur isteach orainn le linn cruinnithe fíorúla. Tríd an méid sin ar fad, rinneamar cothabháil ar ár gcumas ó thaobh athrú fiúntach a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara.

Tá Bord Bia mórtasach as a thiomantas leanúnach i leith barr feabhais le linn bliana a bhí thar a bheith neamhghnách. Le linn tréimhse éiginnte, tá Éire seasmhach i gcónaí mar fhoinse inbhuanaithe bia agus dí ag a bhfuil dearbhú cáilíochta agus dheimhnigh an tionscal a lorg carbóin domhanda agus áit lárnach i dtodhchaí ár dtíre. Cé go bhfuil go leor dúshláin romhainn, tá na hionchais ó thaobh téarnamh agus fás dearfach. Tá Bord Bia ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh ag obair le tionscal bia agus dí na hÉireann agus lena chuid custaiméirí. Rachaimid i ngleic le héiginnteacht amach anseo le dóchas agus muinín ag súil le todhchaí níos fearr dár dtionscal agus laethanta níos gile dár muintir sna blianta atá romhainn.

**Tara McCarthy,**
Príomhfheidhmeannach

*Athbhreithniú Earnála:*

# Feoil agus Beostoc



## MAIRTEOIL

Bhí dúshlán margaidh nach bhfacthas a leithéid riamh i ndán d'onnmhairí mairteola na hÉireann sa bhliain 2020 a d'eascair as COVID-19. Chuir cúrsaí a bheith ina gcíor thuathail ar fud gach margadh geografach agus cainéil mhargaidh athrú suntasach ar an éileamh ar mhairteoil i dtéarmaí cothromaíochta conablaigh agus sonraíocht mairteola. Measann an GIRA go bhfuil cúngú 35% tagtha ar chainéal seirbhíse bia na hEorpa, a dhéanann cothromaíocht ar éileamh ó mhiondíol atá ina asraon tábhachtach do stéigeacha, go háirithe, arbh ionann é agus suas le 60% d'onnmhairí iomlán stéig. Cé go bhfuil fás os cionn 10% tagtha ar mhiondíolachán ó thaobh éileamh miondíola ar fud na hEorpa, tá líon saincheisteanna cruthaithe aige freisin ó thaobh margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar mhairteoil na hÉireann. Tá fócas méadaithe ó thaobh tacú le táirgeadh baile le brath ar go leor de mhargaí na hEorpa, tá laghdú mór déanta ar phromóisean miondíola agus tá liostú nua curtha siar i go leor cásanna.

Le linn na bliana 2020, tháinig ardú de thart ar 46,800, nó 2.7% ar sholáthairtí eallach críochnaithe i monarchana feola onnmhairithe a d'fhág gur 1.78 milliún ceann a bhí sa tréchur bliantúil iomlán. Bhí an t-ardú seo ar tháirgeadh faoi threallús ag miondíolacháin láidre ó thaobh mairteoil na hÉireann de ar feadh na bliana mar thoradh ar shrianta COVID- 19 maidir le hithe amuigh. Bhí tionchar aige seo ar na margaí intíre agus ar na príomh-mhargaí onnmhairithe araon. Bhí laghdú go 35,000 ceann sa tréchur eallach faoi dheireadh mhí an Mheithimh mar go raibh an earnáil seirbhíse bia dúnta a bheag nó a mhór ar fud na hEorpa ar feadh trí mhí, a chur bac mór ar onnmhairí mairteola ar feadh an ama sin. Mheas an GIRA go raibh laghdú 41% tagtha ar dhíolacháin seirbhíse bia na hEorpa go ginearálta sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an mbliain 2019, agus tá sé tuartha go mbeidh laghdú 21% i gceist sa bhliain 2021 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2019. Tháinig feabhas ar thréchur eallach sa dara leath den bhliain 2020 mar thoradh ar éileamh láidir miondíola, i gcomhar le beagán téarnaimh in earnáil na seirbhíse bia.

Ar an iomlán, tháinig ardú 11.5%, nó 72,000 ceann ar líon na mbullán a próiseáladh sa bhliain 2020 agus tháinig ardú 22,300 nó 6.45% ar an líon bó. Tháinig ardú os cionn 4% ar an tréchur bodóg, agus próiseáladh 20,900 ainmhí breise i monarchana onnmhairithe feola. Mar sin féin, tháinig laghdú 32% ar thréchur tarbh óga agus cuireadh líon níos ísle, 66,900 ainmhí ar aghaidh lena bpróiseáil.

Tháinig ardú 2kg ar meánmheáchan conablaigh ainmhithe mairteola a próiseáladh sa bhliain 2020, mar gheall, go príomha, ar dhea-choinníollacha féaraigh le linn na bliana, chomh maith le moill ar dhíolachán eallach críochnaithe le próiseáil níos déanaí sa bhliain.

Mar gheall ar dhúshláin margaidh mar thoradh ar ghéarchéim COVID- 19, tháinig laghdú 1.4% go 481,000 tonna (gan scairteach san áireamh) ar phríomhonnmhairí mairteola, a raibh luach iomlán €1.9bn air, rud arbh ionann é agus laghdú 1% ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú ar luach onnmhairí scairteach freisin go €192m, siar 5% ar an mbliain roimhe sin. Bhain luach iomlán na n-onnmhairí mairteola, scairteach san áireamh, beagnach €2.1bn, laghdú 1% ar an mbliain 2019.


Tháinig ardú de bheagán ar phraghsanna táirgeora le bliain anuas, leis an meánphraghas ar bhulláin R3 sa bhliain 2020 ag ardú go €3.63/kg, ardú 3c/kg i gcomparáid leis an meánphraghas sa bhliain 2019. Ba €3.54/kg an meánphraghas a taifeadadh do thairbh óga R3 ar fud na hEorpa freisin, le linn na bliana 2020, cé gur €4.01/kg an meánphraghas a íocadh as bulláin R3 sa Ríocht Aontaithe i rith na bliana.

## Margaí do Mhairteoil na hÉireann

Tháinig laghdú 1% i dtéarmaí luacha go €835m ar mhargadh onnmhairí mairteola Éireannaí chun na Ríochta Aontaithe, an margadh aonair onnmhairí mairteola is mó. Tháinig ardú 10% ar onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann a rinne suas don laghdú 3% chuig margadh na Breataine Móire atá i bhfad níos mó. Sa bhliain 2020, bhí soláthairtí eallaigh gann sa Ríocht Aontaithe agus chur le héileamh miondíola ar fud beagnach na spólaí feola go léir agus mar thoradh air sin cuireadh níos mó de mhairteoil na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe. Rinne dúnadh an chainéil seirbhíse bia ar feadh codanna suntasacha den bhliain laghdú ar an luach a bhí ar fáil. Is ionann an Ríocht Aontaithe anois agus 44% d'onnmhairí mairteola na hÉireann i dtéarmaí luacha, i gcomparáid le 51% sa bhliain 2016.



**Ghlac margaí an AE agus iad curtha i dtoll a chéile le luach €835m d'onnmhairí mairteola na hÉireann le linn na bliana**



**Bhí na hOileáin Filipíneacha ar an margadh aonair ba thábhachtaí, a bhain amach €53m ó thaobh luacha**

Ghlac margaí an AE agus iad curtha i dtoll a chéile le €835m d'onnmhairí mairteola na bliana. Chiallaigh sé sin titim 8% ar luach onnmhairí chuig an AE27 rud a léirigh deacrachtaí tomhaltais agus rinne tionchar ghéarchéim COVID- 19 cúrsaí níos measa. Bhí laghduithe 10%, 11% agus 3% faoi seach i bpríomh-mhargaí na Fraince, na hIodáile agus na Gearmáine. B'ionann an AE27 agus 45% d'onnmhairí, titim de 2% ar an mbliain 2019. Bhain onnmhaireoirí leas as deiseanna sna margaí domhanda, go háirithe an Áise, chun cothromú a dhéanamh ar phatrúin trádála sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip ar chuir an phaindéim as dóibh. Lean na margaí idirnáisiúnta le deiseanna chun fás onnmhairithe a sheachadadh agus sroich luach ioncaim ó onnmhairithe €207m arbh ionann é agus 11% den trádáil, ardú ó 3% ó

iomlán na bliana 2016. Bhí na hOileáin Filipíneacha ar an margadh aonair ba thábhachtaí do mhairteoil na hÉireann de réir méide agus b'ionann é agus os cionn €53m de réir luacha. Chuir margadh mórthíre na Síne fás den scoth ar fáil sa chead lá den bhliain, tráth ar tháinig ardú 133% ar onnmhairí mairteola idir Eanáir agus Bealtaine i gcomparáid le luachanna na bliana 2019. Mar sin féin bhí tionchar ag cur ar fionraí an cheadúnais allmhairithe mar thoradh ar BSE aitíopúil a bhrath in ainmhí in Éirinn. Ina ainneoin sin, bhain luach onnmhairí chuig mórthír na Síne €23m amach. Ag an am céanna, shroich onnmhairí mairteola chuig Hong Cong €22m.

## Dearcadh

Tháinig laghdú 2% sa bhliain 2020 ar thomhaltas mairteola san AE27. Bhí dúnadh an chainéil seirbhíse bia formhór na bliana sa chuid is mó de thíortha na hEorpa mar phríomhchúis leis an laghdú sin. Measann Coimisiún an AE go dtiocfaidh laghdú breise de 1.2% ar thomhaltas sa bhliain 2021. Cé go bhfuil roinnt méadaithe tagtha ar éileamh ó earnáil miondíola na hEorpa, bhí an t-ardú i bhfad níos maolaithe ná mar a bhí an tionchar ar an ar an tseirbhís bhia agus ag an éileamh a bhí faoi threallús turasóra. Léirítear i sonraí Choimisiún an AE freisin gur tháinig laghdú breise 1.4% ar leibhéil táirgthe sa bhliain 2020 le tuilleadh laghdaithe de 1.5% i dtáirgeadh mairteola measta san AE27.

## Promóisean Margaidh

Ba í an bhliain 2020 an dara bliain inar cuireadh straitéis chúig bliana Bhord Bia maidir le feoil Éireannach i bhfeidhm. Faoin straitéis nua, dírítear na gníomhaíochtaí uile um fhorbairt mhargaidh agus promóisin ar na ceithre sprioc seo a leanas:

**1** An sciar do mhargaí tosaíochta a fhás: Tá tosaíocht tugtha ag Bord Bia do na margaí is mó a bhfuil an poitéinseal acu fás ó thaobh méid agus luacha de maidir le mairteoil Éireannach agus le gníomhaíochtaí saindírithe sna margaí sin chun gnó le príomh-chustaiméirí a fhás. Treoraíonn sin an infheistíocht is mó sna margaí ar Mhór-roinn na hEorpa sa Ghearmáin, san Ísiltír agus san Iodáil, fad a leantar le hinfheistíocht chun cothabháil a dhéanamh ar áit na hÉireann i margadh na Ríochta Aontaithe.

**2** Comhpháirtíocht níos mó le príomhchustaiméirí domhanda: Chuir Bord Bia tús le tionscadail chomhpháirtíochta le dhá chustaiméir san Eoraip sa bhliain 2019 a thugann poitéinseal mór chun fás a chur ar luach agus ar mhéideanna onnmhairí mairteola Éireannaí, agus tugadh tosaíocht dóibh le haghaidh infheistíochta saindírithe.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí faoin gclár seo léargais, seirbhísí margaíochta agus promóisin chatagóirí atá leagtha amach chun cur le suíomh na mairteola Éireannaí sa mhargadh. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na tionscadail sin idir soláthróirí, custaiméirí agus Bord Bia, rud a sholáthraíonn príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna) atá dírithe ar fhás.


**3** Mairteoil Éireannach a dhifreáil trí phointí cruthúnais láidre agus infhíoraithe: Tá cruthúnas á éileamh ag tomhaltóirí, níos mó agus níos mó, ar an méid a mhaítear maidir leis na táirgí a ídíonn siad. Tá sé sin soiléir go háirithe i gcás na mairteola. Bunaithe ar léargais agus aiseolas ón margadh, tá cumas forbartha ag Bord Bia chun an méid a mhaítear a fhíorú chun freastal ar an treocht tomhaltóra sin. Leanadh den obair chun maíomh maidir le "Féar-Chothú" a fhíorú, le hiarratas ar PGI (tásc cosanta geografach) do Mhairteoil Fhéar-Chothaithe na hÉireann, agus rinneadh iarratas ar mhaoiniú ón AE le haghaidh mhairteoil diúil. Mar thoradh ar thionscnamh a d'fhorbair páirtithe leasmhara sa tionscal bia agus dí, Bord Bia ina measc, dar teideal Fíricí Feola agus Déiríochta, forbraíodh agus rinneadh feachtas cumarsáide a mhol ról na feola deirge in aiste bia chothrom agus sláintiúil agus a thacaigh le dintiúirí inbhuanaitheachta na mairteola Éireannaí.

**4** Feasacht faoi agus sainroghnú mhairteoil Éireannach i margaí tosaíochta a fhás: Bunaithe ar an tsamhail Food Brand Ireland, forbraíodh sraith ábhar margaíochta chun feasacht faoi agus sainroghnú mhairteoil na hÉireann a fhás i margaí tosaíochta sonracha. Cuireadh tús leis an bhfeachtas méadaithe agus saindírithe sin sa dara leath de 2019 agus cuireadh i ngníomh é i bpríomh-mhargaí roghnaithe ar leibhéal B2B agus B2C. Cuireadh feachtas cuimsitheach mairteola B2B i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, san Iodáil agus san Ísiltír, rud a mhéadaigh feasacht faoi agus tuiscint ar USPanna na mairteola Éireannaí sna cainéil seirbhíse bia agus miondíola. Baineadh leas freisin as na hócáidí do chustaiméirí 'Chefs' Irish Beef Club agus Acadamh Feola chun feasacht faoi mhairteoil Éireannach agus díolachán na mairteola Éireannaí a bhrú chun cinn i gcomhar le soláthróirí agus a gcustaiméirí. Thacaigh feachtais mhairteola B2C le díolacháin mhairteola le dearbhú cáilíochta sna ceithre mhargadh tosaíochta san Eoraip, trí sainroghnú a bhrú chun cinn i measc sprioc-

shiopadóirí mairteola i ngach margadh, bunaithe ar na buntáistí faoi leith a bhaineann le mairteoil le dearbhú cáilíochta. I measc na ngníomhaíochtaí bhí gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí, amuigh faoin aer, ar líne, ar raidió, fógraíocht nuachtáin, promóisin i siopaí, ailt fógraíochta agus feachtais tomhaltóirí saincheaptha le príomh-chustaiméirí. Chomh maith leis sin, rinne Bord Bia promóisin chun tacú le díolacháin shonracha le príomh sprioc-chuntais i margaí seanbhunaithe, i margaí nua agus i margaí lena mbaineann poitéinseal ard, amhail an tSín agus an tSeapáin.

## Léargas ar sholáthar eallaigh na hÉireann

Tugann anailís le déanaí ar bhunachar sonraí Aitheantais Ainmhithe agus Gluaiseachta na Roinne Talmhaíochta le tuiscint go dtiocfaidh laghdú éigean ar sholáthairtí eallaigh den scoth sa bhliain 2021. Go sonrach, léiríonn sí níos lú ainmhithe a bheidh ag tarraingt ar dhá bhliain d'aois sa bhliain 2021, go háirithe mar thoradh ar onnmhairí beo, go háirithe sa bhliain 2019. Meastar go dtiocfaidh laghdú 60,000-80,000 cheann ar eallaigh den scoth sa bhliain 2021.



# BEOSTOC

Le linn na bliana 2020, b'ionann agus tuairim is 265,000 ceann onnmhairí eallaigh bheo as Éirinn, laghdú suntasach ó 298,000 ceann a onnmhairíodh le linn na bliana 2019. In ainneoin an laghdaithe foriomláin sa líon eallaigh a bhí á n-onnmhairiú, tháinig ardú ó €118 milliún le linn na bliana 2019 go €133 milliún sa bhliain 2020 ar luach díolachán onnmhairí. Is ionann é seo agus ardú 12% bliain ar bhliain.

Cé gur tháinig ardú ar luach foriomlán onnmhairí eallaigh, chuir roinnt príomhchuínsí leis an laghdú in onnmhairithe eallaigh le linn na bliana 2020. Tá onnmhairí laonna na hÉireann thar a bheith séasúrach, leis an mbuaicshéasúr idir lár mhí an Mhárta go mí na Bealtaine. Bhí laghdú mór ar onnmhairí laonna chun na mór-roinne mar thoradh ar shrianta COVID- 19 a tugadh isteach i ndeireadh an Mhárta 2020, nuair a chuirtear i gcomparáid leis na blianta roimhe seo é. Idir an dá linn, bhí ardú láidir tagtha ar onnmhairí eallaigh stóir, laonna coiscthe agus eallaigh críochnaithe atá níos daoire, le linn na bliana 2020. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar an ardú ar thrádáil le Tuaisceart Éireann. Mar sin féin, tá ardú tagtha freisin ar onnmhairí eallaigh chuig réigiúin eile san Eoraip agus san Afraic Thuaidh. Ar an iomlán, tá laghdú 54,000 ceann tagtha ar onnmhairí laonna (-27%) le linn na bliana 2020 agus tá ardú tagtha ó 25,000 ceann go 118,000 (+24%) tagtha ar onnmhairí eallaigh níos sine.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon foriomlán onnmhairí eallaigh beo, d'fhan an praghas seasmhach maidir leis na catagóirí aonair le linn na bliana 2020. Leis an bpraghas an ceann ag fanacht mar a bhí i ngach catagóir, tá an t-athrú ó laonna chuig eallaigh atá níos sine agus níos daoire ag cur treallús faoin ardú sa luach díolacháin. B'ionann onnmhairí laonna agus níos mó ná dhá thrian d'onnmhairí eallaigh na hÉireann na hÉireann le linn na bliana 2019 ach seasann sé seo anois ag 55 faoin gcéad sa bhliain 2020. Bhí an cion de laonna coiscthe sa mheascán onnmhairithe seasmhach i gcónaí le linn na bliana 2020 agus tháinig ardú go 14% agus 17% faoi seach ar an gcion d'eallaigh stóir agus eallaigh críochnaithe.

Is chuig margadh na hÍsiltíre agus na Spáinne go príomha a théann na laonna a onnmhairítear as Éirinn cé go raibh laghdú suntasach ar onnmhairithe sa dá mhargadh sa bhliain 2020 mar gheall ar thionchar COVID- 19.

Onnmhairítear líon níos lú de laonna na hÉireann freisin chun na hIodáile, chun na Beilge, na Polainne agus na Fraince. Cé gur tháinig roinnt fás ar na margaí seo le linn na bliana 2019, chiallaigh tionchar COVID-19 go ndearnadh taifeadadh ar laghdú i líon na n-uimhreacha le linn na bliana 2020.



Chuir an t-éileamh láidir ar eallaigh de chuid na hÉireann i dTuaisceart Éireann leis an mborradh in onnmhairithe beo chuig an réigiún le linn na bliana 2020. Chuir soláthairtí níos doichte eallaigh críochaithe lena bpróiseáil an taobh ó thuaidh den teorainn ardú suntasach ar an líon eallaigh glana agus bó a bhí á n-onnmhairiú go Tuaisceart Éireann le linn na bliana 2020 lena marú go díreach. Chuir an difríocht níos leithne i bpraghas ar eallaigh críochnaithe agus ar eallaigh stóir araon idir an dá réigiún le hardú suntasach ar an líon eallaigh stóir agus laonna a rugadh in Éirinn agus atá á n-onnmhairiú go feirmeacha i dTuaisceart Éireann do tháirgeadh breise, go háirithe sa dara leath den bhliain. Bhí ardú láidir freisin ar líon na mbó déiríochta a bhí á n-onnmhairiú go Tuaisceart Éireann le linn na bliana 2020.

Cé gur i dTuaisceart Éireann a tharla formhór an fháis in onnmhairí eallaigh fásta, rinneadh taifeadadh ar fhás láidir freisin in onnmhairí eallaigh chun na Libia, na Spáinne, chun na Casacstáine agus chun na hAilgéire le linn na bliana 2020.

## BEOSTOC EILE

Le linn na bliana 2020, ba 450,000 ceann a bhí sa líon muca beo a onnmhairíodh, ardú 7% ar leibhéil na bliana 2019. Chuir an t-ardú seo ar líon na muc a honnmhairiú, i gcomhar le hardú ar an meánphraghas go €145, leis an fhás foriomlán ar dhíolacháin onnmhairí go €65 milliún le linn na bliana 2020. Is é Tuaisceart Éireann an margadh is tábhachtaí d'onnmhairí muca beo na hÉireann.

I gcaitheamh na bliana 2020, bhain onnmhairí beo caorach na hÉireann 30,000 ceann amach, ardú suntasach ó 7,000 caora le linn na bliana 2019. Cé nach bhfuil in onnmhairí caorach ach cion beag den trádáil iomlán in ainmhithe beo, chiallaigh go raibh an fás de €3.6 milliún a tháinig ar luach na n-onnmhairí sa bhliain 2020 spreagúil. Chuir an t-ardú ar an líon a bhí á n-onnmhairiú treallús faoin ardú ar luach díolacháin onnmhairithe, ach bhí siad faoi threallús freisin ag an fheabhsúchán de €120 ar an meánphraghas a fuarthas ar onnmhairí atá mar léiriú ar an trádáil láidir do chaoirigh a bhí in Éirinn agus ar fud an AE sa bhliain 2020. Tá an Fhrainc ar an margadh is mó d'onnmhairí beo caorach, arbh ionann é agus dhá thrian den luach iomlán onnmhairí. B'údar misnigh an fás atá ar onnmhairí beo caorach chun na Bulgáire, chun na hIodáile agus chun na hÍsiltíre le linn na bliana 2020.

# CAOIREOIL

Tháinig ardú 12%, le €358m ar an iomlán a bhaint amach ar luach onnmhairithe mar thoradh ar mhargadh a bhí i bhfad níos dearfaí do chaoireoil na hÉireann sa bhliain 2020. Tháinig an fás láidir seo ar luach díolachán caoireola na hÉireann bliain ar bhliain mar thoradh ar thrádáil láidir meálasta agus ardú 1% sa toirt fhoriomlán caoireola a onnmhairíodh.

Chuidigh soláthairtí níos doichte caoireola ar bhonn domhanda agus roinnt feabhsúcháin ar éileamh i bpríomh-mhargaí AE le taca a chur faoi thrádáil láidir ó thaobh meálasta uaineola in Éirinn ar feadh na coda is mó den bhliain 2020. Bhí ar chumas onnmhaireoirí na hÉireann leas a bhaint as onnmhairithe laghdaithe caoireola as an Ríocht Aontaithe freisin agus rinne na sonraí HMRC is deireanaí atá le fáil taifeadadh ar laghdú 12% ar líon caoireola a onnmhairíodh chuig an AE ón Ríocht Aontaithe sa bhliain 2020. Tá an AE27 ar an margadh onnmhairithe is luachmhaire do chaoireoil na hÉireann, le fás tagtha ar luach agus ar mhéid araon sa bhliain 2020 i bpríomh-mhargaí, lena n-áirítear, an Fhrainc, an tSualainn, an Ghearmáin agus an Bheilg. Rinneadh taifeadadh ar roinnt fáis a bhí spreagúil sa mhéid díolachán caoireola de chuid na hÉireann chun na Danmhairge agus na hÍsiltíre i mbliana. Ar an iomlán, ghlac an AE27 le 68% d'onnmhairí caoireola na hÉireann le linn na bliana 2020 agus ghlac an Ríocht Aontaithe le 22% eile.

Chuir éileamh láidir ó phróiseálaithe agus ón margadh sa chéad ráithe den bhliain 2020 le trádáil meálasta láidir le meánphraghas monarcha de €5.30/kg i gcomparáid le €4.97/kg sa tréimhse chomhfhreagrach sa bhliain 2019. Bhí laghdú de 7% i dtáirge caoireola sa Ríocht Aontaithe sa chéad ráithe den bhliain 2020 mar bhonn taca le trádáil láidir meálasta na hÉireann.

Bhí roinnt brú anuas ar phraghsanna táirgeoirí na hÉireann mar thoradh ar thabhairt isteach srianta COVID- 19 agus laghdú géar ar an éileamh ar uaineoil ón earnáil seirbhíse bia ar na margaí onnmhairithe agus ar na margaí bailte araon sa dara ráithe den bhliain 2020. Mar sin féin, tháinig an trádáil meálasta chuici féin go tapa de réir mar a chuaigh na margaí in oiriúint do chothromaíocht nua ar an éileamh ar tháirge ó chustaiméirí miondíola agus custaiméirí seirbhíse bia. Bhí trádáil meálasta uaineola ag



feidhmiú go maith an chuid eile den bhliain a bhí os cionn leibhéil na bliana 2019.

Le linn na bliana 2020, b'ionann an meánphraghas ar uaineoil agus €5.24c/kg, ardú de 46c/kg ó leibhéil na bliana 2019 agus 39c/kg chun tosaigh ar an meán cúig bliana.

Rinne an trádáil láidir meálasta, éileamh láidir ó phróiseálaithe agus an feabhas mór ar fhás féir le linn an earraigh/an tsamhraidh 2020 spreagadh ar tháirgeoirí na hÉireann uain a mharú níos túisce le tréchur monarchana ag feidhmiú ag 47,000 ceann idir mí an Mheithimh agus Lúnasa nó ag 7% a bhí chun tosaigh ar bhlianta roimhe seo. Agus na huain á marú níos túisce, tháinig laghdú ar chion na n-uan a bhí níos troime sa mheascán maraithe. B'ionann meán-mheáchan conablach uan ó mhí an Mheithimh 2020 agus 20.2kg, síos ó 20.6kg sa tréimhse chomhfhreagrach sa bhliain 2019.

Bhí soláthairtí uain níos doichte lena marú sa ráithe dheiridh den bhliain mar thoradh ar thréchur láidir uain le linn míonna an tsamhraidh a chuidigh ó thaobh tacaíocht a thabhairt don trádáil meálasta. Bhain tréchur iomlán caorach Éireannach i monarchana na hÉireann 2.9 milliún ceann amach, ardú 3% ó leibhéil na bliana 2019.

## Onnmhairí

Lean laghdú ag teacht ar allmhairí caoireola AE ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn sa bhliain 2020 a chruthaigh deiseanna d'onnmhaireoirí na hÉireann i bpríomh-mhargaí an AE. Chuir cumas onnmhairithe níos ísle sa dá réigiún i mbliana le tionchair fhadtéarmacha ar tháirgeadh mar gheall ar thriomach, uain bhaineanna á gcoinneáil níos faide ar mhaithe le pórú agus éileamh níos airde sa bhaile, go léir leis an treocht seo. Mar sin féin, bhí tionchar freisin ag tábhacht na Síne mar allmhaireoir uaineola atá ag dul i méid leis an dá réigiún ag baint taitneamh as rochtain sainrogha mar thoradh ar chomhaontuithe saorthrádála seanbhunaithe. Tá níos mó ná 50% d'onnmhairí uaineola na Nua-Shéalainne agus 30% d'onnmhairí uaineola na hAstráile á gcur chuige margadh na Síne.

Mar thoradh ar laghdú i dtáirgeadh caoireola sa Ríocht Aontaithe agus ardú ar an éileamh ag baile, tháinig laghdú ar onnmhairí uaineola chun an AE le linn na bliana 2020 atá ag cruthú deiseanna d'onnmhaireoirí na hÉireann sna príomh-mhargaí seo.

Is ionann margaí idirnáisiúnta agus díreach 10% d'onnmhairí caoireola na hÉireann. Cuireann rochtain chuig margaí ar nós Hong Cong feidhm thábhachtach maidir le cothromaíocht conablaigh ar fáil d'earnáil caoireola na hÉireann. Bhí an Eilvéis ar an margadh idirnáisiúnta a sheas amach do chaoireoil na hÉireann sa bhliain 2020 le dúbailt go dtí os cionn 1,800 tonna ag teacht ar onnmhairí sna chéad ocht mí den bhliain


## Ionchais

D'fheidhmigh onnmhairí caoireola na hÉireann thar a bheith láidir sa bhliain 2020 agus táthar ag súil go leanfaidh an feidhmiú láidir seo ar aghaidh ar feadh na bliana 2021. Táthar ag súil go leanfaidh laghduithe i soláthairtí domhanda caoireola agus éileamh atá ag dul i méid ar mhargaí na hÁise, go háirithe an tSín, le táirgí a atreorú ó mhargadh an AE sa bhliain 2021. De réir mar a thagann táirgeadh muiceola sa tSín chuige féin ó thionchar Fhiabhras Afracach na Muc (ASF), léirítear i roinnt tuarascálacha go bhfuil laghdú ag teacht ar éileamh allmhairithe ar chaoireoil le roinnt míonna anuas. Mar sin féin, meastar go mbeidh éileamh ar phróitéin allmhairithe sa tSín láidir i gcónaí sa bhliain 2021.

Tá an fhéidearthacht ann go dtabharfaidh éiginnteacht leanúnach mar gheall ar an mBreatimeacht agus socruithe trádála na Ríochta Aontaithe amach anseo leis an AE, tuilleadh deiseanna d'onnmhaireoirí caoireola na hÉireann i margaí an AE.

Mar gheall nach dtéann ach díreach 10% d'onnmhairí caoireola na hÉireann chuig an margadh idirnáisiúnta, táthar ag leanúint le rochtain dhíreach a aimsiú d'onnmhaireoirí na hÉireann chuig príomh-mhargaí ar nós na Síne. Cuireann margadh na Síne deis ollmhair ar fáil chun feabhas a chur ar chothromaíocht conablaigh do chaoireoil nuair a thógtar san áireamh an t-éileamh atá sa réigiún do tháirgí nach mbaineann a luach iomlán amach ar na margaí baile ná ar na margaí AE. Táthar ag leanúint le hobair freisin chun rochtain a aimsiú chuig margadh luachmhar Stáit Aontaithe Mheiriceá, áit, cé go bhfuil

uaineoil fós mar fheoil ar bheagán luacha, léiríonn éileamh ar an táirge allmhairithe fás spreagúil i dtéarmaí luacha agus méide araon.



# MUICEOIL

Sa bhliain 2020, bhí dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i ndán do thionscal muiceola na hÉireann chomh maith le roinnt mhaith earnálacha eile de chuid geilleagar na hÉireann. Mar sin féin, in ainneoin cur isteach sealadach feadh an tslabhra soláthair, ba bhliain sách dearfach a bhí inti agus tuairiscíodh an trádáil ab fhearr sa chéad leath den bhliain. Chuidigh láidreacht margadh na Síne le taca a chur faoi éileamh Eorpach ar feadh na coda is mó den bhliain do thíortha a bhfuil rochtain margaidh acu i gcónaí. Bhí príomhonnmhairí muiceola na hÉireann sa bhliain 2020, 14% níos airde ag €586 milliún mar gur chuidigh éileamh leanúnach láidir idirnáisiúnta leis an earnáil mar gheall ar an tionchar leanúnach a bhí ag an ASF.

Bhí táirgeoirí príomha ar na tairbhithe díreacha ó thaobh an t-éileamh láidir idirnáisiúnta sa chéad leath den bhliain, go háirithe mar gheall go raibh praghsanna arda seasmhach sa chéad ráithe den bhliain.  Sroich praghsanna i míonna Eanáir agus Feabhra beagnach €2.00/kg, a lean ar aghaidh ón fheidhmíocht láidir i dtrádáil a bhí soiléir sa chuid deiridh den bhliain 2019. Mar sin féin, bhí an drochthoradh ó COVID- 19, a raibh impleachtaí tromchúiseacha i gceist leis don tionscal bia, mar chúis le cur isteach suntasach ar an slabhra soláthar ar fud go leor tíortha Eorpacha agus idirnáisiúnta ó thaobh an tionscal muiceola le linn tréimhse an tsamhraidh, go háirithe. San Eoraip, bhí cúrsaí níos measa nuair a fuarthas ASF sa Ghearmáin i Meán Fómhair, rud a chuir isteach ar phraghsanna.  In ainneoin na gcúrsaí seo, déileáil an earnáil muiceola go maith leis an gcruachás seo, le hardú os cionn 2% go €1.69/kg ag teacht ar mheánphraghsanna muc, i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe seo.

## Trádáil Muiceola na hÉireann agus na hEorpa

Ar an iomlán tháinig ardú 6% go 240,000 tonna ar luach príomhonnmhairí muiceola na hÉireann. Bhí tionchar láidir ag forbairtí trádála san Áise ar phatrún onnmhairí muiceola na hÉireann ar feadh na bliana 2020. Is ionann lastais muiceola na hÉireann chun na hÁise anois agus 45% den luach iomlán agus 49% de mhéid iomlán onnmhairí muiceola na hÉireann ag €255 milliún, agus an tSín mar phríomhcheann scríbe.

Ag tógáil an ardaithe ar onnmhairí muiceola chuig margadh na Síne ar díol suntais é san áireamh, tá laghdú tagtha ar onnmhairí chuig príomh-mhargaí comhpháirtíochta ar nós na Cóiré Theas agus na hOileáin Fhilipíneacha mar thoradh ar an bhfáil laghdaithe ar mhuiceoil. Tá margadh na Ríochta Aontaithe tábhachtach i gcónaí do mhuiceoil na hÉireann, arbh ionann é agus 28% den onnmhairiú iomlán. Tá laghdú 9% go €157 milliún don bhliain tagtha ar lastais mhuiceola chun an mhargaidh sin.

Léirigh onnmhairí Eorpacha tuilleadh fáis sa bhliain 2020 le luach os cionn €85m. Bhí fás suntasach sa Danmhairg, go háirithe, áit ar tháinig fás 15% go €31m ar onnmhairí. Bhí fás 38% arbh fhiú é agus €13m ar onnmhairí muiceola i bPoblacht na Seice. Bhí laghdú luacha €18m in onnmhairí chun na Gearmáine, an margadh AE ollmhór eile do mhuiceoil na hÉireann.

Le linn na bliana 2020, tháinig ardú 20% go 3.9 milliún tonna ar onnmhairí muiceola na hEorpa don chead naoi mí den bhliain i gcomparáid le leibhéil na bliana roimhe sin.  Táthar ag súil go n-onnmhaireoidh an Eoraip thart ar 5 milliún tonna muiceola chuig tríú tíortha le linn na bliana 2020. Tháinig fás de thart ar 65% go 2.4 milliún tonna ar lastais mhuiceola na hEorpa chun na Sine sa chéad naoi mí den bhliain 2020. Mar sin féin, cuirfear teorainn ar an méid atá á chur chun na Síne mar gheall ar chur ar fionraí onnmhairithe ón nGearmáin i Meán Fómhair. Ag an am céanna, tá tréad na Síne ag teacht chuige féin de réir a chéile rud a chiallaíonn go laghdófar an riachtanas ó thaobh allmhairithe Eorpacha.



## Tomhaltas

Bhí tomhaltas muiceola na hÉireann fós ard ag 32kg per capita de réir caighdeáin Eorpacha. Tá muiceoil, mar chatagóir feola, cosúil le éineoil ó thaobh an mhéid den táirge iomlán a ídítear in Éirinn. Ídítear 53% den táirgeacht iomlán sa mhargadh baile agus díoltar a fhormhór faoi Dhearbhú Cáilíochta Bord Bia. Bhí tomhaltas fós seasmhach in ainneoin gur dúnadh ionaid díolacháin seirbhíse bia. Bhí ardú 12.1% ar an mbliain roimhe sin ar dhíolacháin muiceola ag leibhéal miondíola. D'fheidhmigh roinnt táirgí muiceola go sár-mhaith ag leibhéal miondíola. Tháinig ardú 24% ar dhíolacháin ispíní agus bhí ardú 16% ar bhagún mar gur bh'éigean do dhaoine dul i mbun na cócaireachta sa bhaile ar feadh formhór na bliana 2020. Níltear ag súil go dtiocfaidh an laghdú a rabhthas ag súil leis ar thomhaltas muiceola san Eoraip. Mheas Coimisiún an AE go dtiocfadh laghdú díreach 1% go 18.8 tonna ar thomhaltas sa bhliain 2020 mar gur chuidigh fás láidir ar éileamh miondíola le héileamh seirbhíse bia a bhí sách lag a fhritháireamh.

# ÉINEOIL

## Aschur Éineola

Le linn na bliana 2020, tháinig ardú measta 3% go 110 milliún éan ar tháirgeadh éineola na hÉireann agus b'ionann sicíní agus thart ar 92% de sholáthairtí iomlána éineola. Ar an mbealach céanna, tháinig ardú 1% go 13.6 milliún tonna ar aschur éineola le linn na bliana, a léirigh éileamh láidir don chineál seo próitéine de réir mar a thugann tomhaltóirí aghaidh ar choinníollacha geilleagracha atá níos dúshlánaí.

## Onnmhairí

Tháinig ardú de thart ar 7% go 128,000 tonna ar onnmhairí éineola Éireannaí, rud a léirigh ardú leanúnach ag leibhéal feirme mar go bhfuil an tionscal ag brath ar mhargaí onnmhairithe le cothromaíocht conablaigh a úsáid. Mar sin féin, tháinig titim 2% go €155 milliún ar na honnmhairí seo, i dtéarmaí luacha, de réir mar a chuaigh beartais COVID- 19 i bhfeidhm ar leibhéil éilimh ar bhonn domhanda.

Bhí laghdú suntasach ar onnmhairí chun margaí na Ríochta Aontaithe a bhí 14% níos lú ag €81 milliún. Mar sin féin, rinne onnmhairí níos airde chuig margaí idirnáisiúnta, an laghdú seo a fhritháireamh de bheagán, a bhí 16% níos airde ag €43 milliún. Chuir éileamh láidir ar allmhairí ón Afraic Theas, go háirithe, treallús faoi sin, áit a raibh ardú 22% go €32m ar onnmhairí. In áiteanna eile san Eoraip, bhí tionchar suntasach ar thrádáil éineola mar gheall ar COVID- 19 agus ar Fhliú na nÉan. Tá cainéal seirbhíse bia na hEorpa go mór faoi thionchar ag allmhairí tríú margaidh. Mar sin féin, mar gheall ar shrianta na seirbhíse bia ar fud Ballstáit an AE27 mar gheall ar COVID- 19, meastar go dtiocfaidh titim 20% go 748,000 tonna ar allmhairí éineola AE le linn na bliana 2020 mar thoradh air sin. Bhí luach níos mó ná €6m ar onnmhairí lachan sa bhliain 2020, laghdú ón €8m a taifeadadh sa bhliain 2019. Cé gur chun na Ríochta Aontaithe a theann formhór na n-onnmhairí seo, cuirtear cion mór acu chuig margaí san Áise Thoir Theas. Is chuig an gcainéal seirbhíse bia a chuirtear onnmhairí lachan den chuid is mó, agus mar gheall air sin, bhí siad go mór faoi thionchar ag dianghlasáil dúshlánach COVID- 19.

## Tomhaltas Éineola

In ainneoin na srianta maidir le hithe amuigh ar fud na hEorpa ar feadh na bliana 2020, tháinig ardú 2% go 12 milliún tonna ar thomhaltas éineola, rud a léiríonn go bhfuil níos mó tóir ar an bpróitéin seo ag leibhéal miondíola. De réir Kantar, tháinig ardú 10% ar thomhaltas éineola in Éirinn, le linn tréimhse 52 seachtain a chríochnaigh an 1 Samhain 2020.

## Dearcadh

Ag féachaint chun cinn go dtí an bhliain 2021, beidh tionscal éineola na hÉireann faoi dhúshlán ag cur isteach ó COVID- 19, ag costais bia níos airde agus ar ráigeanna féideartha d'Fhliú na nÉan. Leanfaidh aon ráigeanna suntasacha eile d'Fhliú na nÉan le tionchar a bheith acu ar ionchais onnmhairí na hÉireann ar feadh na bliana 2021. Meastar, mar thoradh air na fadhbanna seo go dtiocfaidh lagú ar fhás aschur éineola na hÉireann sa bhliain 2021.



*Athbhreithniú Earnála:*

# Bia & Deochanna

## TÁIRGÍ AGUS COMHÁBHAIR DÉIRÍOCHTA

Léirigh tionscal déiríochta na hÉireann teacht aniar an tionscal sin sa bhliain 2020, agus feidhm á bhaint as táirgeadh bainne a bhain 8.2bn amach chun seachadadh a dhéanamh ar luach onnmhairí de thart ar €5.068bn, ardú de thart ar 1% ar an mbliain 2019.

Baineadh amach an t-ardú seo i luach onnmhairí in ainneoin macra-thimpeallacht a bhí dúshlánach le soláthar láidir domhanda bainne, praghsanna domhanda ola a bhí srianta agus éiginnteacht gheilleagrach mar gheall ar COVID- 19, an Breatimeacht agus saincheisteanna trádála agus slabhra soláthair eile.

Bhí tús maith ag praghsanna san Eoraip sa bhliain 2020 le praghsanna ime os cionn €3,500/T sa chéad dhá mhí den bhliain. Mar sin féin, de réir mar a rinne COVID-19 a bhealach trasna na hÁise agus Mhór-Roinn na hEorpa, bhí praghsanna siar leis agus bhí laghdú €1,000/T i gceist i mí Aibreáin. Bhí praghsanna SMPA láidir i gcónaí ar feadh na bliana, leis an meánphraghas ó Eanáir go Meán Fómhair ag €2,203, €117 chun tosaigh ar an tréimhse chéanna sa bhliain 2019. Tháinig praghsanna chucu féin de bheagán i ndeireadh an tsamhraidh de réir mar a tháinig borradh faoi éileamh miondíola agus chobhsaigh an t-éileamh ag leibhéal réasúnta ard.

**Onnmhairíodh táirgí déiríochta na hÉireann chuig 145 tír ar an iomlán sa bhliain 2020, suas 21 ar 2019**

**Lean im ag feidhmiú go dearfach agus bhfiú €965 milliún onnmhairí ime**

Onnmhairíodh táirgí déiríochta na hÉireann chuig 145 tír ar an iomlán sa bhliain 2020, suas 21 ar 2019. Níor tháinig aon athrú ar na cúig príomh-cheann scríbe onnmhairithe; agus b'ionann an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an tSín, an Ghearmáin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá agus 56% den luach iomlán onnmhairí.  Leis an Breatimeacht ag bagairt agus b'fhéidir roinnt stocshealúchas ag tarraingt le deireadh na bliana 2019, tháinig laghdú ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe ar fud formhór na gcatagóirí a raibh laghdú iomlán 7% ar luach mar thoradh air agus comparáid déanta leis an mbliain 2019.

Ó thaobh táirge de, lean im ag feidhmiú go dearfach le luach iomlán onnmhairí ag €965 milliún, a bhí faoi threallús den chuid is mó ag éileamh miondíola agus tomhaltóirí ag bácáil ag baile agus i mbun cócaireacht ón mbonn le linn na dianghlasála.

Bhí tionchar diúltach ag dúnadh ionaid díolacháin seirbhíse bia ar fud an domhain ar an éileamh ar cháis. Mar sin féin, rinne éileamh láidir miondíola i gcomhar leis an tsolúbthacht a léirigh an tionscal in Éirinn le leagan amach nua sku (aonad stoc-choimeád) a thabhairt san áireamh, teorannú ar an tionchar. Tháinig laghdú 7% i dtéarmaí méide ar onnmhairí cáise na hÉireann sa bhliain 2020 ach bhí luach onnmhairí fós gar d'fhigiúr na bliana 2019 de €956 milliún, mar thoradh ar phraghsanna domhanda a bhí láidir.

Bhí bliain mhaith freisin ag an bportfóilió púdair bhainne, le Púdair Bhainne Lánmhéathrais (FFMP) ar an gceann is suntasaí le hardú 7% ar luach onnmhairí go €834 milliún. Tá Púdair Chothaithe Speisialaithe fós mar chatagóir thábhachtach d'onnmhairí déiríochta na hÉireann agus b'ionann iad agus beagnach 19% den luach onnmhairí iomlán sa bhliain 2020.

## Léargas chun Fás a Chumhachtú

Ba í an bhliain 2020 an dara bliain den straitéis déiríochta 3 bliana 2019-2021, a bhfuil sé mar an fhís leis a bheith ar an onnmhaireoir is iontaofa ar domhan do tháirgí déiríochta ardcháilíochta do chustaiméirí ar fud an domhain. Bhí díriú ar fhorbairt margaidh mar phríomhchuspóirí na straitéise seo agus cur an méid is fearr is féidir leis na deiseanna reatha don mheascán táirgí. Ar mhaithe leis na cuspóirí seo a bhaint amach, thug Bord Bia faoi líon tionscadail i margaí déiríochta tosaíochta.

**Tuarascáil Margaidh maidir leis an Áise Thóir Theas:** Seoladh an tuarascáil démhíosúil seo chun na sonraí agus na léargais is deireanaí a roinnt le páirtithe leasmhara thionscal déiríochta na hÉireann agus deiseanna aithint go réamhghníomhach do dhéiríocht na hÉireann san Áise Thoir Theas.

**Comhábhair Dhéiríochta don tseirbhís bhia sa tSeapáin, Vítneam agus an Mhalaeisia:** Is é atá mar chuspóir leis an taighde seo tuiscint a fhorbairt maidir leis an deis ó thaobh comhábhair dhéiríochta a chur ar fáil sa chainéal seirbhíse bhia sa tSeapáin, Vítneam agus sa Mhalaeisia.

**Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta:**  Tá faisnéis maidir leis an soláthar domhanda déiríochta sa Tuarascáil maidir leis an Margadh Déiríochta, mar aon le praghsáil tráchtearraí agus an scéal is deireanaí ón tionscal. Scaiptear an tuarascáil ar bhonn míosúil ar phríomhtheagmhálacha tionscail ar fud na meán shóisialta agus i dteachtaireachtaí téacs chuig feirmeoirí.

**Seimineár Gréasáin maidir le hAnailís ar an Mhargadh Déiríochta:**  Reáchtáil Bord Bia, i gcomhpháirtíocht leis an GIRA, seimineár gréasáin i mí Aibreáin áit ar pléadh riocht an mhargaidh déiríochta i bhfianaise phaindéim COVID- 19.  Bhí 71 duine rannpháirteach sa seimineár gréasáin agus rinneadh é a thaifeadadh dóibh siúd nach raibh ar a gcumas freastal.

**Seimineár Gréasáin B2B (Páras):** Bhí seimineár gréasáin ar siúl i mí Aibreáin chun an margadh B2B, treochtaí déantúsaíochta agus comhábhair a chur i láthair sa Fhrainc. Ba sheimineár leantach a bhí i gceist anseo ón eolaire B2B a cuireadh le chéile a thug léiriú ar 50 de na déantúsóirí agus ceannaitheoirí ionchasacha comhábhair is mó sa Fhrainc.

**Seimineár Gréasáin maidir le Cáis Feirme na hÉireann:** Forléargas ar mhargadh Stáit Aontaithe Mheiriceá – d'eagraigh oifig Bord Bia sna Stáit Aontaithe agus foireann na hearnála déiríochta

seimineár gréasáin a thug forléargas ar mhargadh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a thug léiriú ar chomhairleoirí príomha na Stát Aontaithe, ag a bhfuil taithí leathan maidir le margadh miondíola na Stát Aontaithe.

Díríodh sa seisiún seo ar thírdhreach margadh miondíola na Stát Aontaithe agus ar phlean a chruthú don bhealach chuig margadh. Díríodh an seimineár gréasáin seo i mí na Samhna ar na príomhchéimeanna ó thaobh ullmhú d'onnmhairiú chuig margadh na Stáit Aontaithe agus an bealach chun dul chun cinn rathúil a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara araon.

**Seimineár Gréasáin maidir le Cáis Feirme na hÉireann:** Rinne Bord Bia óstach ar sheisiún oiliúna a mhair ar feadh uair an chloig i gcomhair le Scoil Cháise na hÉireann an 15 Deireadh Fómhair 2020. Cuireadh comhairle sa seisiún seo ar lucht déanta cáise maidir leis an mbealach lena bheith rathúil agus le caidreamh oibre rathúil a fhorbairt le ceannaitheoirí. D'fhreastail fiche seacht cuideachta ar an seisiún.

## Cur le Cáil maidir le Fás

**Caighdeán Féar-Chothaithe:** Rinneadh forbairt ar an gCaighdeán Féar Cothaithe do dhéiríocht na hÉireann chun seasamh uathúil a chruthú do dhéiríocht na hÉireann ar an margadh domhanda. Ullmhóidh an caighdeán lucht próiseála na hÉireann ó thaobh éileamh fíoraithe a dhéanamh gur ó bha féar-cothaithe atá an táirge ag teacht a chuirfidh deis thábhachtach ó thaobh margaíochta ar fáil dá gcustaiméirí. Rinne Teagasc forbairt ar an gCaighdeán Féar-Chothaithe agus úsáid á bhaint as samhail féar-chothaithe Teagasc i gcomhairle le tionscal na déiríochta. Seoladh an feachtas in Éirinn le linn mhí na Bealtaine 2020 agus seoladh an feachtas ina dhiaidh sin i mí na Samhna sa Ghearmáin, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

**Feachtas Margaíochta Déiríochta B2B:** Seoladh feachtas sa H1 sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe agus é mar chuspóir treallús a chur faoi shainrogha do dhéiríocht na hÉireann trí chur le feasacht ar bhuntáistí sainiúla na déiríochta i measc custaiméirí trádála, custaiméirí comhábhair agus déantúsóirí bia.

**Feachtas Margaíochta B2B sa tSín:** Cuireadh tús le leis an 'máistir-shraith ar líne' na bliana 2020 i Shang-hai an 18 Iúil agus é mar chuspóir ilúsáideacht mairteola, déiríochta agus bia mara na hÉireann a léiriú trí mhiasa traidisiúnta a ullmhú d'ócáidí difriúla i measc custaiméirí na seirbhíse bia. Mar nach rabhthas in ann imeachtaí agus taispeántais mhóra a thionóil, léiríodh trí sheisiún cócaireachta san imeacht, ceann amháin don mhairteoil, ceann don déiríocht agus ceann do bhia mara. Labhair cócairí a bhfuil aithne mhór orthu trí USPanna mairteola, déiríochta agus bia mara na hÉireann agus thug taispeántais chócaireachta os comhair na bpríomh-mheán trádála agus ceannairí tuairimíochta a chomhroinn an fhaisnéis is deireanaí, íomhánna d'oidis agus ábhar físeán trína cainéil mheáin shóisialta. Féachadh 90,000 uair ar an seimineár a bhí spriocdhírithe ar dhéiríocht i gcomhar le taispeántas cócaireachta a bhí ar siúl i mí na Samhna agus féachadh air sin 25 milliún uair.

**Feachtas Meáin Shóisialta Déiríochta na Nigéire:** Sheol oifig Bhord Bia i Lagos feachtas meáin shóisialta chun treallús a chur faoi thomhaltas agus faoi fheasacht ar dhéiríocht na hÉireann trí leathnú a dhéanamh ar úsáid púdar bainne ag baile agus úsáid á bhaint as príomhcheannairí tuairimíochta ar líne le lucht leanúna de 13m duine. Chruthaigh na príomhcheannairí/tionchairí tuairimíochta ábhar taispeántais a léirigh bealach nua agus nuálach le húsáid a bhaint as déiríocht na hÉireann sa chócaireacht ag baile ar fud na gcainéal meáin shóisialta. Bhí tionchar mór ag an bhfeachtas seo. Rinneadh taifeadadh maidir le hardú 148% ar dhíolacháin táirge le linn an phromóisin.

**Treoir chuig Cáis Feirme na hÉireann:** Thug Bord Bia a threoir maidir le cáis feirme na hÉireann cothrom le dáta chun mapa idirghníomhach agus próifíl feabhsaithe táirgeora a thabhairt san áireamh. Chuaigh an treoir amach i dtús mhí na Samhna agus comhroinneadh an treoir ina dhiaidh sin le comhghleacaithe tionscal agus le comhghleacaithe idirnáisiúnta. Bhí feachtas meáin shóisialta ar siúl i mí na Nollag agus tá tuilleadh feachtais promóisin beartaithe don bhliain 2021.

**Bróisiúr maidir le Déiríocht na hÉireann:** Tá dearadh déanta ar bhróisiúr nua maidir le 'Déiríocht as Éirinn' agus tá fáil ar an mbróisiúr i bhformáid dhigiteach lena scaipeadh ag Speisialtóirí Margaidh. Tugtar forléargas sa bhróisiúr ar bhuntáistí dhéiríochta na hÉireann, le fócas ar chomhábhair dhéiríochta.

## Treallús a chur faoi Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh

I mí Feabhra 2020, bhí misean trádála chun na hAilgéire agus chun na hÉigipte ar siúl agus é

mar chuspóir leis deiseanna a chur chun cinn d'earnálacha déiríochta agus beostoic na hÉireann, ag cur le feasacht ar Éirinn mar fhoinse do bhia inbhuanaithe agus ag cur treallús faoi dheiseanna rathúlachta agus fáis do na 10 gcuideachta déiríochta ó Éirinn a bhí a freastal. Tionóladh seimineáir le téama Origin Green sa dá mhargadh le freastal comhcheangailte 80 ceannaitheoir.

Bhí cruinnithe 1:1 ag na ceannaitheoirí seo le honnmhaireoirí déiríochta na hÉireann a bhí i láthair. Tá imeacht eile beartaithe do Mhárta 2021 chun teagmháil a dhéanamh leis na ceannaitheoirí seo arís.

Bhí an déiríocht ar an earnáil aonair a bhí faoi chaibidil le linn an chéad mhisean trádála fíorúil de chuid Bord Bia a bhí ar siúl ar feadh trí seachtaine i míonna na Samhna agus na Nollag. Ar na margaí a díríodh orthu bhí, an Indinéis, an Mhalaeisia agus na hOileáin Fhilipíneacha, an Téalainn agus Vítneam, áit a bhfuil ardú ag teacht ar allmhairithe déiríochta le blianta beaga anuas le héileamh allmhairithe comhcheangailte atá os cionn 2.6m MT de chomhábhair dhéiríochta in aghaidh na bliana. D'fhreastail 439 ceannaitheoir idirnáisiúnta ar an iomlán ar na cúig imeacht seo agus tionóladh os cionn 478 cruinniú 1:1 le honnmhaireoirí na hÉireann a bhí éascaithe ag Bord Bia. I suirbhé a rinneadh tar éis an imeachta, thug 93% de na ceannaitheoirí le fios go raibh sé ar intinn acu táirgí a fháil as Éirinn den chéad uair nó chur leis an méid táirgí atá á bhfáil acu sa bhliain 2021.

**Salon du Fromage:** Thacaigh Bord Bia le sé chuideachta Cáis Feirme na hÉireann ó thaobh freastal ar Salon du Fromage ag Expo Pháras – Porte de Versailles. Bhí 281 taispeántóir ann i mbliana agus d'fhreastail 8,486 cuairteoir. Thug Bord Bia faoi ábhair chliaint a ghiniúint agus faoi thacaíocht margaidh roimh ré.

**Imeacht rannpháirtíochta mórdhíoltóra agus miondíoltóra maidir le Cáis Feirme na hÉireann:** Reáchtáil Bord Bia Londain imeacht i mí Iúil a bhí dírithe ar rannpháirtíocht le mórdhíoltóirí agus miondíoltóirí sa Ríocht Aontaithe a bhfuil an-tionchar acu, chun iad a spreagadh le triail a bhaint as cáis feirme na hÉireann. Bhí seisear déantóir cáise de chuid na hÉireann rannpháirteach agus bhí 20 ceannaitheoir i láthair freisin. Roimh an imeacht, seoladh samplaí de cháiseanna roghnaithe chuig na daoine a raibh cuireadh tugtha dóibh, agus bhí blaiseadh na cáise agus foghlaim faoi chúlra na cáise agus dhéantóir na cáise i gceist leis an ócáid.

## Cláir Acadamh Tallainne Bhord Bia

Chuidigh Clár Comhaltachta Bhord Bia le cuideachtaí bia agus deoch na hÉireann Bia chun deiseanna gnó a fhorbairt thar lear. Sa bhliain 2020, tugadh socrúcháin i gcuideachtaí déiríochta do dheich gcomhalta i dtíortha, lena n-áirítear, an Ghearmáin, Dubai, an tSeapáin, an Chóiré, an tSín, Singeapór, Vítneam, an Ríocht Aontaithe agus SAM. An ról atá ag na Comhaltaí Margaíochta, oibriú ar thascanna thar lear, thar ceann thionscal déiríochta na hÉireann. Oibríonn mic léinn ar thionscadail éagsúla cuideachta agus iad ar shocrúchán sa mhargadh. Bíonn siad ag obair go dlúth le foireann Bhord Bia i rith a socrúcháin.

Leis an gClár Ambasadóir Origin Green (OGA), dírítear ar dhaoine aonair a fhorbairt a mbeidh sé ar a gcumas ról lárnach a imirt i réimse na hinbhuanaitheachta. Ar an iomlán bhí sé shocrúchán OGA i gcuideachtaí ceannródaíocha na déiríochta, ar nós, Nestlé, Danone, Mars agus Unilever, sa bhliain 2020.

# BIANNA TOMHALTÓRA ULLMHAITHE

Áirítear sa chatagóir PCF, tuaslagán béilí, milseogra, deochanna neamh-mheisciúla, comhábhair agus feoil bhreisluacha, bia mara agus gairneoireacht. Is catagóir atá i gceist anseo atá thar a bheith freagrúil d'athruithe ar iompar tomhaltóra. Léirigh an tionscal PCF teacht aniar agus deaslámhacht ó thaobh leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais mhargaidh a bhí ag teacht chun cinn le linn bliana lenar bhain cur isteach suntasach, tráth a raibh cainéil dúnta ar feadh tréimhse móra ama, tráth a raibh soláthairtí comhábhair agus pacáistiú dúshlánach agus a raibh sé deacair riachtanas táirge a mheas. Meastar PCF do bhliain 2020 a bheith ag €2.5bn, laghdú 4% ar an mbliain roimhe sin. I gcomhthéacs na bliana 2020, bhí éacht suntasach i gceist leis seo agus bhí sé chun tosaigh ar ionchais mar a léirigh an earnáil níos túisce sa bhliain.

## Éagsúlú Margaidh

Tá éagsúlú margaidh mar phríomhréimse fócas don earnáil PCF le blianta beaga anuas. Ón Tuarascáil maidir le hUllmhacht Radair, tá 73% d'fhreagróirí PCF ag iarraidh leathnú amach chuig margaí nua

mar fhreagra ar an mBreatimeacht. Mar a chéile le hearnálacha eile, tá sé luaite ag cuideachtaí PCF go bhfuil líonraí/teagmhálacha agus eolas maidir leis an margadh ar an dá dhúshlán is suntasaí ó thaobh éagsúlú margaidh. Tá go leor cuideachtaí PCF ag iarraidh leas a bhaint as a dtaithí ó thaobh freagairt do threochtaí tomhaltóra agus don nuálaíocht i margadh na Ríochta Aontaithe i bhfoirm brandaí agus lipéid phríobháideacha araon chun díriú ar chustaiméirí nua a d'fhéadfadh a bheith ann.

B'fhiú €606m onnmhairí PCF chuig margaí an AE27 sa bhliain 2020, inchurtha leis an mbliain 2019. B'fhiú €197m onnmhairí PCF sa bhliain 2020 chuig margaí lasmuigh den AE27 agus den Ríocht Aontaithe, agus b'ionann Stáit Aontaithe Mheiriceá agus €61m de sin.

## Feidhmíocht Onnmhairí

Tá teacht aniar i gcónaí in onnmhairí san earnáil na mBianna Tomhaltóra Ullmhaithe in ainneoin an chur isteach mór ar an earnáil. Ar an iomlán tháinig laghdú 4% go €2.5bn ar onnmhairí PCF. Ar na fo-chatagóirí príomha a bhí faoi réir ag laghdú bhí muiceoil bhreisluacha (-€64m), mairteoil breisluach (-€23m), milseogra siúcra-bhunaithe (-€21m), bia mara breisluacha (-€13m) agus éineoil breisluacha (-€17m). Bhí ardú 8% le luach de €506m ar thuaslagán béilí, lena n-áirítear, béilí ullmhaithe, píotsa agus anraith. Tháinig ardú 6% go €292m ar onnmhairí milseogra seacláide.

Tá an Ríocht Aontaithe ar an margadh onnmhairithe is tábhachtaí i gcónaí don earnáil PCF, le 68% de na honnmhairí PCF á gcur chuig an margadh sin sa bhliain 2020, inchurtha le blianta beaga anuas. Ar an iomlán, tháinig laghdú 6% ar onnmhairí chun na Breataine Móire i gcomparáid leis an mbliain seo caite, leis na fo-chatagóirí seo a leanas ag cur treallús faoin laghdú: arán (-18%), deochanna neamh-mheisciúla (-32%) agus feoil breisluach (-68%). Bhí fás 15% chun na Ríochta Aontaithe arbh ionann é agus €177m á bhrath san fho-chatagóir tuaslagán béilí, lena n-áirítear, píotsa, béilí ullmhaithe agus anraith de réir mar a chuir cliaint sa chatagóir sin ardú ar éileamh miondíola.

D'fheidhmigh an earnáil bia mara breisluacha go láidir freisin, ag cur 40% lena luach le linn na bliana 2020.

Tá ardú +2% ar onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann atá faoi threallús ag anlann, anraith agus úsc atá ag teacht le nósanna siopadóireachta tomhaltóra a tugadh ar aird le linn COVID- 19 agus an cleachtas maidir le bulc-cheannach táirgí miondíola a mhaireann níos faide. Tá taifeadadh déanta ar roinnt laghduithe ar shúnna, báicéireacht mhilis agus gránaigh. D'fhan onnmhairí chuig margaí Eorpacha mar an gcéanna. Mar sin féin, léirigh margaí tosaíochta PCF fás de +2.3% a bhí faoi threallús ag onnmhairí chun na Gearmáine (+23%), an Ísiltír (+8%) agus an Bheilg (+28%) agus bhí laghdú le feiceáil i margaí na Fraince agus na Sualainne. Tháinig laghdú mór ar onnmhairí bia mara chuig an AE27 sa bhliain 2020, ag laghdú go €15m ó thaobh luacha, arbh ionann é agus laghdú beagnach 24% ó thaobh luacha i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain 2019. Léiríodh fás i margadh Stáit Aontaithe Mheiriceá, a bhí ar an margadh onnmhairí PCF is mó lasmuigh den Eoraip sa bhliain 2020, le hardú de €5m (+8%). Bhí an fás seo ar onnmhairí faoi threallús go príomha ag báicéireacht mhilis (+152%), tae agus caife (28%) agus gránaigh (82%). Bhí laghdú 11% ar iomlán ar onnmhairí chuig Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Mar sin féin, bhí fás 49% ar roinnt catagóirí ar nós tuaslagán béilí.



## Feoil Bhreisluacha

Cuireadh as go mór sa bhliain 2020 don chatagóir feola breisluacha. Tá tomhaltas ithe amuigh ag treallús láidir faoin éileamh ar fheoil bhreisluacha. Chuir an tionchar a bhí ag COVID- 19 ar chainéil seirbhíse bia ar fud na margaí go léir brú mór ar an gcatagóir seo. Tháinig laghdú 14% ar onnmhairí feola breisluacha. Léiríodh laghdú 16% go €455m i margadh na Ríochta Aontaithe, arbh ionann é agus os cionn 70% d'onnmhairí, agus léiríodh laghdú 10% go €183m i margadh na Mór-Roinne. Cé gur díol suntais an laghdú don earnáil, níl sé chomh dona is a bhíothas a mheas ar dtús. I mí Aibreáin, bhí méideanna chomh híseal le 20% i gcomparáid leis an

gnáthéileamh. Go luath i mí na Bealtaine, thosaigh aonaid seirbhíse bia san Eoraip ag oscailt arís go mall de réir mar a bhí Rialtais ag maolú bearta maidir le scaradh fisiciúil. Mar sin féin, bhí achar níos faide i gceist sular osclaíodh asraonta ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Chuidigh an tionscnamh 'Ith Béile Bialainne chun Cabhrú Leo' ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, le hardú a chur thomhaltas bia bialainne.

Ní raibh an tionchar chomh mór céanna ag an dara babhta dianghlasála sa cheathrú ráithe ar fud na hEorpa ar mhéideanna onnmhairithe deireadh bliana. Cé gur dúnadh asraonta seirbhíse bia arís, bhunaigh go leor oibreoirí bia roghanna béile le tabhairt leat agus béile le seachadadh a thug an deis dóibh freastal ar éileamh tomhaltóirí.

## Tuaslagán Béilí

### Bianna Reoite

Tá feidhmíocht na catagóire do bhianna reoite ar mhargadh na Ríochta Aontaithe fíorthábhachtach d'onnmhaireoirí na hÉireann. Leanann an borradh atá ar mhargadh miondíola bianna reoite na Ríochta Aontaithe, lena mbaineann luach €7.1bn, ar aghaidh agus bhí fás 12.1% le 12 mí anuas i gceist (Kantar Samhain 2020 luach bliain ar bhliain). Tá athrú tagtha ar nósanna ceannaigh tomhaltóirí mar geall ar COVID-19. Chuir aistriú chuig táirgí le seilfré níos faide agus gan tomhaltóirí ag siopadóireacht chomh minic sin, borradh faoi fhás sa chatagóir do bhianna reoite. Léirigh gach sciar laistigh de chatagóir na mbianna reoite fás ó thaobh luacha bliain ar bhliain. Mheaitseáil an fás ar an éileamh ar bhianna reoite an borradh i ndíolachán reoiteoirí baile. Thuairiscigh miondíoltóirí ardú 200% ar éileamh ag tús thréimhse na dianghlasála de réir mar a chuir tomhaltóirí le cumas a gcuid reoiteoirí.

Tá an Ríocht Aontaithe ar an margadh is suntasaí d'onnmhairí na hÉireann i gcónaí san earnáil tuaslagán béile, arbh ionann é agus 73% d'onnmhairí iomlána agus rinne seachadadh ar fhás 10% ó thaobh luacha de €372m sa bhliain 2020. Chuaigh an fás ar an éileamh miondíola chun leasa do dhíolacháin píotsa go háirithe. Bhí fás 28% ar mhéideanna chuig margaí na mór-roinne le feidhmíocht láidir sa Ghearmáin, sa Bheilg, san Iodáil, sa tSualainn agus san Ísiltír.

Léirigh earnáil na catagóirí uachtar reoite laghdú de 22%. Tá onnmhairí chuig margadh na Ríochta Aontaithe ag brath go mór ag conarthaí seirbhíse bia. Tháinig laghdú 39% go €6m sa bhliain 2020 ar luach onnmhairí. Go traidisiúnta, is é margadh na Ríochta Aontaithe an margadh onnmhairithe is mó atá ag déantúsóirí na hÉireann. Chuidigh éagsúlú chuig margaí nua le blianta beaga anuas, sa Mheánoirthear, go háirithe, le roinnt de laghdú ó thaobh na Ríochta Aontaithe de a mhaolú.

### Feidhmíocht Bia Fuaraithe

Tá tionchar ag COVID-19 ar dhíolacháin bia ullmhaithe. In ainneoin an ardaithe a bhí á bhrath ag miondíoltóirí ó thaobh béilí ullmhaithe fuaraithe le linn na gcéad chéimeanna de ghéarchéim COVID-19, tá laghdú tagtha air sin le díolacháin miondíola don bhliain 2020 ag luach catagóire de £2.4bn (IRI/Mintel). Tharla sé sin mar thoradh ar líon fachtóirí, lena n-áirítear, níos mó daoine a bheith ag aistriú chuig obair ón mbaile rud a chur le cócaireacht sa bhaile, agus tá 26% de dhaoine fásta sa Ríocht Aontaithe ag déanamh níos mó cócaireachta ón bhonn anois agus ullmhaíonn 13% acu sin baisceanna níos mó bia lena stóráil níos minice (sraith straitéisí a sheasfaidh an aimsir Bhord Bia, 2020).

Bhí ardú láidir á bhrath ag cliantchuideachtaí ar an éileamh ar bhéilí ullmhaithe fuaraithe le linn luathchéimeanna ghéarchéim COVID- 19. Tá maolú tagtha ar an éileamh sin de réir mar atá tomhaltóirí ag aistriú chuig obair ón mbaile. Tá tionchar aige freisin ar dhéantúsóirí béilí ullmhaithe fuaraithe mar gheall ar an laghdú ar éileamh ar tháirgí fuaraithe le tabhairt leat. Ó thaobh na ndaoine siúd a sholáthraíonn comhábhair d'earnáil béilí ullmhaithe fuaraithe, tháinig feabhas ar éileamh sa dara leath den bhliain 2020.

Tá an earnáil dearfach den chuid is mó ó thaobh an dearcadh atá acu agus meastar go dtiocfaidh feabhas ar an iomlán agus go bhfillfear ar fhás luacha san earnáil béile ullmhaithe fuaraithe sa bhliain 2021 agus tomhaltóir ag filleadh ar obair lasmuigh den bhaile. Tá déantúsóirí na hÉireann dírithe ar chur leis an gcaidreamh le miondíoltóirí na Ríochta Aontaithe de réir mar a léiríonn forbairt táirge nua treocht maidir le héileamh tomhaltóirí ar bhia nach bhfuil chomh próiseáilte sin agus atá níos folláine a chiallóidh go mbeidh deiseanna nua ar fáil sa mhargadh. Tá miondíoltóirí ag cur lena raon maidir leis an méid atá á chur ar fáil acu ó thaobh béile bunaithe ar phlandaí de réir mar atá fás ag teacht ar spéis tomhaltóirí sa sciar seo den mhargadh atá ag dul i méid.

### Milseogra

Tháinig fás ar onnmhairí seacláide, le luach measta 6% go €238m sa bhliain 2020. Mar sin féin, bhí

dúshláin i ndán do dhéantúsóirí. Bhí tionchar suntasach sa laghdú ar tob-cheannach, deiseanna bronntanais a thabhairt agus laghdú ar thrácht aerfoirt chun siopadóireacht aerfoirt saor ó dhleacht a dhéanamh, go háirithe turasóirí, ar dhíolacháin.

Bhí bealaí eile a aimsiú chuig tomhaltóirí mar dhúshlán a bhí i ndán do thionscal seacláide na hÉireann. Tá acmhainní breise infheistithe ag cuideachtaí chun cur lena láithreacht ar líne trí ardáin faoina n-úinéireacht féin nó trí ardáin faoi úinéireacht tríú páirtithe, tá roinnt cuideachtaí eile ag iarraidh cur leis an mbranda ach arís chruthaigh cur isteach ar mheascán meán traidisiúnta dúshlán ina leith sin freisin. Tá trialacha a ghiniúint mar dhúshlán leanúnach mar go bhfuil bac ar na promóisin thraidisiúnta blaiste a bhíodh ag gabháil le hócáidí bronnta.

Is i bhfás leanúnach lipéid phríobháideacha ar mhargaí onnmhairithe agus i roghanna níos folláine, ó mhéid an sciar atá níos lú go leaganacha atá saor ó bhreiseáin a bheidh na réimsí deise do chliantchuideachtaí. Tá sé luaite gur díol spéise don earnáil atá i gcur le cuimsiúcháin, feidhmiúlacht a fheabhsú, leagan amach nuálacha agus an cainéal ar líne. Beidh ionchais fhoriomlána don bhliain 2021 ar dhéantúsóirí seacláide atá ag cur soláthairtí ar fáil do mhargadh na Ríochta Aontaithe faoi thionchar ag idirbheartaíocht Breatimeachta, ag tógáil san áireamh spleáchas na hearnála ar mhargadh (91%) na Ríochta Aontaithe. Tá dúshlán ann freisin ó thaobh costais amhábhair, go háirithe praghsanna cócó.

## Deochanna Neamh-Mheisciúla, Súnna agus Uisce

B'fhiú €217m onnmhairí sa chatagóir seo sa bhliain 2020 arbh ionann é agus laghdú 1% ar luach na bliana 2019. Chúitigh an t-ardú ar éileamh miondíola sa chéad leath den bhliain na méideanna a cailleadh leis an tseirbhís bhia do go leor cuideachta PCF sa réimse deochanna. Bhí an t-ardú seo dírithe ar éileamh ar dheochanna gléghlanta ó fhormáidí a bhí níos mó. Dóibh siúd a bhí ag díriú ar fhormáidí deochanna atá réidh le hól, go háirithe deochanna a óltar agus daoine ag taisteal, bhí cailliúint mhór ó thaobh díolacháin i gceist agus tuairiscítear rátaí téarnaimh atá mall.

Bhí áibhéil á dhéanamh faoi dheochanna le héilimh sláinte, go háirithe súnna le linn tréimhse COVID- 19 agus tomhaltóirí ag iarraidh chur lena n-iontógáil vitimín C. Bhí saincheisteanna leis an slabhra soláthair sa bhliain 2020 ó thaobh táirgí príomha ó mhargaí sa Leathsféar Theas, chomh maith le dúbailt beagnach ag teacht ar chostais torthaí. Bhí tionchar aige seo ar go leor soláthróirí i gcomhar le costas táirgthe níos airde. Mar chatagóir, tá éagsúlú ó thaobh an mhargaidh súnna scaipthe níos fearr i measc onnmhaireoirí súnna, agus chuaigh níos lú ná 50% de na honnmhairí iomlána chuig an Ríocht Aontaithe.

Tá dearcadh measctha ann ó thaobh uisce buidéil. Thuairiscigh buidéalóirí móra sa Ríocht Aontaithe a dhíríonn ar uisce gan súilíní, cúngú de 9% i mbliana. Chun cabhrú leo iad féin a chosaint, tá buidéalóirí ag infheistiú i bpacáistiú, i nuálaíocht agus ag leathnú amach chuig uisce súilíneach, uisce le blas nó uisce feidhmiúil, chun spéis athnuaite tomhaltóra ó thaobh sláinte a mhealladh, chomh maith le teachtaireachtaí ó thaobh cáilíocht agus foinse a d'fhéadfadh a dhul chun tairbhe do bhrandaí a bhfuil margaíocht mhaith déanta orthu.

## Báicéireacht

Bhí feidhmíocht a bhí measctha ó thaobh onnmhairí á bhrath i gcatagóir na báicéireachta sa bhliain 2020 ag brath ar chainéal, seilfré agus earraí atá milis nó blasta. Tháinig laghdú 2% sa bhliain 2020 go €177m ar luach onnmhairí aráin agus báicéireacht mhilis.

Bhí an tionchar a bhí ag COVID- 10 ar an gcatagóir báicéireacht i siopaí arbh ionann é agus cion suntasach de na figiúirí onnmhairithe aráin de €69m chun na Ríochta Aontaithe, laghdú 15% ar luach na bliana 2019. Tháinig laghdú mór ar mhéideanna ag tús na dianghlasála mar gheall go raibh siopadóirí ag diúltú glan do tháirgí báicéireachta scaoilte. Rinneadh forbairt ar earraí pacáistithe don mhiondíol rud a thug muinín an athuair don tomhaltóir. Mar sin féin, rinne an titim ar mhinicíocht na dturas siopadóireachta laghdú ar na hócáidí a mbeadh siopadóirí ag féachaint ar tháirgí báicéireachta sa siopa chomh maith leis an athrú ar riachtanais an tsiopadóra féin agus an siopadóir a bheith ag faire amach do tháirgí le seilfré níos faide, rud a chiallaigh go raibh tionchar acu sin go léir ar na táirgí a bhí á dtairiscint.

Chuir an dianghlasáil iallach ar roinnt bácúis den scoth, a bhí dírithe ar an tseirbhís bhia, aistriú go rathúil isteach sa mhiondíol. Bhí laghdú is mó i ndán do bhácús a raibh slabhraí siopaí caife á sholáthar acu agus a raibh suíomh na siopaí seo dírithe ar an daonra comaitéireachta ná mar a bhí i ndán do na slabhraí siopaí caife le suíomhanna níos éagsúla acu.

## Grósaeireacht

I gcatagóir na grósaeireachta bhain príomh-mhargaí onnmhairithe Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire buntáiste as éileamh tomhaltóra ar tháirgí le seilfré níos faide, méadú ar chiseán an tsiopadóra agus ní mó cócaireachta ar siúl sa bhaile.

Tháinig fás 6% sa bhliain 2020 le luach de €47m ar onnmhairí sa chatagóir an anlainn agus ar leatháin, sa Ríocht Aontaithe go príomha, agus b'ionann an ceann scríbe seo agus 76% den luach iomlán. Chuir an fás ar chócaireacht ón mbonn sa bhaile treallús faoi éileamh miondíol ar anlann agus ar bhlastán cócaireachta. Mar sin féin, bhí cuideachtaí a bhí ag soláthar anlann don earnáil seirbhíse bia faoi dhúshlán ag cuíchóiriú biachláir agus ag an laghdú ar éileamh.

Léirigh an earnáil tae agus caife laghdú measta 9% ar onnmhairí go €31m. Rinne díolacháin miondíola seachadadh ar fhás de réir mar a aistríodh an phríomhócáid tomhaltais chuig an mbaile mar gheall ar na hathruithe ar na háiteanna ina n-oibríonn daoine. Bhí borradh le brath i ndíolacháin ar líne sa chatagóir seo de réir mar a bhí tomhaltóirí ag iarraidh athchruthú a dhéanamh ar an taithí bia a bhíodh acu agus iad ag ithe amuigh. Mar sin, tá tionchar ag an laghdú maidir le béile sa bhaile ar dhíolacháin díreacha leis an tomhaltóir ach níl i gceist ansin ach cion beag.

## Sneaiceanna

Bhí tionchar dúbailte ar an tionchar ar an éileamh ar sneaiceanna ó dhéantúsóirí Éireannacha.

Tháinig laghdú ar dhíolacháin sneaiceanna níos lú nó sneaiceanna a cheannaítear ar an toirt mar gheall ar na srianta ar ghluaiseacht, go háirithe ar sneaiceanna a bhí le fáil ag an scipéad sna siopaí nó sna cainéil mhiondíola saoráideacha, asraonta seirbhíse bia agus i gcainéil eile as baile. D'aistrigh an fócas chuig ilphaicéid miondíola agus ar chomhroinnt málaí, agus bhí fás le feiceáil anseo. Ar an iomlán, meastar gur tháinig laghdú 6% go €10m ar onnmhairí don bhliain.

Go ginearálta, tá éileamh ardaithe á bhrath ag soláthróirí ar leaganacha folláine sneaiceanna, lena n-áirítear, sneaiceanna le níos lú saille, siúcra agus salainn agus feidhmiúlacht níos fearr. Tá áit á chruthú ag sneaiceanna dóibh féin sa mhiondíol Eorpach agus cuireann sé seo deiseanna ar fáil do sholáthróirí atá ag cur barr feabhais ar an méid atá á thairiscint acu i gcatagóir seanbhunaithe na Ríochta Aontaithe.

## Bia Mara Breisluacha

Cuireadh isteach go mór ar an gcatagóir bhia mara breisluacha sa bhliain 2020 freisin. Cuireann tomhaltas maidir le hithe amuigh treallús faoin gcatagóir seo go príomha agus, mar thoradh air sin, bhí tionchar diúltach ag dianghlasáil ar fud na bpríomh-mhargaí onnmhairithe ar an éileamh seirbhíse bia don chatagóir seo. Tháinig laghdú 14.5% sa bhliain 2020 ar onnmhairí bia mara breisluacha na hÉireann agus rinneadh taifeadadh ar fhigiúr luacha iomlán de €77m. Tháinig laghdú de 7% ar mhéideanna onnmhairí bia mara le linn na tréimhse héanna. Rinneadh taifeadadh ar laghdú de beagnach 24% ó thaobh luacha agus 19% ó thaobh méide sa bhliain 2020 ar onnmhairí iomlána bia mara chuig margaí an AE27 arbh ionann iad agus 62% d'onnmhairí iomlána bia mara.

Bhí onnmhairí chun na Fraince, an margadh is mó do bhia mara breisluacha ag streachailt le linn na bliana 2020 le laghdú 32.6% ar luach agus an Iodáil ina dhiaidh sin le laghdú os cionn 28% ó thaobh luacha. D'fheidhmigh na príomh-mhargaí eile laistigh den AE go dona freisin, le laghdú 13% faoi seach ag teacht ar onnmhairí chun na Spáinne agus chun na Portaingéile. Bhain feidhmíocht láidir, ar an lámh eile, leis an nGearmáin, le hardú 58% ó thaobh luacha agus 10% de réir méide le linn na bliana 2020, rud a léiríonn láidreacht an éilimh sa mhargadh seo do bhia mara breisluacha na hÉireann. Bhí bac ar an éileamh ar bhia mara ar fud na hEorpa le linn na bliana 2020 mar gheall ar thionchar COVID- 19 ar dhíolacháin sliogiasc den scoth, ag dúnadh an chainéil seirbhíse bia le linn na dianghlasála ar fud príomh-mhargaí onnmhairithe éagsúla na hÉireann chomh maith le níos mó dílseachta do bhrandaí áitiúla, go háirithe i bpríomh-mhargaí na Fraince agus na Spáinne.

Bhí onnmhairí ar fud na hÁise thíos leis freisin mar thoradh ar dhianghlasáil COVID- 19 a raibh tionchar mór aige ar éileamh laistigh den chainéal seirbhíse bia. Chuir dúshláin lóistíochtúla ó thaobh cothabháil a dhéanamh ar an réigiún seo i gcomhar le dearcadh diúltach i leith bia mara allmhairithe le linn na bliana 2020, go léir leis an laghdú foriomlán de 9.9% ar onnmhairí sa réigiún seo sa bhliain 2020.

Le bheith dearfach faoi, in ainneoin údar imní faoin mBreatimeacht, rinne onnmhaireoirí bia mara breisluacha na hÉireann taifeadadh ar fhás láidir sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2020, agus tháinig ardú os cionn 40% air ó thaobh luacha le linn na tréimhse sin.

# DEOCHANNA

Bhí catagóir an alcóil faoi dhúshlán sa bhliain 2020 mar gheall ar dhúnadh trádáil mórdhíola ar feadh tréimhsí fada. Rinne sé sin, chomh maith le beagnach dúnadh síos go hiomlán miondíol taistil, laghdú 19% ar luach na n-onnmhairí go €1.3bn. Mar sin féin, leis an laghdú sin, bhí luach na n-onnmhairí alcóil fós 12% níos airde ná mar a bhí siad sa bhliain 2016, a leag béim ar threocht an fháis a bhí le brath sa chatagóir.

Bhí laghdú 26% ar onnmhairí uisce beatha arbh fhiú €620m iad, le 57% de sin (€356m) ag dul go Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tháinig laghdú 14%, le luach €311m sa bhliain 2020 ar onnmhairí licéar uachtair na hÉireann, agus bhí 45% (€141m) de sin ag dul go Stáit Aontaithe Mheiriceá. Go foriomlán, bhí laghdú 17% go €254m ar onnmhairí beorach rud a léiríonn dúnadh na trádála mórdhíola arís i bhformhór na bpríomh-mhargaí.

Maidir le huisce beatha agus licéar uachtair na hÉireann, chiallaigh bagairt ó tharaifí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an éiginnteacht a bhí ann i dtéarmaí trádála amach anseo chun na Ríochta Aontaithe i ndeireadh na bliana 2019, gur theastaigh ó chustaiméirí a bheith cinnte go raibh stoc leordhóthanach ordaithe acu roimh thabhairt isteach aon taraif ó aon chostais bhreise a bhaineann leis an mBreatimeacht. Chiallaigh sé sin go raibh an dá mhargadh ullmhaithe don ardú ar éileamh tomhaltóra sa trádáil miondíola, léiriú ar dhúnadh na trádála mórdhíola agus ar shrianta le linn Ráithe 4 den bhliain 2020. Chiallaigh sé freisin go raibh tionchar diúltach ar onnmhairí sa bhliain 2020 mar go raibh go leor stoic ar na margaí seo cheana féin ag breith suas ar an mbliain 2020.

Tháinig laghdú 42% ar onnmhairí beorach chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá. Léirítear leis seo, tábhacht na trádála mórdhíola do dhíolacháin beorach mar gur tríd an gcainéal seo a dhéantar 60% de dhíolacháin beorach. Ní raibh an oiread sin tionchar ag dúnadh agus ag srianta ar an trádáil miondíola san Eoraip, le laghdú de 20%. Bhí laghdú 7% ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe agus laghdú 14% ar onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann. Ar an gcaoi chéanna, bhí laghdú ar onnmhairí chun na hAfraice mar gheall ar an gcosc ar dhíolacháin alcóil san Afraic Theas agus sa Chéinia agus bhí laghdú 13% i gceist ansin.



Bhí laghdú le brath in earnáil na beorach ceirde i mbliana freisin tar éis fás láidir a bheith ann, ach meastar go dtiocfaidh cúrsaí chucu féin go mall ag deireadh na bliana 2021 agus leanfar le feabhas sa ghearrthéarma go fadtéarma, ag cur treallús faoi láithreacht mhéadaithe na trádála miondíola i gcomhar le hathoscailt na trádála mórdhíola. Agus COVID- 19 ag cur srian ar rannpháirtíocht duine le duine, thapaigh go leor grúdlanna teagmháil ar líne a dhéanamh lena gcustaiméirí agus le tomhaltóirí trína meáin shóisialta.

Tá cainéal an **Mhiondíola Taistil Dhomhanda** (GTR) freagrach as thart ar 10% de dhíolacháin Biotáillí Éireannacha. Tháinig titim beagnach 90% air sin sna naoi mí go mí na Nollag 2020 agus meastar go mbeidh téarnamh mall.

Go foriomlán, b'fhiú €330m onnmhairí alcóil as Éirinn chuig an AE27, laghdú 16% ar luach na bliana 2019. Ar na tíortha is measa a buaileadh bhí an Ghearmáin, an Laitvia agus Poblacht na Seice, áit ar cailleadh agus iad curtha i dtoll a chéile, níos mó ná €34.5m in onnmhairí. Cuirtear cion mór d'onnmhairí chun na Laitvia ar aghaidh chun na Rúise. Is i gcatagóir uisce beatha na hÉireann a bhí níos mó ná €25.7m de na cailliúintí seo agus is mar gheall ar laghdú in onnmhairí licéar uachtair na hÉireann an chuid eile.

Tháinig laghdú 12% ar onnmhairí alcóil Éireannaigh chuig margadh na Ríochta Aontaithe, lena raibh €198m i gceist, agus, déanta na fírinne, tá ardú suntasach tagtha ar dhíolacháin trí chainéil trádála miondíola agus cainéil ar líne, mar gheall ar threocht i leith tomhaltais sa bhaile.

Le bheith dearfach faoi, bhí roinnt fáis a bhí spéisiúil in onnmhairí le brath san Ísiltír agus sa tSualainn, le harduithe 5% agus 7% faoi seach. Ní mór a thabhairt ar aird go mbaineann go leor onnmhaireoirí úsáid as an Ísiltír mar mhol, mar sin tá sé deacair cinneadh a dhéanamh maidir le ceann scríbe. Léirítear san fhás sa tSualainn an fás leanúnacha ar uisce beatha Éireannach sa mhargadh sin agus leis an fhíric nár fheidhmíodh dúnadh na trádála mórdhíola ansin go dtí níos deireanaí sa bhliain.

I **Meiriceá Thuaidh**, in ainneoin forchur taraifí ar licéar uachtair na hÉireann, léirigh an earnáil teacht aniar suntasach. Is ionann Stáit Aontaithe Mheiriceá agus 87% d'onnmhairí alcóil go léir chuig Meiriceá Thuaidh, agus b'fhiú na honnmhairí foriomlána chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá agus €552m sa bhliain 2020. Go traidisiúnta, bhíodh licéar uachtair na hÉireann ag feidhmiú níos fearr sa trádáil miondíola agus chuaigh sé sin, i gcomhar leis an ardú ar chócaireacht sa bhaile, a bhí le feiceáil le linn na paindéime chun tairbhe don chatagóir seo. Tá an chuma air, go ndeachaigh an mhargaíocht dhigiteach a bhí dírithe ar an tomhaltóir le déanaí agus a bhí ag cur licéar uachtair na hÉireann chun cinn mar chomhábhar milseoige, chun leasa don chatagóir ó thaobh díolacháin de. Tháinig laghdú de thart ar cheathrú ar uisce beatha Éireannach ach níor léirigh díolacháin ar an láthair a bhí ag feidhmiú go maith. Go háirithe, sa dara leath den bhliain, d'aistrigh na daoine siúd nár chaill a gcuid fostaíochta agus a raibh airgead le caitheamh acu agus tomhaltóirí chuig brandaí den scoth. Ceanglaíonn sé sin go fadtéarmach leis an treocht "níos lú ach níos fearr" agus táirgí ardcháilíochta a leanfar leis sin sa bhliain 2021 agus níos faide na sin. Beidh an scéal a insint maidir le foinse agus cáilíocht uisce beatha agus beoracha na hÉireann tábhachtach sa chomhthéacs seo.

Is ionann an **Afraic** agus réigiún lena mbaineann féidearthacht d'onnmhaireoirí na hÉireann agus bhí fás ard dédhigiteach ar onnmhairí alcóil na hÉireann chuig margaí na hAfraice roimh COVID- 19. Bhí freagra an rialtais i leith COVID- 19 thar a bheith dian, go háirithe san Afraic Theas agus dúnadh síos na cainéil go léir. Mar thoradh air sin, cuireadh maolú ar fheidhmíocht ach bhí cúrsaí fós dearfach le fás 1% le €26m a bhaint amach.

Tháinig fás 18% go €26m ar mhargadh **na hAstráile**, margadh eile atá ag teacht chun cinn ó thaobh uisce beatha Éireannach. Tháinig laghdú 3% le linn na bliana le luach de €4m ar onnmhairí chun na Nua-Shéalainne.

Is réigiún ríthábhachtach atá san **Áise** do thodhchaí chatagóir uisce beatha na hÉireann – b'fhiú €28m na honnmhairí alcóil iomlán chun an réigiúin – agus léirítear dhá pháirt sa scéal sin. Cé gur tháinig fás 7% agus 30% faoi seach ar onnmhairí chun na Síne agus chun na Cóiré Theas, mar nach raibh an oiread sin cur isteach ar a gcuid geilleagar, tháinig laghdú dédhigiteach ar onnmhairí chun na Seapáine, Vítneam agus chuig Singeapór. Rinneadh dúbailt beagnach ar dhíolachán uisce beatha Éireannach chun na hIndia sa bhliain 2020, arís ó bhonn íseal.

Tá go leor do na cuideachtaí sa bhonn soláthair uisce beatha agus jin Éireannach réasúnta nua ó thaobh an mhargaidh. Mar sin, tá fás ag teacht ó bhonn íseal agus bhí ar a gcumas leanúint leis an fhás sin trí dhíriú ar an trádáil miondíola agus trí rannpháirtíocht le custaiméirí agus le tomhaltóirí ar líne.

Cuireadh béim le linn na géarchéime ar an gcaidreamh a bhí le brandaí sa spás digiteach agus chruthaíodh gur spás margaíochta thar a bheith nuálach a bhí i gceist leis. Leanfaidh sé sin ar aghaidh de réir mar a bheidh ar chumas gnólachtaí beaga le níos lú acmhainní airgid, díriú ar an trádáil agus ar a gcuid custaiméirí deiridh ó thaobh iarrachtaí promóisin. De réir an IWSR, tá fás 42% tagtha ar ríomhthráchtáil alcóil sa bhliain 2020 agus bainfear $24 billiún amach ar na 10 príomh-mhargadh alcóil sa bhliain 2021.

Bhí tionchar ar leathadh amach an chláir cumarsáide 'Spirit of Ireland' a chuirfidh trádáil idirnáisiúnta dírithe ar thomhaltóirí ar fáil, le léargais dhoimhne ar stair, ar thírdhreach an lae inniu agus ardaidhmeanna do thodhchaí chatagóir uisce beatha na hÉireann, ó thaobh amlíne don leathadh amach agus táthar ag súil go gcuirfear an clár i láthair go foirmiúil i ndeireadh na bliana 2021, chuig stáit rialaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar dtús. Mar sin féin, bainfidh Bord Bia úsáid as gnéithe d'ábhar an chláir i gcumarsáid Bord Bia le ceannaitheoirí ar líne, na meáin trádála agus príomh-threoraithe tuairimíochta tionscal ar feadh na bliana 2021.

## BIA MARA

Tháinig laghdú 8.9% go €443.8m sa 2020 ar luach onnmhairí bia mara príomha na hÉireann. Tharla sé sin i gcoinne cúlra inar tháinig ardú beagnach 5% ar mhéideanna chun 200,000 tonna onnmhairí a bhaint amach. Bhí tionchar ollmhór ag COVID- 19 ar an earnáil a chuir isteach ar fheidhmíocht gach speiceas ar fud na catagóire, go háirithe laistigh den chatagóir sliogéisc, an earnáil

ba mhó a bhí siar leis agus laghdú 31% ar luachanna onnmhairí. Ba bhliain chorrach a bhí sa bhliain 2020 don tionscal bia mara, in éineacht le héiginnteacht faoin mBreatimeacht, an tionchar a bhí ag an dollar a bhí lag agus cliseadh an chainéil seirbhíse bia ar fud sna príomh-mhargaí onnmhairithe. B'ionann onnmhairí chuig an AE27 agus 59% d'onnmhairí bia mara iomlána na hÉireann de réir luacha, agus b'ionann ilchríoch na hAfraice mar cheann scríbe agus 21% eile; b'ionann onnmhairí chun na Ríochta Aontaithe agus beagnach 10% de dhíolacháin; tháinig laghdú go díreach 7% ar mhargaí na hÁise agus chuaigh iarmhéid na n-onnmhairí chuig an gcuid eile den domhan sa bhliain 2020.

Tháinig laghdú beagnach 15% ar onnmhairí bia mara chuig an AE27 de réir luacha agus méide araon le linn na bliana 2020. In ainneoin go ndearna onnmhairí bradán chun an réigiún go maith, le fás de níos mó ná 10% de réir luacha, tháinig laghdú 19% ar onnmhairí iasc geal agus rinneadh taifeadadh ar laghduithe suntasacha de 17% agus 27% faoi seach i luachanna iasc peiligeach agus sliogiasc. Bhí margadh na Fraince, an margadh onnmhairí bia mara is mó ag Éirinn, thar a bheith dúshlánach d'onnmhaireoirí na hÉireann le linn na bliana 2020 Annual Report and Accounts 2020, le luachanna ag laghdú 20% arbh fhiú thart ar €90m iad agus laghdú 15% ar mhéideanna ar fud raon speiceas a dhíoladh ar an margadh seo.  Sa Fhrainc, bhí laghdú mór ar onnmhairí le linn na dianghlasála ó lár mhí an Mhárta go lár mí



an Mheithimh agus arís le linn míonna na Samhna agus na Nollag. Is iad na catagóirí is mó a bhí ag brath ar an earnáil seirbhíse bia agus go háirithe earnáil na mbialann le seirbhís ag an mbord, is mó a d'fhulaing, go háirithe bia mara, agus thar aon ní eile, an speiceas ceiliúrtha ar nós sliogiasc. Bhí treochtaí den chineál céanna le feiceáil i margaí na Spáinne le honnmhaireoirí na hÉireann ag streachailt le dúnadh an chainéil seirbhíse bia agus an tacaíocht do tháirgí áitiúla ag leibhéal miondíola ag cur trádáil faoi thionchar diúltach. Bhí laghdú 17% ó thaobh luach ar bhfiú €38m é agus laghdú 18% ar mhéid le linn na tréimhse seo. Bhí margadh na hIodáile ar a bhfuil earnáil na ngliomach in Éirinn ag brath go mór air, thar a bheith dúshlánach mar gheall ar an dianghlasáil fhada a raibh an earnáil fáilteachais beagnach dúnta d'onnmhaireoirí, i ndáiríre, an príomhcheann scríbe díolacháin don speiceas sliogéisc ardluacha ó Éirinn. Tháinig laghdú de thart ar 21% ar mhéideanna onnmhairí agus tháinig laghdú 34% go €33m ar luach, rud a léirigh na drochthorthaí a bhí ar fáil ón margadh mar gheall ar éileamh lagaithe agus rósholáthar. Mar sin féin, d'fheidhmigh margadh na Polainne thar a bheith láidir le linn na bliana 2020, ag ardú 59% i dtéarmaí luacha, arbh fhiú €43m é mar thoradh ar an éileamh láidir as an ngnáth ar bhradán na hÉireann.

Rinneadh fás thar a bheith láidir a thaifeadadh d'onnmhairí chun na hAfraice le linn na bliana 2020. Go foriomlán, tháinig ardú 77% ar luachanna onnmhairí ag baint €92.3m amach sa bhliain 2020, bhí sé seo faoi threallús ag méideanna a d'ardaigh beagnach 50% le linn na tréimhse seo. Lean an Nigéir ar an margadh Afracach is tábhachtaí d'earnáil peiligeach na hÉireann agus is ionann é agus níos mó ná 50% ó thaobh luachanna onnmhairí chuig ilchríoch na hAfraice. Tháinig ardú 77% ar luach onnmhairí an mhargaidh seo agus ardú 50% de réir méide sa bhliain 2020, rud a thugann léiriú ar láidreacht an éilimh ar iasc peiligeach na hÉireann sa mhargadh sin. Tháinig ardú 44% ó thaobh luacha ar mhargadh na hÉigipte agus tháinig ardú beagnach faoi seacht go €9m ar onnmhairí go Camarún le luach chun tosaigh ar mhéideanna a d'ardaigh go 424%.

Rinneadh taifeadadh i dtéarmaí luacha, ar ardú measartha i margadh na Ríochta Aontaithe go díreach os cionn 2% chun €43.6m a bhaint amach, a bhí faoi threallús ag ardú méide de beagnach 10% le linn na tréimhse seo. Tá margadh na Ríochta Aontaithe fós ar an gceann scríbe do bheagnach 10% d'onnmhairí na hÉireann, ardú de bheagán ar an mbliain 2019. Bhí fás sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2020 faoi threallús ag feidhmíocht láidir earnáil an

éisc ghil a rinne taifeadadh ar ardú luacha 14% ó thaobh onnmhairí in ainneoin méideanna a bheith ag laghdú le níos mó ná 13% le linn na tréimhse. D'fheidhmigh onnmhairí peiligeacha go maith freisin, ag ardú 23% i dtéarmaí luacha. Ag teacht leis an fheidhmíocht fhoriomlán sa chatagóir seo, bhí tionchar níos diúltaí ar onnmhairí sliogéisc le linn na bliana 2020 le laghdú 15% ag teacht ar luachanna in ainneoin gur tháinig ardú 6.7% ar mhéideanna.

Tháinig laghdú ollmhór ar onnmhairí Éireannacha chun na hÁise le linn na bliana 2020 mar gur dúnadh an tseirbhís bhia ar feadh tréimhse fada mar gheall ar thionchar COVID- 19 agus bhí tionchar mór aige sin ar onnmhairí sliogéisc ardluacha chuig an réigiún. B'fhiú díreach os cionn €30m sa bhliain 2020 onnmhairí bia mara chun na hÁise, laghdú 57% bliain ar bhliain. Tháinig laghdú 42% ar onnmhairí chun na Seapáine, laghdú 73% ar onnmhairí chuig mórthír na Síne agus laghdú 8% ar onnmhairí chuig Hong Cong. Bhí onnmhairí chuig an réigiún seo faoi dhúshlán, ní amháin mar gheall ar thionchar COVID- 19 ach mar gheall ar dheacrachtaí móra lóistíochtúla ó thaobh seirbhís a chur ar fáil do na margaí seo mar gheall nach raibh fáil ar spás coimeádáin ar feadh na bliana agus bhí tionchar diúltach aige seo ar onnmhairí peiligeacha chuig an réigiún, agus easpa spáis lastais aeir chun lastais beo chuig an réigiún a éascú. Bhí tionchar diúltach freisin ag costais lóistíochtúla ar na torthaí a bhain an earnáil amach le linn na bliana 2020. Rinne seintimint tomhaltóirí a bhí diúltach ar mhargadh na Síne maidir le bia mara allmhairithe agus an ceangal a bhí aige sin le cásanna COVID- 19, maolú ar éileamh freisin ó thaobh speiceas áirithe sa chuid deiridh den bhliain. Chuir ardú ar chigireacht ag calafoirt freisin leis an mhoill ó thaobh imréiteach custaim agus ardú ar chostas ó thaobh seirbhís a chur ar fáil don mhargadh seo mar thoradh air sin. Tháinig laghdú 56% ó thaobh luacha ar onnmhairí peiligeacha chun na hÁise sa bhliain 2020 agus tháinig laghdú 57% ar onnmhairí sliogéisc, rud a thug léiriú ar na deacrachtaí a bhí i ndán d'onnmhairí ar feadh na bliana.

**Tá súil ag onnmhaireoirí na hÉireann go leanfaidh tomhaltóirí ag tacú le brandaí áitiúla ar mhaithe leis an téarnamh geilleagrach**

Baineann éagsúlacht le hionchais earnála don bhliain 2021, ag brath ar an gcatagóir. Is faoi thionchar COVID- 19 ar ghnó suas go dtí an tríú ráithe den bhliain 2021 atá an éiginnteacht laistigh den earnáil i gcónaí, leis an tuairim leathan go mbeidh téarnamh mall agus, go réalaíoch, is dóigh go mbeidh an bhliain 2022 tagtha isteach sula bhfillfidh an earnáil ar leibhéal na bliana 2019. Tar éis an Chomhaontaithe Trádála agus Comhoibrithe (TCA) idir an AE agus an Ríocht Aontaithe, tá laghdú suntasach ó thaobh cuótaí do phríomhspeiceas onnmhairí ar nós ronnaigh agus gliomaigh a mbeidh tionchar díobhálach acu ar onnmhairí bia mara sna blianta atá romhainn. Áirítear ar speiceas eile a bheidh faoi thionchar, raon speiceas iasc geal agus stoic scadán. Tá an tionchar atá ag an mBreatimeacht ag cur lastais atá a gcur go díreach chuig an Ríocht Aontaithe faoi thionchar freisin agus ó thaobh na n-onnmhaireoirí siúd atá ag baint úsáid as an Ríocht Aontaithe mar dhroichead talún mar gheall ar am, costas agus moill a bhaineann leis na riachtanais riaracháin nua, doiciméid custaim agus rialacha nua eile. Ar fud an AE27, sa ghearrthéarma, tá onnmhaireoirí Éireannacha ag súil go leanfaidh tomhaltóirí ar aghaidh ag tacú le brandaí áitiúla, sa chás fáil a bheith orthu, ar mhaithe le téarnamh an gheilleagair náisiúnta. Leanfaidh sé seo le tionchar a bheith aige ar chliaint atá ag onnmhairiú chuig na margaí seo sa ghearrthéarma. Meastar go gcuirfidh an t-ardú ar sholáthar bradán orgánach ó Albain agus ón Iorua tuilleadh brú ar earnáil bradán orgánach na hÉireann sa bhliain 2021, ag cur brú ar phraghsanna agus ag éileamh iarrachtaí feabhsaithe margaíochta chun gné uathúil dhíolacháin earnáil dobharshaothraithe na hÉireann a chur chun cinn chun cuidiú le tomhaltóirí atá ann cheana féin a choinneáil agus tomhaltóirí nua a earcú. Mar sin féin, tá an tionscal fós dearfach, maidir lena chumas fás i raon leathan margaí ar fud an AE27 agus na hÁise nuair a chuirfear tús le gnáthghnó arís. In ainneoin na bliana 2020, bliain a bhí thar a bheith dúshlánach, tá an earnáil ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú in éifeachtúlacht monarchan, i nuálaíocht, i mbrandáil agus i margaíocht a rachaidh chun leasa do chliaint sna blianta atá romhainn. Leanfaidh Bord Bia ar aghaidh ag obair ar thionscnaimh forbartha margaidh chun deiseanna a chur ar fáil d'onnmhaireoirí Éireannacha ar fud raon margaí onnmhairithe sa bhliain 2021 agus díreoidh Bord Bia freisin ar fhás agus ar chur le láidreachtaí clú an méid atá á chur ar fáil ag Éirinn ar spriocmhargaí na hEorpa agus na hÁise araon.



*Athbhreithniú Earnála:*

# GNÓLACHTAÍ BEAGA & ORGÁNACHA

**Sainmhíníonn Bord Bia earnáil na ngnólachtaí beaga a bhfuil láimhdeachas bliantúil idir €100 agus €3.5 milliún acu, mar earnáil a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha uile ó dheochanna, bia mara, alcól, déiríocht, feoil agus bianna ullmhaithe. Bíonn caidreamh ag Bord Bia le breis agus 650 cliant laistigh den earnáil seo, figiúr ina bhfacthas fás leanúnach le blianta beaga anuas. Bíonn tomhaltóirí ag cuardach bianna le barántúlacht agus foinse agus le stair an tsoláthróra beag. Earnáil shuntasach í earnáil na ngnólachtaí Beaga Bia agus Dí. Is fiú tuairim agus €300m-€450 milliún í agus tá sí ag leanúint uirthi ag fás. Léirítear éagsúlacht na hearnála freisin i bpróifíl gnólachtaí, lena n-áirítear, gnólachtaí nuathionscanta, ceardaithe, go stíl bheatha agus fiontair dírithe ar onnmhairí a fhásann go tapa.**

## Straitéis Bhord Bia do Ghnólachtaí Beaga 2019 - 2021

Bhí straitéis mhargaíochta tráchtála Bhord Bia d'earnáil na ngnólachtaí beaga mar bhonn faisnéise do thacaíochtaí Bhord Bia agus do thionscnaimh forbartha cumais d'earnáil na ngnólachtaí beaga sa bhliain 2020 agus beidh arís go dtí 2021.

De ghnáth, díríonn gnólachtaí beaga ar an margadh baile, bíonn siad óg (<10 mbliana), bíonn siad féinmhaoinithe den chuid is mó agus fostaíonn siad níos lú ná deichniúr, ach beartaíonn siad cur go mór leis an líon fostaithe sin. Soláthraíonn níos mó ná 30% de na gnólachtaí níos seanbhunaithe branda miondíoltóra, agus is iad onnmhairí is cúis le 16% den láimhdeachas laistigh den AE a thuairiscítear, leis an Ríocht Aontaithe ar an margadh onnmhairithe is mó acu. Baineann níos mó ná leath de na cuideachtaí a dhéanann onnmhairiú (54%) leas as dáileoirí, le 44% ag onnmhairiú díreach chuig a gcustaiméirí deiridh.

Is í fís Bhord Bia do ghnólachtaí beaga gur 'ghnólachtaí uathúla bia agus dí iad a aithneofar sa bhaile agus go hidirnáisiúnta mar tháirgeoirí oilte agus cruthaitheacha. Lorgóidh custaiméirí géarchúiseacha a dtáirgí ardcháilíochta agus fíor uathúla'.

Sa straitéis, roinntear gnólachtaí beaga ina gcuideachtaí de réir cineáil: Ceardaí, Seanbhunaithe, Nuathionscanta agus i mBun Fáis. Forbraítear tacaíochtaí saincheaptha chun cabhrú le cuideachtaí i gcúig phríomhréimse:

1. Faisnéis agus Treoir
2. Tacaíochtaí ar Líne
3. Forbairt Cumais
4. Líonraí Ábhartha
5. Daoine ábhartha a chur in aithne dá chéile

## Seimineár do Ghnólachtaí Beaga

Tionóladh Imeacht an tSeimineáir Bhliantúil do Ghnólachtaí Beaga an 22 Eanáir 2020 in Óstán Chill Chainnigh, Contae Chill Chainnigh. Tá an 10ú bliain slánaithe ag an imeacht bliantúil seo, ar a dtugtaí Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga roimhe seo.

Bhí bainistíocht caidreamh agus dáileadh ar na príomhthéamaí sa bhliain 2020. Cuir an t-imeacht ardán ar fáil do mhalartú smaointe, straitéisí, líonrú agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn. Bhí sé mar aidhm ag Bord Bia, trí ghnólachtaí a spreagadh chun 'A líonra a fhorbairt chun tacú lena gcinntí gnó' agus dea-chleachtas a comhroinnt maidir le 'Conas dáileoir a roghnú agus a bhainistiú' chun gnólachtaí beaga bia, dí agus gairneoireachta a spreagadh chun cur an méid is fearr is féidir lena gcaidreamh. D'fhreastail os cionn 60 gnólacht bia agus dí ar an imeacht.

## Tacaíochtaí ar Líne

Cruthaíodh leathanach gréasáin na nGnólachtaí Beaga sa bhliain 2019 mar chuid de láithreán gréasáin Bhord Bia atá deartha as an nua. Comhroinntear faisnéis sa leathanach gréasáin le Gnólachtaí Beaga maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil ó Bhord Bia agus ó ghníomhaireachtaí eile, chomh maith le faisnéis faoi ócáidí atá le reáchtáil agus léargais tomhaltóirí.

Seoladh Limistéar Foghlama ar Líne Bhord Bia sa bhliain 2020 agus tá raon leathan modúil ann do chliantchuideachtaí chun clárú leo, lena n-áirítear, 'Do Dháileoir a Roghnú agus a Bhainistiú' agus 'Cur i Láthair do Cheannaitheoirí'. Rinneadh an uirlis seo a fhorbairt mar fhreagra ar aiseolas ó chliaint gnólachtaí beag ar mhian leo a bheith in ann 'foghlaim as a stuaim féin'. Leis an Limistéar Foghlama Ar Líne, cuirfear ar chumas úsáideoirí scileanna nua a ghnóthú i modúil idirghníomhacha éagsúla. Beidh acmhainní breise ann freisin, amhail físeáin, grafaic fhaisnéise agus sraith straitéisí in-íoslódáilte, agus mar sin is acmhainn foghlama ilúsáide a bheidh ann do ghnólacht beag ar bith.

## Tacaíocht um Bhealaí chuig an Margadh – Cláir do Mhiondíoltóirí

Cuireann Bord Bia réimse tacaíochtaí ar fáil i dtéarmaí bealach chuig an Margadh ó dhearcadh Mhargadh na hÉireann.

Is ionann **Acadamh Bia** agus tionscnamh comhroinnte de chuid Bord Bia, SuperValu, agus Oifigí Fiontair Áitiúla. Rinneadh ceiliúradh ar Acadamh Bia, a forbraíodh sa bhliain 2013, agus a bhí seacht mbliana ar an bhfód sa bhliain 2020, agus gineadh os cionn €170 milliún i ndíolacháin ó bunaíodh é. Chuaigh táirgí ocht dtáirgeoir déag i siopaí mar chuid de chlár Acadamh Bia 2019/2020. Cuireadh tús le clár 2020/2021 i Meán Fómhair 2020 agus bhí 48 cuideachta rannpháirteach. Rachaidh táirgí cuideachtaí rathúla isteach sna siopaí i mí na Bealtaine 2021. Bhí gach Oifig Fiontair Áitiúil rannpháirteach le hAcadamh Bia, go neamhspleách nó i gcomhar le hOifig Fiontair Áitiúil in aice láimhe.

Forbraíodh **Grow with Aldi** i gcomhpháirtíocht le Bord Bia agus tá an ceathrú bliain ar an bhfód bainte amach aige anois. Tá an clár deartha chun cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide bhia agus dí na hÉireann a bheith curtha ar an liosta ag miondíoltóir náisiúnta. Faigheann rannpháirtithe meantóireacht saincheaptha agus rochtain ar cheardlanna saincheaptha le ceannaitheoirí Aldi agus le saineolaithe teicniúla Bhord Bia. Sa bhliain 2020, rinne 40 tháirgeoir Éireannacha breise a dtáirgí a sholáthar do 140 siopa Aldi ar fud na tíre faoin gclár sin.

Cuireadh clár **Kick Start Lidl** chun cinn don ceathrú bliain as a chéile. Tá an clár, arna reáchtáil ag Lidl Ireland le tacaíocht ó Bhord Bia, ceaptha chun cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide bhia agus dí na hÉireann a mbranda a fhás agus a líonra soláthair a thógáil. Sa bhliain 2020, bhí luach €1m de tháirgí Éireannacha ag Lidl, le breis is 80 táirge ó 60 soláthróir i siopaí Lidl.

## Food Works

Oibríonn FoodWorks, príomhchlár géaraithe na hÉireann do ghnólachtaí nuathionscanta bia agus dí, le líon beag foirne bia nuathionscanta ardphoitéinsil a bhfuil smaoineamh gnó láidir bia acu. Tá sé mar aidhm leis an gclár, atá á reáchtáil ag Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc, idéanna do tháirge nua agus nuálach a chothú agus a spreagadh a shásaíonn fíor-riachtanas margaidh agus a thacaíonn le fás tionscal bia na hÉireann ar scála domhanda. Ó 2012 i leith, d'oibrigh FoodWorks le breis agus 80 gnó nuathionscanta i bhforbairt idéanna gnó inscálaithe agus dírithe ar onnmhairiú.

Leanann Bord Bia dá rannpháirtíocht le roinnt de na príomh-ambasadóirí gnó in Éirinn chun cabhrú leis an gcéad ghrúpa eile sa tsraith fiontraithe bia agus dí agus chun gnólachtaí nuathionscanta ardionchais a fhorbairt.

- Áirítear ar bhuaicphointí ratha an chláir go dtí seo:
- Tá rath ó thaobh onnmhairiú bainte amach cheana féin ag duine as gach cúigear rannpháirtí;
- Tá ceithre mhór-roinn i gceist leis na margaí domhanda a sroicheadh: an Eoraip, an Afraic, an Áise agus Meiriceá Thuaidh;
- Aimsíodh breis agus €2.5m de mhaoiniú ó Fhiontraíocht Éireann.

I ndiaidh an phróisis iarratais fhoirmiúil bhí 10 gcuideachta rathúil rannpháirteach i gclár FoodWorks 2020

Reáchtáladh an clár go fíorúil ar feadh na bliana 2020 agus bhí ceardlann mhíosúil ar siúl agus bhí na seisiúin meantóireachta go léir ar siúl ar líne. Tháinig deireadh leis an gclár i mí na Samhna nuair a rinne na cuideachtaí a gcur i láthair líon infheisteoirí ionchasacha. Cuireadh tús i mí na Samhna 2020 le hearcaíocht don chlár FoodWorks 2021 agus tá na cuideachtaí rathúla le tosú i Márta 2021.

**Seimineár Gréasáin don Mhargadh Feirmeoirí:** Rinne Bord Bia óstach ar sheimineár gréasáin maidir le Margadh Feirmeoirí i mí Aibreán 2020 maidir leis an mbealach is fearr leis an ngnó a chur in oiriúint do COVID- 19. Is éard a bhí mar chuspóir leis an seimineár gréasáin seo deis a thabhairt do tháirgeoirí a bhíonn ag díol a gcuid táirgí ag an Margadh Feirmeoirí ar bhonn rialta deiseanna eile a fhiosrú chun teagmháil a dhéanamh lena gcuid tomhaltóirí chomh maith lena chinntiú go mbeidh siad ullmhaithe go maith chun filleadh ar an margadh nuair a osclófar na margaí sin tar éis na dianghlasála.

## Tacaíochtaí agus Cláir Eile do Ghnólachtaí Beaga

Cuireann an Margadh Bia ag Bloom ardán do mhargaíocht, promóisean agus forbairt ghnó ar fáil do tháirgeoirí beaga bia. D'aithin Bord Bia, nuair a cuireadh Bloom 2020 ar ceal mar gheall ar shrianta COVID-19, an tábhacht a bhaineann le mionsonraí gnólachtaí beaga a chomhroinnt le ceannaitheoirí d'uireasa bricfeasta ceannaitheoirí Bloom. Comhroinneadh leabhar meariompaithe digiteach le breis is 150 próifíl cliantchuideachtaí bia agus dí le breis is 300 teagmháil ceannaitheora.

Cuireadh tús le Meantóireacht Leanúnach Gnó do ghnólachtaí beaga i mí na Bealtaine 2020 agus bhí cúig chinn de chuideachtaí rannpháirteach sa chlár. Fuair na cuideachtaí seo tacaíocht i réimsí ar nós, réamhaisnéis maidir le sreabhadh airgid, caipitil oibre, bainistiú riosca agus tacaíochtaí airgeadais eile. Tugadh an clár seo chun críche i mí Lúnasa. Thaifead suirbhé aiseolais torthaí a bhí thar a bheith dearfach agus aithníodh an tionchar dearfach a bhí ag an tseirbhís ar a gcuid gnólachtaí.

Meantóireacht do Ghnólachtaí Beaga: Aithníodh mar thoradh ar COVID- 19 go bhféadfadh seo go mbeadh ar go leor gnólachtaí beaga a gcuid pleananna gnó agus margaíochta a athrú, a bpleananna straitéiseach foriomlána a thabhairt cothrom le dáta agus bealaí nua chun margaidh a lorg. Ag teacht leis na tionchair seo ar ghnó nach rabhthas ag súil leo, sheol an fhoireann do ghnólachtaí beaga painéal beag

meantóireachta gnó. Bhain thart ar 18 cuideachta leas as an mheantóireacht duine le duine seo ó mhí Iúil go Meán Fómhair 2020 agus bhí an t-aiseolas ó chliantchuideachtaí ar an iomlán thar a bheith dearfach.

## Athbhreithniú Earnála: Orgánach 2019

Bunaíodh Grúpa Straitéiseach na hEarnála Orgánaí i mí an Mhárta 2018 chun straitéis a fhorbairt chun an earnáil bia orgánach a fhorbairt don tréimhse suas go dtí 2025.

Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, Bord Bia, BIM, IFA, ICMSA, ICSA, forais deimhniúcháin maidir le táirgí orgánacha agus raon leathan páirtithe leasmhara óna hearnálacha feola, déiríochta, gairneoireachta, gránach agus dobharshaothrú orgánach.

Mar bhonn taca leis an straitéis seo tá fís maidir le bia orgánach na hÉireann, bunaithe ar a thréithe táirgthe nádúrtha, é a bheith mar rogha is mian le feirmeoirí, tomhaltóirí agus miondíoltóirí. An cuspóir foriomlán leis an straitéis, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar earnáil bia orgánach inmharthana in Éirinn, agus cur le hinbhuanaitheacht dhintiúir bhia na hÉireann trí raon leathan táirgí orgánacha a tháirgeadh chun freastal ar na deiseanna atá ag méadú sa mhargadh baile agus sa mhargadh onnmhairithe.

An Straitéis Orgánach 2019 - 2025 a bhí mar bhonn faisnéise ag gníomhaíochtaí Bhord Bia san earnáil orgánach sa bhliain 2020.

## BioFach 2020

Bhí aon cheann déag de chuideachtaí orgánacha rannpháirteach i BioFach sa bhliain 2020, lena n-áirítear, roinnt taispeántóirí a bhí rannpháirteach sa seó den chéad uair. Tionóladh an seó i mí Feabhra in Nuremberg agus tugadh os cionn 3,000 taispeántóir le chéile le breis agus 47,000 cuairteoir trádála as 136 thír. Rinne Bord Bia láithreacht na hÉireann ag Biofach a chur chun cinn go gníomhach trí labhairt go díreach le ceannaitheoirí, agus cuireadh a thabhairt dóibh cuairt a thabhairt ar chuideachtaí Éireannacha ag an seastán do bhrandaí 'Origin Green'.

Rinne Bord Bia óstach ar fháiltiú ar lá oscailte an imeachta agus d'fhreastail Ambasadóir na hÉireann chun na Gearmáine, an Dr. Nicholas O'Brien ar an ócáid.



## Na Gradaim Náisiúnta Orgánacha

Reáchtáladh na Gradaim Náisiúnta Orgánacha, i mí Meán Fómhair 2020, arna n-eagrú ag Bord Bia i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Thug an t-imeacht leathbhliantúil aitheantas d'fhorbairtí san earnáil ar fud na bpríomhchatagóirí a bhí faoi mholtóireacht painéal saineolaithe.

Bhí seacht gcinn de chatagóirí gradaim i gceist, lena n-áirítear, Miondíol, Miondíol Lipéid Phríobháidigh, Nua agus Nuálacha, Onnmhairí, Ríomhthráchtáil, Feachtas Margaíochta agus Gnó sa Phobal agus bronnadh duais mhargaíochta digiteach ar gach buaiteoir ar luach de €5,000. Fuarthas os cionn 115 iontráil ar fud na tíre agus cuireadh raon éagsúil táirgí ar an ngearrliosta ar fud na seacht gcatagóir mar thoradh air sin. Bhí an mholtóireacht ar na gradaim ar siúil go fíorúil ag cúigear moltóirí ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Fógraíodh na buaiteoirí trí fheachtas meáin shóisialta ar Twitter an 21 Deireadh Fómhair.

Sheol Bord Bia, ag teacht leis na gradaim, taighde ar dhearcthaí tomhaltóirí i leith bia orgánach. Léirigh na torthaí gur cheannaigh an ceathrú cuid de thomhaltóirí níos mó táirgí orgánacha ó thús phaindéim COVID- 19, le 27% ag ceannach bia orgánach go seachtainiúil, nó níos mó agus 35% ag ceannach bia orgánach uair amháin nó faoi dhó sa mhí. Bhí sláinte ar an bpríomhchúis le bia orgánach a roghnú (73%), le blas ina dhiaidh sin (65%) agus údar imní maidir leis an timpeallacht (55%). Fuarthas amach sa suirbhé freisin gur dócha go raibh daoine faoi aois 35 nó níos mó toilteanach níos mó a íoc ar bhia orgánach.

## Tionscadal maidir le Léiriúchán Scileanna don Fheirmeoir Óg Orgánach/ Plandlainne 2020 - 2022

Breithnítear fás plandaí ón síol go dtagann forbairt ar an bplanda óg mar ghnó thar a bheith speisialta. Faoi láthair, faigheann tionscal ghlasraí orgánacha na hÉireann na plandaí óga seo ó Shasana agus ón Ísiltír go háirithe. Mar gheall ar éiginnteacht an Bhreatimeachta, chomh maith le huaillmhian an tionscal maidir leis an saineolas seo a thabhairt chun na hÉireann, thacaigh Bord Bia le tionscnamh maidir le taispeántas feirme do roinnt saothróirí leasmhara atá ag na luathchéimeanna ó thaobh saineolas a fhorbairt i bhfás plandaí orgánacha.

Cuireadh tús leis an tionscadal seo i mí Deireadh Fómhair 2020 le díospóireacht tionscail maidir le hullmhú don chéad láthair taispeána atá ar na bacáin do mhí Eanáir 2021. Comhaontaíodh go n-oibreodh na páirtithe leasmhara go léir le chéile chun straitéis a chur i bhfeidhm do tháirgeadh glasraí orgánacha i bPoblacht na hÉireann do shéasúr 2021.

## Mairteoil Orgánach na hÉireann

Cuireadh Mairteoil Orgánach na hÉireann chun cinn ar mhargadh na hÍsiltíre tríd an miondíoltóir, Vomar, a chuir díolachán mairteola orgánach na hÉireann chun cinn ina chuid irisí sna siopaí. Mar chuid de ghníomhaíocht an phromóisin, bhí trí thaispeáint lánleathanaigh ar siúl ar feadh na bliana 2020, a chur tuilleadh le raon cuimsitheach mhairteoil orgánach na hÉireann a liostaigh an miondíoltóir grósaeireachta Ísiltíreach den chéad uair sa bhliain 2019. Leanfaidh Bord Bia le mairteoil orgánach na hÉireann a chur chun cinn i Vomar.

## Sonraí Taighde Margaidh Orgánach Kantar

Cheannaigh Bord Bia sonraí orgánacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ó Kantar ar feadh tréimhse 52 seachtain a chríochnaigh i mí Meán Fómhair 2020.

Aithníodh an méid seo a leanas do gach margadh sna sonraí a ceannaíodh.

- Luach an Mhargaidh Orgánaigh
- Fás sa Mhargadh Orgánach
- Luach an Mhargaidh Orgánaigh vs an Luach Iomlán Grósaeireachta
- Feidhmíocht Catagóire

Tá na sonraí seo ar fáil lena mbreithniú ag gach páirtí leasmhar orgánach.



*Athbhreithniú Earnála:*

# GAIRNEOIREACHT

## An Margadh Táirgí Úra Miondíola

**Áirítear ar thionscal na gairneoireachta, earnáil bia na gairneoireachta agus gairneoireacht taitneamhachta. Mar thionscal, tá 6,600 duine fostaithe i dtáirgeadh tosaigh. Ar an iomlán, bhí ardú de bheagán sa luach ag geata na feirme do thionscal na gairneoireachta i gcomparáid le luachanna na bliana 2019.**

## An Margadh Táirgí Úra

Bhí luach €1.7bn sa bhliain 2020 ar an margadh táirgí úra torthaí arbh ionann é agus €843m, glasraí €612m agus prátaí €245m. Chuir arduithe ar an meánphraghas agus an mheánmhéid a ceannaíodh leis an ardú ar luach an mhargaidh mhiondíola sa bhliain 2020. Bhí luach €340 milliún ar an margadh seirbhíse bia úir.

## Torthaí agus Glasraí

Sa bhliain 2020, bhí ardú sa luach ag geata na feirme á bhrath ag earnálacha glasraí páirce, barra cosanta agus torthaí i gcomparáid leis an mbliain 2019. Bhí coinníollacha éagsúla um fhás barr ann sa bhliain 2020, ar feadh na línte táirgí difriúla, a bhí níos fearr do chuid amháin ná mar a bhí sé do chuid eile. Ag brath ar asraon an chainéil margaidh agus ar bharra áirithe, bhí ardú ar dhíolacháin le feiceáil i roinnt earnálacha. Mar gheall ar shrianta phaindéim COVID- 19 bhí daoine ag obair ón mbaile ar feadh líon seachtainí le linn na bliana a chuir borradh faoi éileamh agus faoi dhíolacháin ag leibhéal miondíola. Mar sin féin, bhí tionchar diúltach aige ar na codanna sin den tionscal a bhí níos dírithe ar an margadh seirbhíse bia. Sna cásanna sin, aistríodh roinnt de na táirgí sin i dtreo an chainéil miondíola san áit ina raibh deiseanna. Chruthaigh fáil ar shaothar agus costais bhreise a bhain leis an bpaindéim dúshláin shuntasacha do thionscal na dtáirgí úra sa bhliain 2020.

## Muisiriúin

Sa bhliain 2020, tugadh luach ag geata na feirme de bhreis agus €119m ar an tionscal muisiriún agus táirgeadh 65,000 tonna muisiriúin. Onnmhairítear 80% den táirgeadh seo ón tionscal muisiriún chuig margadh na Ríochta Aontaithe agus díoltar an chuid eile ar an margadh intíre. Ba bhliain mhaith a bhí sa bhliain 2020 do dhíolacháin miondíola muisiriúin sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Bhí údar imní ann ar dtús go mbeadh tionchar ag an titim ar dhíolacháin seirbhíse bia mar thoradh ar COVID- 19 ar na díolacháin foriomlána.  Mar sin féin, ba bhliain den scoth a bhí inti do dhíolacháin miondíola sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn araon mar gheall go raibh níos mó daoine ag ithe sa bhaile.

## Prátaí

Measadh gurbh ionann táirgeadh prátaí sa bhliain 2020 agus 295,000 tonna, laghdú 13% ar tháirgeadh na bliana 2019. B'ionann agus 8,838 heicteár an t-achar a bhí faoi phrátaí. Is é an Rooster an príomhchineál i gcónaí agus ar phríomhchineálacha eile áirítear Kerrs Pink, Queens agus cineálacha do tháirgeadh criospaí. Tháinig ardú ar na cineálacha do phróiseáil agus do sceallóga úra. An margadh baile an príomh-mhargadh don tionscal prátaí agus cuireadh luach €245m air sa bhliain 2020 ag leibhéal miondíola.

## Barra Taitneamhachta

Measadh gur €70m luach an aschuir ón earnáil taitneamhachta sa bhliain 2020. Cuireadh luach €1.2bn ar an margadh garraíodóireachta ag leibhéal tomhaltóra, ardú suntasach i gcomparáid le blianta beaga anuas. Cuireadh luach €385m ar an gcatagóir plandaí agus bláthanna sa bhliain 2020 arbh ionann é agus ardú mór ar an mbliain roimhe seo. Tríd is tríd, ba bhliain mhaith a bhí inti don mhargadh garraíodóireachta. Bhí údar imní ann ar dtús go mbeadh tionchar diúltach ag srianta COVID- 19 ar an earnáil plandlainne agus ionaid gharraíodóireachta ar fud na tíre dúnta ar feadh tréimhse suntasacha ama, go háirithe go luath sa séasúr garraíodóireachta atá thar a bheith tábhachtach. Mar sin féin, in ainneoin roinnt cailliúintí go luath sa séasúr, le hardú ar dhíolacháin ar líne agus saothróirí ag aistriú chuig agus ag úsáid cainéil mhargaidh eile sa tréimhse sin, i gcomhar le spéis níos mó sa gharraíodóireacht agus níos mó daoine ag obair ón mbaile tháinig an margadh chuige féin go maith agus bhí séasúr maith ar an iomlán ag an tionscal mar thoradh air. Bhí bliain réasúnta ag an earnáil tírdhreacha sa bhliain 2020 le luach atá sa bhreis ar €300m in ainneoin na ndúshlán a chruthaigh COVID- 19.

Tá earnáil na gairneoireachta taitneamhachta ag brath go mór ar onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe agus bhí go leor cur isteach ar an margadh sa bhliain 2020 mar thoradh ar COVID- 19. Bhí ionaid gharraíodóireachta dúnta sa Ríocht Aontaithe sa Mhárta agus ag tús na dianghlasála sa Ríocht Aontaithe. Bhí laghdú ar onnmhairí bleibíní agus lus an chromchinn i gcomparáid leis an mbliain 2019 mar thoradh ar chur isteach ar Ceant Ollannach. Bhí laghdú ar dhíolacháin crainn Nollag i gcomparáid leis an bhliain 2019. Tháinig titim go €17m ar luach iomlán onnmhairí, lena n-áirítear, bleibíní agus bláthanna (€1.5m); duilliúr (€4.8m); crainn Nollag (€3.4m) agus stoc plandlainne (€7.3m).

## Promóisin Ghairneoireachta

### Mushrooms Complement Everything

Ba í an bhliain 2020 an bhliain dheiridh den fheachtas €2m "Mushrooms Complement Everything" arna chómhaoiniú ag an AE agus á reáchtáil sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a chuimsíonn fógraíocht dhigiteach, gníomhaíocht meáin shóisialta agus feachtas caidreamh poiblí. Sa bhliain 2020 d'aimsigh an feachtas 10 milliún duine, le 2 milliún teagmháil, 1.5 milliún amharc físeáin agus 31 milliún imprisean. Bhí sé mar fhócas leis an bhfeachtas léiriú a thabhairt ar an mbealach inar féidir muisiriúin atá gearrtha suas a chur le mionfheoil le béilí níos folláine, níos blasta agus nach bhfuil chomh costasach sin a sholáthar.

### Promóisean Prátaí

Is ionann an feachtas prátaí atá maoinithe ag an AE agus tionscnamh trí bliana il-tíre leis an Bheilg agus leis an Fhrainc. Tá Europotat, cuideachta thrádála prátaí na hEorpa mar chomhpháirtí freisin. Cuireadh tús leis an bhfeachtas, feachtas ar líne go príomha in Aibreán na bliana 2020. Bhí an chéad ghníomhachtú ar líne le príomhthionchairí ar siúl ag deireadh mhí na Bealtaine agus bhí an dara gníomhachtú ar siúl i dtús mhí Deireadh Fómhair. Tá láithreán gréasáin (potato.ie) mar bhonn taca leis an bhfeachtas agus tá an príomhábhar dírithe ar oidis nua do phrátaí. Tionóladh Lá Náisiúnta na bPrátaí an Aoine, 2 Deireadh Fómhair. Is feachtas dul chun cinn PR agus ar líne a bhí i gceist leis an fheachtas.

### Promóisean Garraíodóireachta

Seoladh an feachtas promóisin tomhaltóra garraíodóireachta dar teideal GróMór i mí Aibreáin. Ar theachtaireachtaí an fheachtais bhí 'Téigh Amach, Bí Folláin, Bí ag Fás' agus 'tabhair cuairt ar d'ionad garraíodóireachta áitiúil'. D'éirigh go maith leis an gclár agus tháinig ardú 200% i gcomparáid leis an mbliain 2019 ar chuairteoirí chun an láithreán gréasáin agus ar amais. Bhí 40,000 úsáideoir agus 90,000-amas ar an láithreán gréasáin sa bhliain 2020. Rinneadh teagmháil le os cionn 20,000 duine in aghaidh na sraithe ar na meáin shóisialta tríd an tsraith agallaimh le hionaid gharraíodóireachta agus le húinéirí plandlainne inar tugadh leideanna maidir le garraíodóireacht. Cuireadh tús le feachtas garraíodóireachta ardphróifíle ar fud cainéil teilifíse, raidió agus ar líne, i lár mhí na Bealtaine agus lean ar aghaidh ar feadh ceithre seachtaine go dtí lár mhí an Mheithimh. Díríodh an feachtas ar bhorradh a chur faoi dhíolachán plandaí, go háirithe nuair a osclaíodh ionaid gharraíodóireachta arís i mí na Bealtaine. Bhí leibhéal ard feasachta ann i measc daoine fásta maidir leis an fheachtas (38%) agus ina measc siúd a chonaic an fhógraíocht ar an teilifís nó a chuala an fhógraíocht ar an raidió. Thug triúr as gach cúigear duine fásta le fios go gcaithfeadh siad airgead ar phlandaí mar thoradh ar an bhfeachtas. Bhí an promóisean fógraíochta raidió agus digiteach deireadh ar siúl maidir le garraíodóireacht sa gheimhreadh i dtús mhí na Nollag.

*Tionscnamh maidir le Cathair Ghlas:* Bhí Éire mar chuid den iarratas rathúil AE 2020 chun síneadh a chur le feachtas na gCathracha Glasa, ina bhfuil 13 tír de chuid an AE rannpháirteach ann anois, ardú ó sheacht dtír. Tá an feachtas dírithe ar lucht déanta beartais, pleanálaithe cathracha, lucht déanta cinntí maidir le cathracha, ailtirí agus lucht forbartha tírdhreacha, chun aitheantas a thabhairt do luach agus do bhuntáistí níos mó spásanna glasa a chur san áireamh i gcathracha. Cuirfear tús le gníomhaíocht sa bhliain 2021.

### Celebrate Strawberry Season

Seoladh Feachtas Celebrate Strawberry Season i mí na Bealtaine agus lean an feachtas ar aghaidh go Meán Fómhair. Chuimsigh an feachtas gnéithe, lena n-áirítear, gníomhaíocht dhigiteach/tionchair, comhoibriú ar oidis, fógraíocht sna meáin chlóite agus gníomhaíocht maidir le próifíl saothróra. Bhí clúdach leanúnach meáin shóisialta ag tacú le gach gné den fheachtas.

Earcaíodh cúigear comhoibritheoir (Ambasadóirí Séasúracha) chun oidis chothaitheacha sláintiúla a fhorbairt. Chruthaigh sé oideas nua a bhí á n-óstach ar leathanach gréasáin Bhord Bia agus cuireadh chun cinn iad ar fud ardáin éagsúla ar líne. Díríodh ar mheáin náisiúnta agus réigiúnacha agus mar thoradh air sin bhí 17 airteagal ar fud na meáin chlóite, raidió agus ar líne agus sroicheadh 841,506 duine ar an iomlán.

### An Clár Food Dudes

Cuirtear Scéim Ghlasraí agus Thorthaí Scoile an AE i bhfeidhm in Éirinn tríd an gClár Bia Sláintiúil Food Dudes. Is tionscnamh athrú iompair dreasaithe fianaise-bhunaithe é an Clár Food Dudes atá á bhainistiú ag Bord Bia agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus ag an Aontas Eorpach. Tá mar aidhm leis an gClár Food Dudes tomhaltas torthaí agus glasraí a mhéadú go leanúnach i measc daltaí bunscoile trí thorthaí agus glasraí a chur ar fáil le go mblaisfear iad arís is arís eile.



Sa bhliain 2020, sular dúnadh na scoileanna, rinneadh an clár Food Dudes a chur ar fáil do 700 scoil agus do 112,962 daltaí ar an iomlán. Mar fhreagra ar dhúnadh na scoileanna, rinneadh clár Seachtaine Food Dudes leasaithe a fhorbairt agus seoladh an clár i mí Aibreáin.  Cuireadh gníomhaíochtaí téamúla seachtainiúla nua agus ábhar digiteach ar líne ar fáil don phobal i gcoitinne ar an gcuid nua Spraoi sa Bhaile de www.fooddudes.ie ar feadh naoi seachtaine trína cainéil mheáin shóisialta ina raibh eiseamláirí mór le rá rannpháirteach. Bhain an feachtas os cionn 3.1 milliún imprisean amach agus sroicheadh níos mó ná 362,000 duine agus chruthaigh os cionn 10,000 cuairt nua chuig láithreán gréasáin Food Dudes.

### Incredible Edibles

Is clár scoil-bhunaithe é Incredible Edibles a bhfuil sé mar aidhm leis leanaí a spreagadh chun a dtorthaí agus a nglasraí féin a fhás ar scoil agus sa bhaile, agus mar sin cur leis an bhfeasacht ar an ról atá acu in aiste bia fholláin agus chothrom. An tionscal gairneoireachta agus Bord Bia a dhéanann cómhaoiniú air, le tacaíocht ó thrí roinn, (ón Roinn Talmhaíochta, ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Sláinte). Déantar an clár a bhainistiú ar leibhéal na scoile ag an gcomhlacht oideachais agraibhia Agri Aware. Rinneadh 1,000 paca fáis ina raibh múirín, tornapaí, cairéid, leitís, síobhas agus síolta spionáiste chomh maith le plandaí sútha talún agus prátaí a chur ar fáil do 550 scoile (25, 000 dalta) ar fud na hÉireann faoin gclár a seoladh i mí Feabhra 2020. Mar fhreagra ar COVID- 19 agus ar dhúnadh na scoileanna, rinneadh forbairt ar chlár leasaithe de ghníomhaíochtaí ar líne le chúig cinn de thascanna croíláir agus seoladh an clár i mí Aibreáin agus bhí sé ar siúl ar feadh chúig seachtaine. Ghlac os cionn 1,340 teaghlach agus 3,900 leanbh páirt agus bhí os cionn 9,000 amas ar an láithreán gréasáin (+483%) le linn an fheachtais.

### Healthy Heroes

Is Tionscnamh am lóin do bhunscoileanna atá i gceist le Healthy Heroes, á reáchtáil ag Irish Bread Bakers Association (IBBA) agus ag Bord Bia, a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le leanaí a nósanna itheacháin agus aclaíochta a athrú agus a fheabhsú. Tugann an clár deis do leanaí foghlaim faoin gcothú agus cuireann sé borradh faoina leibhéil ghníomhaíochta, i dtimpeallacht spraíúil, neamh-iomaíoch. Seoladh an clár i scoileanna i mí Eanáir 2020 agus chláraigh 921 scoil (60,000+ dalta) chun páirt a ghlacadh. Fuair gach scoil ar fud na tíre pacáistí saor in aisce don mhúinteoir agus do na daltaí, ina bhfuil acmhainní oideachasúla (leabhair oideas, bileoga fíricí agus faisnéis atá éasca le tuiscint faoi Phirimid an Bhia) chomh maith le treoracha céim ar chéim chun club a bhunú sa scoil. Mar fhreagra ar COVID- 19, cruthaíodh leagan a thacaíonn le teaghlaigh de phacaí an chláir a cuireadh ar fáil ar www. irishbread.ie i mí Aibreáin. Fuair an clár clúdach náisiúnta sna meáin agus bhí sé le feiceáil ar an láithreán gréasáin tuismitheoireachta www.schooldays.ie. a bhfuil an-tóir air. Cuireadh tús le promóisean ceithre seachtaine le herfamily.ie i mí na Bealtaine agus sroicheadh 111,479 duine ar an iomlán.

### Promóisean Táirgí Úra

Sa bhliain 2020, rinne Bord Bia urraíocht arís ar chlár garraíodóireachta Grow Cook Eat a craoladh ar RTÉ i rith an earraigh. Díríonn an tsraith ar thorthaí agus glasraí a fhás, a chócaráil agus a ithe agus tá míreanna ar tháirgeoirí gairneoireachta tráchtála ann agus d’amharc lucht féachana mór, os cionn 270,000 duine ar gach eagrán.

### Feachtas Best in Season

Ag teacht le seoladh féilire nua Bord Bia, Best In Season, seoladh feachtas cumarsáide i mí Iúil 2020.

Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas cur le feasacht ar shéasúracht agus na buntáistí a ghabhann le torthaí a ghlasraí a ithe i measc tomhaltóirí, le tomhaltóirí a spreagadh chun táirgí úra atá i séasúr a cheannach agus a chócaráil agus treallús a chur faoi thrácht chuig an bhféilire idirghníomhach Best In Season ar BordBia.ie. Áirítear ar phríomhghnéithe an fheachtais, caidreamh poiblí agus gníomhaíocht ar líne agus úsáid á bhaint ar na meáin shóisialta. Sa bhreis air sin, chruthaigh seisear tionchairí le lucht féachana os cionn 310,000 duine agus iad curtha i dtoll a chéile, oidis shéasúracha comhroinnte ar Instagram mar chuid den fheachtas.

## Cláir Ghairneoireachta

### Margaíocht, Nuálaíocht

Faoi Chlár Cúnamh Margaíochta agus faoi chláir tacaíocht COVID- 19, fuair 43 gnólacht gairneoireachta cúnamh chun tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí margaíochta sa bhliain 2020 chun cuidiú leo freagairt do na dúshláin a bhí á gcruthú ag COVID- 19.

In earnáil na bprátaí, chuir Bord Bia agus iad ag obair go dlúth leis an tionscal agus le Teagasc, tionscnamh chun cinn chun táirgeadh breise prátaí a spreagadh don mhargadh sceallóga úra.

### Aontaí Plandaí Náisiúnta

Bhí dhá aonach plandaí ar na bacáin d'earrach na bliana 2020 arna n-eagrú ag Cumann Stoic Plandlainne Chrua na hÉireann le tacaíocht ó Bhord Bia. Ba í aidhm na n-aontaí ceannaitheoirí agus saothróirí plandaí a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin chun díolacháin plandaí de tháirge áitiúil a éascú agus a spreagadh ag tús an tséasúir garraíodóireachta. Bhí an chéad aonach ar siúl i ndeireadh mhí Feabhra. Cuireadh an dara ceann a bhí ar na bacáin ar ceal mar gheall ar shrianta COVID- 19.

### Clár Forbartha Onnmhairí Taitneamhachta

Aithníodh forbairt agus leathnú onnmhairí do tháirgí taitneamhachta, go háirithe stoc plandlainne, duilliúr gearrtha agus bleibíní, mar dheis leathnaithe. Tá an Clár Onnmhairí Taitneamhachta (AEP) dírithe ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta taitneamhachta ar mian leo tógáil ar dhíolacháin onnmhairí reatha nó dul isteach i margaí onnmhairithe den chéad uair. Tá na cuideachtaí seo gafa le gairneoireacht taitneamhachta; duilliúr gearrtha, bleibeanna/ bláthanna, Crainn Nollag agus plandaí don ghairdín. Sa bhliain 2020, thacaigh meantóir leo seo a raibh teagmháil rialta aige/aici leis na príomh-onnmhaireoirí barra taitneamhachta. Ag tógáil san áireamh an cur isteach a chruthaigh COVID- 19, teacht an Bhreatimeachta agus an tábhacht a bhaineann le margadh na Ríochta Aontaithe d'onnmhaireoirí san earnáil seo, cuireadh leis an tacaíocht agus díríodh an tacaíocht ar an áit a raibh gá leis. I mí na Samhna, d'fhreastail na plandlanna uile a dhéanann onnmhairiú ar sheisiúin chomhairliúcháin phearsantaithe agus saincheaptha faoin onnmhairiú, le meantóir as earnáil taitneamhachta na Ríochta Aontaithe. Sa bhliain 2020, cuireadh suas le 115 ábhar cliant ar fáil d'onnmhaireoirí taitneamhachta.

## Bainistíocht Bharainneach

Cabhraíonn prionsabail bhainistíochta barainní le gnólachtaí chun táirgiúlacht a mhéadú. Tugadh cúnamh de bhreis is 20 gnólacht gairneoireachta le linn na bliana. Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht do 10 bplandlann ar theastaigh idirghabhálacha saincheaptha uathu díreach tar éis an chéad bhabhta dianghlasála de COVID- 19. Áiríodh ar ghnáth-idirghabhálacha, cúnamh le hidirbheartaíocht miondíola, comhairle maidir le hiasachtaí a athsceidealú, faisnéis a rochtain maidir leis na tacaíochtaí stáit atá ar fáil agus cúnamh le pleananna sreafa airgid agus pleananna gnó don chuid eile den bhliain 2020.

## Urraíochtaí

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais an tionscail ghairneoireachta trí sholáthar urraíochta do chomhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna ábhartha mar aon le himeachtaí a eagraíonn eagraíochtaí eile a bhfuil Bord Bia bainteach leo. Cuireadh go leor imeachtaí beo ar ceal sa bhliain 2020. Mar sin féin, chinntigh tacaíocht Bord Bia go raibh cumasú déanta ar roinnt de na himeachtaí seo mar imeachtaí fíorúla, lena n-áirítear, tacaíocht do chomórtas Gairneoir Óg na Bliana agus eagrú Léacht Chuimhneacháin David Robinson chun suim mac léinn san oideachas gairneoireachta a spreagadh, agus tacú leis.



# *Athbhreithniú Earnála:* Seirbhísí

## CLÁR ORIGIN GREEN

### Origin Green

Is é Mabbett, cuideachta cheannródaíoch cigireachta, fíorúcháin agus deimhniúcháin, comhpháirtí fíoraithe tríú páirtí Origin Green. Léiríonn ceadú Mabbett go bhfuil plean inbhuanaitheachta cuideachta Origin Green ag freastal ar na bunchaighdeáin atá riachtanach chun comhaltas Origin Green a bhaint amach. Tá fíorú neamhspleách pleananna Origin Green ríthábhachtach agus mar ghné lárnach den chlár. Ní mór do chomhaltaí Origin Green athbhreithniú cuimsitheach a chur faoi bhráid maidir lena pleananna inbhuanaitheachta bliantúla chun léiriú a thabhairt ar an dul chun cinn i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos.

Go dtí seo, tá 2,400 sprioc inbhuanaitheachta socraithe ag cuideachtaí, a dhearbhaigh an athuair tiomantas an tionscail d'fheabhsúchán leanúnach. Chomh maith leis sin, tá comhoibriú mar bhunchloch an chláir i gcónaí. Dá bhrí sin, tá Origin Green tiomanta oibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiríonn dea-chleachtas ina gcuid réimsí, mar iarracht feabhas a chur ar fheidhmíocht an tionscail ina iomláine agus chun treallús a chur faoi fheabhsúchán leanúnach.




## Origin Green - feirmeoirí

Cuimsíonn measúnuithe ar an fheirm cuid ríthábhachtach de chlár Origin Green. Chumasaigh bonneagar Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia atá i bhfeidhm le os cionn 20 bliain leathadh amach na measúnuithe inbhuanaitheachta ag leibhéal feirme. Tríd an mbonneagar seo tugann 100 iniúchóir faoi os cionn 650 iniúchóireacht neamhspleách feirme gach aon seachtain. Áirítear ar na cúig scéim um dhearbhú inbhuanaitheachta do tháirgeoirí: an Scéim um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS); an Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS); an Scéim um Dhearbhú Uibheacha Inbhuanaithe (SEAS); an Scéim um Dhearbhú Gairneoireachta Inbhuanaithe (SHAS); agus an Scéim um Dhearbhú Táirgí Éineola Inbhuanaithe (SPpAS).

Tugadh isteach sa bhliain 2020 mar fhreagra díreach ar phaindéim COVID- 19, córais iniúchóireachta cianda agus cumaiscthe. Chumasaigh an cur chuige nua seo i leith na hiniúchóireachta go rabhthas in ann leanúint le gníomhaíocht na scéimeanna deimhniúcháin go léir do chomhaltaí le linn na bliana 2020, ag cloí ag an am céanna leis an treoir maidir le sláinte phoiblí. D'éirigh thar barr leis an iniúchóireacht cianda agus cumaiscthe mar gheall ar thiomantas agus ar sholúbthacht comhaltaí na scéime agus na hiniúchóirí a thug faoin gcur chuige seo go fonnmhar sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2020, bhain an céatadán iomlán de tháirgeoirí gairneoireachta deimhniú chuig modúl Fáis-SHAS M1, 93% amach, agus rachaidh deimhniúcháin faoin Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Gairneoireachta (HQAS) in éag i Ráithe 1 den bhliain 2021. Tugadh faoi 285 iniúchóireacht ar an iomlán sa bhliain 2020 ar fud na gcaighdeán gairneoireachta go léir a bhí ar fáil. Beidh tabhairt isteach an mhodúil SHAS M3 a chlúdaíonn táirgeadh ornáideach ar siúl i mí Eanáir 2021.

Níor tháinig ach laghdú de bheagán ar an méid iniúchoireachtaí SBLAS agus SDAS a rinneadh sa bhliain 2020 mar thoradh ar COVID- 19. Cuireadh acmhainní breise ar fáil le deasc chabhrach Bord Bia ar fáil chun déileáil leis na méideanna i bhfad níos airde glaonna ó fheirmeoirí a raibh an córas iniúchóireachta cianda á rochtain acu. Nuair a bhí an córas seo socraithe suas agus ag feidhmiú go hiomlán, bhí 1,000 iniúchóireacht in aghaidh na seachtaine á stiúradh ar fheirmeacha comhaltaí SBLAS agus SDAS.

## Comhaltas

Bhí 46,539 iniúchóireacht ar an iomlán ar siúl ar fheirmeacha scéimeanna táirgeora éagsúla sa bhliain 2020. Bhí comhaltas mar a leanas ag deireadh na bliana:

| Earnáil | Comhalta |
|---|---|
| Mairteoil & Uaineoil | 54,632 |
| Déiríocht | 16,116 |
| Muiceoil | 415 |
| Éineoil | 611 |
| Uibheacha | 188 |
| Gairneoireacht | 350 |

## Caighdeán do Phróiseálaithe Feola

Le linn na bliana 2020, lean Bord Bia leis an gCaighdeán do Phróiseálaithe Feola cónasctha a fhorbairt. Tá an caighdeán modúlach de réir struchtúir, agus baineann an chéad mhodúil (Modúil A) le gach déantúsóir bia.

Cheadaigh an Coiste Comhairleach Teicniúil agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) Modúil A ag deireadh na bliana 2020. Táthar ag súil go mbeidh Modúil B (Feoil), C (Torthaí agus Glasraí) D (Cáilíocht agus Úsáid Lógó Bord Bia Lógó), E (Próiseáil Bhreisluacha) agus F (Inbhuanaitheacht) críochnaithe agus ceadaithe sa chéad ráithe den bhliain 2021.

Le linn na bliana 2020, bhí formhór na n-iniúchóireachtaí ar an láthair ar siúl tríd an tsaoráid iniúchóireachta cianda nua-fhorbartha. Bhí 178 iniúchóireacht ar phróiseálaithe ar siúl ar feadh na bliana 2020, lena n-áirítear, 145 Scéim um Dhearbhú Cáilíochta do Phróiseálaithe Feola (MPQAS)/ Comhaltacht Chomhairleach (AM), agus rinneadh 13 iniúchóireacht eile ar ionaid phacála uibheacha faoin Scéim um Dhearbhú Uibheacha Inbhuanaithe (SEAS). Faoi láthair, tá 92 comhalta le deimhniú MPQAS, Chomhalta Comhairleacha agus 17 comhalta SEAS ann.

## Déiríocht Fhéar-Chothaithe

Le linn na bliana 2020, tugadh iniúchóireacht iomlán chun críche ar an tsamhail Fhéar-Chothaithe a úsáidtear chun meán-fhigiúirí leanúnacha trí bhliain a ríomh. Ina dhiaidh seo, bhí Bord Bia rannpháirteach le próiseálaithe déiríochta lena dtabhairt cothrom le dáta maidir le feabhsúcháin a rinneadh agus chun leanúint le tacaíocht a thabhairt dóibh chun ullmhúchán a dhéanamh d'iniúchóireacht do Chaighdeán Déiríochta Féar-Chothaithe. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí trí mhonarcha deimhnithe agus bhí iniúchóireacht déanta ar mhonarcha eile agus bhí trí iarratas eile cláraithe ar bhunachar sonraí Bord Bia. Táthar ag leanúint leis an rannpháirtíocht leis na próiseálaithe déiríochta go léir agus tá go leor acu sin tiomanta ó thaobh dul faoi iniúchóireacht i dtús na bliana 2021.


## Mairteoil Fhéar-Chothaithe

Baineadh amach an creidiúnú don Chaighdeán Mairteola Féar-Chothaithe sa bhliain 2020. Faoi dheireadh na bliana, bhí iniúchóireacht déanta ar naoi monarcha agus bhí sé cinn acu sin deimhnithe. Bhí iniúchóireacht amháin ar na bacáin do thús na bliana 2021 agus bhí ocht gcinn d'iarratais eile cláraithe ar bhunachar sonraí Bhord Bia.

## Lógó Dearbhaithe Cáilíochta Bhord Bia

Bíonn an úsáid a mbaintear as lógó an Dearbhaithe Cáilíochta ar lipéid mhiondíola ard i gcónaí. Sa bhliain 2020, ceadaíodh thart ar 1,626 lipéad ó 108 chuideachta agus ba le haghaidh na gcatagóirí mairteola, uaineola agus slisíní bagúin an líon ab airde iarratas a fuarthas.

### QA % d'Iarratais de réir catagóire




## Origin Green – ag leibhéal cuideachta

Is féidir le cuideachtaí déantúsaíochta bia agus dí a bheith ina gcomhaltaí de chlár Origin Green trí thiomantas a thabhairt don Chairt Inbhuanaitheachta, agus pleananna inbhuanaitheachta a fhorbairt ar chaighdeán sách ard le fíorú neamhspleách a ghnóthú. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí os cionn 270 cuideachta ina gcomhaltaí fíoraithe. Soláthraíonn an chuideachta comhaltachta seo os cionn 90% de na honnmhairí bia agus dí Éireannacha ar fad.

Sa bhliain 2016, leathnaigh Bord Bia an clár Origin Green go dtí an leibhéal deiridh sa slabhra soláthair, nuair a tugadh isteach 'an Chairt Inbhuanaitheachta Miondíola agus Seirbhíse Bia' mar chuid de chlár píolótach. Mar a chéile le déantúsóirí, bíonn cuideachtaí miondíola agus seirbhíse bia rannpháirteach in Origin Green trí spriocanna uaillmhianacha, intomhaiste agus faoi cheangal ama a fhorbairt agus a sheachadadh mar chuid de phlean gníomhaíochta inbhuanaitheachta cúig bliana. Faigheann na pleananna seo fíorú neamhspleách freisin sula gceadaítear comhaltas.

Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí naoi gcuideachta seirbhíse bia agus miondíola ina gcomhaltaí fíoraithe d'Origin Green.

De réir mar a tháinig forbairt ar an gclár, tugadh isteach réimsí nua, lena n-áirítear, pacáistiú, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, chomh maith leis an réimse fócais roimhe seo maidir le foinsiú inbhuanaithe, éifeachtúlacht oibriúcháin agus inbhuanaitheacht shóisialta. Leis sin, cinntítear go bhféadfaidh comhaltaí Origin Green fanacht céim chun tosaigh ó thaobh Treochtaí margaidh agus leanúint orthu ag freastal ar riachtanais inbhuanaitheachta na gcustaiméirí.

## Origin Green – Straitéis Láidir don Todhchaí

Sa bhliain 2019, bhí an clár Origin Green ocht mbliana ar an bhfód. Ar feadh na bliana díríodh an obair ar na ceithre chuspóir straitéiseacha a sholáthar:

1. Rannpháirtíocht na gcomhaltaí a mhéadú
2. Bheith mar cheannaire san inbhuanaitheacht bia
3. Feabhas ar inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn
4. Teacht ar an margadh agus ar luach a mhéadú do chomhaltaí Origin Green

Cinnteofar trína cuspóirí sin a sholáthar, go leanfar le fás Origin Green agus go gcoinneoidh sé a bhuntáiste mar cheannródaí. Is é Origin Green an t-aon chlár náisiúnta inbhuanaitheachta bia agus dí ar domhan a chuireann treallús faoi fheabhsúcháin inbhuanaitheachta ar fud an tslabhra soláthair go léir ag leibhéal náisiúnta.



## Cuspóir 1: Rannpháirtíocht na gcomhaltaí a mhéadú

Baineann cuid bhunúsach de Origin Green le tacú le déantúsóirí bhia agus dí na hÉireann agus iad ag obair chun targaidí uaillmhianacha ó thaobh na hinbhuanaitheachta a leagan amach agus a bhaint amach. Mar iarracht chun sin a bhaint amach, tá uirlisí agus acmhainní éagsúla ar fáil do chuideachtaí rannpháirteacha agus iad ag obair chun fíorú iomlán a fháil, chomh maith lena stádas mar chomhalta fíoraithe a choimeád bliain i ndiaidh bliana.

Ar na tacaíochtaí a bhí ar fáil sa bhliain 2020 bhí:

- Meantóir Origin Green a sholáthar: Sannadh meantóir ar leithligh do gach ceann de na 270+ cuideachta Origin Green chun cabhrú leo pleananna inbhuanaitheachta a cheapadh agus athbhreithnithe bliantúla a thabhairt chun críche. Chuir na meantóirí sin tacaíocht agus treoir ar fáil i rith an phróisis, ar bhonn na cuideachta aonair, chun seirbhís shaincheaptha a chinntiú.
- Ceardlanna: Reáchtáil foireann Origin Green os cionn 20 seimineár gréasáin réamhléiritheach in 2020 a chabhraigh le cuideachtaí tuiscint a fháil ar an gclár agus a gcuid pleananna a fhorbairt.
- Teimpléid: Tugadh teimpléad pleananna bunaidh do chuideachtaí Origin Green ina leagtar amach gach rud nach mór a chur san áireamh ina bplean inbhuanaitheachta.
- Cúrsa Ar Líne: I ndiaidh cheardlanna a dhéanamh, reáchtáil foireann Origin Green cúrsa forbartha pleananna. Tá an cúrsa ceaptha chun cuideachtaí a thabhairt ón gcéim réamhléiritheach go dtí an chéim ina bhfuil forbairt déanta acu ar phlean inbhuanaitheachta iomlán atá réidh le fíorú.
- Tuarascálacha Aiseolais: Tugadh tuarascálacha aiseolas ar leithligh do chuideachtaí a raibh pleananna inbhuanaitheachta á bhforbairt acu, chun cabhrú leis an bhforbairt.
- Eagraíochtaí comhpháirtíochta Origin Green: Tá comhpháirtíocht ar bun ag Origin Green le raon leathan eagraíochtaí a bhfuil saineolas inbhuanaitheachta acu chun cur i bhfeidhm agus forbairt rathúil an chláir a chinntiú.
- Ó mhí Eanáir 2019, tá pacáistiú ina thargaid éigeantach faoin gcuid de Chairt Origin Green maidir le hamhábhar a aimsiú. Lena chinntiú go

mbeadh an t-eolas riachtanach ag cuideachtaí chun spriocanna cuí a leagan amach maidir le pacáistiú, reáchtáil Repak sraith de bhreis agus 20+ clinic faoin bpacáistiú inbhuanaithe. Leis na clinicí, tugadh deis do chomhaltaí Origin Green bualadh le teicneolaí pacáistithe de chuid Repak chun bealaí a d'fhéadfaidís a gcuid pacáistithe a dhéanamh níos inbhuanaithe a phlé.

- Cuireadh ionduchtúchán duine le duine agus ábhar ar fáil do na comhaltaí nua chun aitheantas a thabhairt dóibh mar chomhalta Origin Green (bratach, plaic, bioráin, teimpléid agus rochtain chuig acmhainní físeacha ar nós lógó).
- Cuireadh próifíl na gcomhaltaí ar láithreán gréasáin origingreen.ie Bhord Bia, ar na meáin shóisialta agus tugadh deiseanna caidreamh poiblí eile dóibh ar feadh na bliana.
- Cuirtear comhairle duine le duine ar fáil do na comhaltaí go léir maidir leis an mbealach le leas a bhaint as an gcomhaltas agus conas agus cá háit lena gcuid tiomantais inbhuanaitheachta a chur in iúl.
- Cruthaíodh láithreán gréasáin nua Origin Green leis an gclár a chur in iúl níos fearr agus lena chuid comhaltaí a thaispeáint.
- Reáchtáladh imeacht fíorúil do chomhaltaí i mí Iúil chun dianfhiosrú maidir le hinbhuanaitheacht a sholáthar ó shuirbhé Ullmhachta Radair Bhord Bia. Leagadh amach na príomhréimsí riosca le linn an imeachta.

Tá sé níos éasca anois le tabhairt isteach córas creidiúintí Origin Green i dtús na bliana 2020, comhaltaí atá ag feidhmiú ar ardleibhéal nó atá thar a bheith go maith ina bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a aithint. Is ionann Comhaltas Óir Origin Green agus leibhéal nua a cruthaíodh chun cuideachtaí atá ag baint barr feabhais amach ina sprioc-réimsí a léiriú. I mí na Samhna fógraíodh 26 cuideachta mar Chomhaltaí Óir ag imeacht fíorúil. Cuireadh uirlisí agus ábhair nua ar fáil do na Comhaltaí Óir go léir chun iad a aithint mar Chomhaltaí Óir 2020. Tá próifíliú á dhéanamh ar gach duine de na comhaltaí seo ar an láithreán gréasáin agus sna foilseacháin trádála agus cuireadh comhairle duine le duine ar fáil dóibh go léir maidir leis na bealaí is fearr le leas a bhaint as an stádas nua seo.

## Cuspóir 2: A bheith mar cheannaire san inbhuanaitheacht bia

Ar feadh na bliana 2020, d'iarr lucht eagraithe comhdhálacha idirnáisiúnta, comhlachtaí rialtais intíre agus idirnáisiúnta, agus príomh-chustaiméirí bhia agus dí na hÉireann ar chomhaltaí de chuid fhoireann Origin Green labhairt faoi fhorbairt agus faoi thorthaí leanúnacha an chláir Origin Green. Thug na hócáidí labhartha sin feasacht agus tuiscint faoi chlár Origin Green do lucht féachana intíre agus idirnáisiúnta.

Rinneadh forbairt ar Innéacs Origin Green 2019 mar uirlis chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don suíomh mar cheannaire atá ag Origin Green ó thaobh fheidhmíocht feirmeacha agus cuideachtaí a léiriú. Bhain innéacs Origin Green le sraith méadrachta inbhuanaitheachta a bhailítear faoi na Scéimeanna um Dhearbhú Inbhuanaitheachta (SAS) agus Cairt Origin Green (Cairt Origin Green), a chur le chéile in aon fhoinse amháin. Le hInnéacs Origin Green, cinntítear go bhféadfaidh foireann Origin Green Feidhmíocht inbhuanaitheachta ar fud SAS agus Cairt Origin Green a rianú, an fhaisnéis faoi inbhuanaitheacht atá á bailiú a léiriú go hinmheánach agus go seachtrach. Tugadh Innéacs Origin Green cothrom le dáta sa bhliain 2020 le feidhmíocht inbhuanaitheachta KPIanna.

## Cuspóir 3: Treallús a chur faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh Bord Bia treallús faoi fheabhsúcháin inbhuanaitheacht chun leanúint ag tacú le héilimh go bhfuil bia agus deoch na hÉireann á dtáirgeadh ar bhealach inbhuanaithe de réir mar a thagann ardú ar bhrúnna timpeallachta agus margaidh. Is forbairt feirme agus clár agus tacaíochtaí cuideachta an príomhmheicníocht trína gcuireann Bord Bia treallús faoi fheabhsúchán inbhuanaitheachta:

### 1. Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta:

Bhí Bord Bia ag obair go dlúth le pearsanra as Teagasc agus as an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun an tslí a bhféadfaí na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta a leasú chun gníomhartha a mbeidh tionchar dearfach ar inbhuanaitheacht acu a thabhairt isteach. Díríonn go leor de na hathruithe beartaithe go sonrach ar ghníomhartha as critéir MACC Theagaisc maidir le maolú um an athrú aeráide a chur san áireamh.

**2. Tuarascálacha nua Aiseolais ó Fheirmeoirí (FFR):**

Sa bhliain 2020, fuarthas Tuarascálacha Aiseolais ó Fheirmeoirí maidir le tréad de 21,012 a raibh iniúchóireacht tar éis a bheith déanta orthu. Is éard atá mar chuspóir le Tuarascálacha Aiseolais ó Fheirmeoirí, léiriú a thabhairt do chomhaltaí maidir leis an mbealach a gcuireann ionchuir agus gníomhaíochtaí a gcuid feirmeacha le táirgeadh GHG agus tá comhairle agus aiseolas iontu maidir lena thaispeáint do chomhaltaí an bealach ina gcuireann siad comhairle agus aiseolas ar fáil chun maolú a dhéanamh ar na hastaíochtaí seo agus éifeachtúlacht ó thaobh táirgeadh a fheabhsú. Tá an t-aiseolas comhairleach curtha le chéile i gcomhar le Teagasc agus díreofar ar bhearta atá leagtha amach i gcuar MACC Theagaisc.

**3. Rannpháirtíocht Feirmeoirí:**

Sa bhliain 2020, dhírigh an clár seo ar chumarsáid a dhéanamh le feirmeoirí, le súil aird a tharraingt ar an ról lárnach a imríonn siad maidir le hinbhuanaitheacht thionscal agraibhia na hÉireann, agus le súil agus soiléire a thabhairt maidir le tábhacht na ndintiúr inbhuanaitheachta chun margaí reatha a choimeád agus cinn nua a aimsiú. Mar chuid de straitéis rannpháirtíochta feirmeoirí Bhord Bia sa bhliain 2020, chuir Bord Bia nuachtlitreacha ráithiúla ar fáil do chomhaltaí an SDAS agus SBLAS agus chuir nuachtlitreacha ar leithligh ar fáil freisin do Chomhaltaí na Scéime Éineola agus Muiceola. Clúdaíodh ábhair ar nós caighdeáin féar-chothaithe Bord Bia, iarratas PGI, tionchar COVID- 19 ar mhargaí idirnáisiúnta, iniúchóireacht chianda agus suirbhé ar an mBreatimeacht, gan ach roinnt bheag a lua.

### Córas cisealaithe comhaltachta agus creidiúintí Origin Green a thabhairt isteach

Éilítear ar chuideachtaí rannpháirteacha, ag leibhéal déantúsaíochta Origin Green, plean inbhuanaitheachta ilbhliantúil cuimsitheach a fhorbairt le spriocanna soiléire, intomhaiste agus faoi cheangal ama ar fud trí phríomhréimse: foinsiú amhábhar, an próiseas déantúsaíochta agus inbhuanaitheacht sóisialta. Chun ballraíocht Origin Green a bhaint amach, fíoraítear na pleananna inbhuanaitheachta go léir go neamhspleách ar mhaithe le cruinneas agus seasmhacht ag cuideachta iniúchóireachta tríú páirtí.

Chun comhaltas leanúnach d'Origin Green a choinneáil, ní mór do chuideachtaí athbhreithniú bliantúil a chur faoi bhráid ina dhiaidh sin chun dul chun cinn soiléir a léiriú in aghaidh na spriocanna agus na tionscnaimh bunaithe atá leagtha síos a chur faoi bhráid. Arís eile, tá an t-athbhreithniú bliantúil faoi réir ag athbhreithniú neamhspleách tríú páirtí. Cinntítear leis sin, go bhfuiltear ag freastal go seasta ar bhunriachtanais an chláir agus go bhfuil cothabháil á dhéanamh air.

Ag tús na bliana 2020, thug Bord Bia córas creidiúintí Origin Green isteach, córas atá i gceist anseo atá bunaithe ar phointí, a dhéanann simpliú ar an bpróiseas fíoraithe ar chuideachtaí rannpháirteacha. Bunaithe ar ioncam/láimhdeachas bliantúil na cuideachta, grúpáiltear rannpháirtithe ar fud cúig shraith comhaltais le riachtanais atá ag brath ar mhéid.

Tugtar breac-chuntas sa Tábla thíos ar na cúig chiseal comhaltais laistigh de chlár Origin Green agus na spriocanna inbhuanaitheachta comhfhreagracha atá riachtanach do gach sraith faoi seach.

| Sraitheanna Comhaltais | Ioncam / Láimhdeachas | Íospriocanna Riachtanacha |
|---|---|---|
| Sraith 1 | >€250m | 8 |
| Sraith 2 | >€50 – 250m | 7 |
| Sraith 3 | >€10 – €50m | 6 |
| Sraith4 | >€1 – €10m | 5 |
| Sraith 5 | >€100,000 – 1m | 4 |

Is é an buntáiste a ghabhann leis an gcóras seo go léiríonn sé leibhéal níos mó trédhearcachta maidir leis an mbealach inar féidir comhaltas Origin Green a bhaint amach agus a choinneáil. Cuireann a oiread feabhais agus is féidir ar chumas comhalta na spriocanna inbhuanaitheachta a fheidhmiú go rathúil.

## Cuspóir 4: Cur le rochtain agus le luach margaidh do Chomhaltaí Origin Green

Rinneadh clár cumarsáide nua a fhorbairt agus leathadh amach sa bhliain 2020 chun a chinntiú go leanann Bord Bia le cruthúnas agus dul chun cinn an chláir agus a chuid comhaltaí a thaispeáint do pháirtithe leasmhara in Éirinn agus thar lear. Cuireadh amach ar líne i mí Aibreán 2020 an tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn. Rinneadh ábhar nua a fhorbairt ar nós, príomhdhoiciméid teachtaireachta, grafaicí eolais, cás-staidéar agus físeáin do ghníomhaíochtaí láithreáin gréasáin agus meáin shóisialta.

# LÉARGAIS AGUS PLEANÁIL STRAITÉISEACH

## FOIREANN BHORD BIA UM LÉARGAS AGUS PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Cinntíonn Foireann Bhord Bia um Léargas agus Pleanáil Straitéiseach go mbíonn léargas tomhaltóirí, margaidh agus cúrsaí trádála mar chuid lárnach de na straitéisí margaíochta agus nuálaíochta do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann i gcónaí. Is é atá mar sprioc ná an léargas seo a chomhroinnt ar fud na heagraíochta agus ar fud an tionscail, chun go mbeidh smaointeoireacht straitéiseach i gcroílár ghníomhaíochtaí Bord Bia. Leanann Bord Bia ar aghaidh ag féachaint chun cinn, chun páirtithe leasmhara a chumasú le cinntí straitéiseacha níos fearr a dhéanamh trí acmhainní a chur ar fáil do threochtaí, don fhadbhreathnaitheach agus do chláir nuálacha agus le ag féachaint chun cinn de shíor. Sa bhliain 2020, lean Bord Bia le seirbhísí a chur chun cinn agus a leathnú ar fud réimsí léargais, nuálaíochta agus brandála atá dírithe ar an tomhaltóir, ag soláthar léargais do chliaint agus do pháirtithe leasmhara.

## LÉARGAS TOMHALTÓRA AGUS CULTÚIR

Sa bhliain 2020, cuireadh acmhainní ar fáil chun léargais a sheachadadh ar bhonn níos leithne do tháirgeoirí, feirmeoirí, margaí, cainéil, earnálacha agus do léargas cultúir. Is ionann saineolas i ngach aon réimse acu seo i gcomhar le comhoibriú páirtithe leasmhara agus foinse idirdhealaithe iomaíoch chun treallús a chur faoi fhás inbhuanaithe gnó.

Áirítear ar thionscadail a bhí ar siúl sa bhliain 2020 faoin gclár seo:

**Léargas ar Shiopadóirí Feola:** Léargas ar Shiopadóirí Feola: Is rianaire atá anseo atá ag síor-rith maidir le hiompar siopadóirí sna príomh-mhargaí Eorpacha chun tuiscint a fháil ar athruithe ar thomhaltas feola a chlúdaíonn seacht margadh: Éire, an Bhreatain Mhór, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Iodáil, an Bheilg agus an tSualainn. Tomhaiseann sé tomhaltas próitéine, dinimic mhiondíola, úsáidí agus dearcadh i leith mairteola agus bacainní agus tiománaithe mairteola. Tugann na torthaí tacaíocht do chliaint feola ina mbainistiú catagóire le miondíoltóirí móra. Cuireadh na torthaí i láthair 10 bpríomhchustaiméir agus cliant sa bhliain 2020.

**Stíleanna Maireachtála Aiste Bia a Rianú:** Clúdaíonn an staidéar il-tíre seo naoi gcinn de mhargaí le os cionn 18,000 rannpháirtí. Tá sé i gceist leis an tuarascáil fiosrú a dhéanamh ar an mbealach inar tháinig Stíleanna Maireachtála Aiste Bia chun cinn le blianta beaga anuas le fócas faoi leith ar aiste bia veigeánach, veigeatóireach agus aiste bia eile atá solúbtha, bunaithe ar phlandaí agus ar fheoil (flexitarianis), ag cur leis an staidéar ón mbliain 2018. Tugann sé an deis do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le tabhairt faoin todhchaí agus a bheith ábhartha ag an am céanna agus le faisnéis a chur ar fáil ó thaobh straitéis chumarsáide, nuálaíochta agus branda. Cuirfear na torthaí i láthair cliantchuideachtaí i mí Feabhra 2021.

**Faoi réir ag Cruatan: Feeling the Pinch:** Seoladh an Tuarascáil Feeling the Pinch 2020 i mí na Samhna 2020 agus bhí an tuarascáil leagtha amach chun tuiscint a fháil ar sheintimint agus ar iompar tomhaltóirí ar bhonn domhanda atá tagtha chun cinn le linn COVID- 19 agus an chúlaithe eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar an mbealach chugainn. San áireamh sa tuarascáil seo freisin bhí, sraith maidir le margadh áitiúil a cuireadh i láthair ag seimineár gréasáin i mí na Samhna do 75+ lucht freastail, lena n-áirítear, dheighilt mionsonraithe tomhaltóir agus sraith straitéisí. Áirítear ar na margaí a clúdaíodh sa Tuarascáil, an Ríocht Aontaithe, Éire, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an tSín.

**An méid a d'ith Éire aréir:** Rinneadh coimisiúnú ar an staidéar seo, leagan níos deireanaí ná leagan na bliana 2011, chun cabhrú leis an tionscal bia agus dí chun foghlaim maidir leis an mbealach ina bhfuil athrú tagtha ar nósanna an lae inniu maidir le hídiú bhéile an tráthnóna le himeacht ama agus é mar aidhm ag deireadh thiar léargas a chur ar fáil chun treallús a chur faoi dheiseanna do bhéile an tráthnóna ar fud na n-earnálacha bia agus dí. Cuireadh an staidéar i láthair 80 cliantchuideachta sa Thinking House i mí Feabhra.



**Meon Thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe:** Lean obair léargais Bhord Bia maidir leis an mBreatimeacht ag díriú ar Mheon Thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe chun tuiscint dhomhain a fháil agus léargais a fhorbairt maidir leis an mbealach ina bhfuil tionchar ag próiseas an Bhreatimeachta ar an meon maidir le Poblacht na hÉireann agus a príomhchatagóirí bia agus deochanna. Ar feadh na bliana 2019, rinne Bord Bia rianú ar mheon tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe (Codanna 1-6) agus i bPoblacht na hÉireann (Codanna 1-4) chun tuiscint a fháil ar thionchar an Bhreatimeachta ar shiopadóirí grósaeireachta. Leanadh le trí chuid den staidéar rianaithe seo sa bhliain 2020. Comhroinneadh na torthaí ag seimineár gréasáin i mí an Mheithimh agus d'fhreastail 80 ionadaí cliantchuideachtaí.

**Forléargas ar an gCatagóir do Bhia Reoite:** D'fhreastail os cionn 30 cuideachta ar sheimineár gréasáin i mí Deireadh Fómhair chun tuiscint a fháil ar fheidhmíocht na catagóire bia reoite ar mhargadh na hÉireann ar feadh na chéad 36 seachtain den bhliain. Baineadh úsáid sa seimineár gréasáin ar shonraí Kantar chun forléargas a thabhairt ar fheidhmíocht na catagóire bia reoite, tionchar COVID- 19 agus príomhthiománaithe fáis don bhliain go dtí seo.

**Bia le Tabhairt Leat, Tuarascáil/Seimineár maidir le Léargas ar Thrádáil sa Ríocht Aontaithe:** Rinne Bord Bia coimisiúnú ar thuarascáil tras-earnála ar mhargadh Bia le Tabhairt Leath na Ríochta Aontaithe a dhírigh ar léargas trádála chun cuidiú le soláthróirí tuiscint a fháil ar na príomhdheiseanna i dtírdhreach Bia le Tabhairt Leat na Ríochta Aontaithe ar fud an chainéil iomláin ó shiopaí sraithe caife le tabhairt leat ilmhiondíoltóra agus miondíoltóireacht réamhchúirte. Tugadh an fhaisnéis dheiridh maidir leis an tuarascáil do bhreis is 80 cliant i mí na Samhna.

**Léargas ar an tSeirbhís Bhia ó thaobh na Mairteola sa tSín:** Rinneadh an taighde eitneagrafach tomhaltóra a stiúradh chun tuiscint a fháil ar dheiseanna i seirbhís bhia na Síne do mhairteoil na hÉireann. Féachadh go sonrach sa tionscadal ar líon ócáidí maidir le hithe, lena n-áirítear, ag ithe amuigh, aip seachadta agus ar am lóin agus é mar aidhm tuilleadh léargais a fháil do chliaint. Cuireadh na torthaí i láthair cliaint i mí Aibreáin agus cuireadh an fhaisnéis dheiridh i láthair cliantchuideachtaí feola ar bhonn cuideachta le cuideachta.

**Mairteoil na hÉireann sa tSeirbhís Bhia – Ceithre Mhargadh Eorpacha:** Is éard a bhí mar chuspóir leis an taighde seo tuiscint níos doimhne a fháil ar na margaí seirbhíse bia sa Ghearmáin, san Ísiltír, san Iodáil agus sa Bhreatain Mhór chun tuilleadh deiseanna a aimsiú do Mhairteoil na hÉireann. Scaipeadh torthaí agus tuarascálacha aonair margaidh ar chliantchuideachtaí.

**Staidéar maidir le Táirgí Úra:** Rinneadh coimisiúnú ar staidéar maidir le húsáid agus meon tomhaltóirí ar an margadh táirgí úra a dhírigh ar na mílaoisigh chun cuidiú leis an tionscal gairneoireachta foghlaim maidir le hiompar dhaonra na hÉireann agus a meon reatha maidir le ceannach, tomhaltas agus pátrúin úsáide ó thaobh torthaí, glasraí, prátaí agus sailéid fhuaraithe. Tugadh faoin staidéar freisin chun faisnéis a chur ar fáil d'fheachtas an AE do Bhliain Idirnáisiúnta Torthaí agus Glasraí. (2021). Cuireadh na torthaí ar fáil do chliantchuideachtaí gairneoireachta i mí na Samhna.

**Meastóireacht Mharc Cáilíochta Bhord Bia:** Tugadh faoin taighde tomhaltóirí seo chun meastóireacht a dhéanamh ar Mharc Cáilíochta agus ar fheachtais chumarsáide Bord Bia in Éirinn. Rinne gné rianaithe an taighde meastóireacht ar fheasacht, ar thuiscint agus ar thionchar gach aon fheachtas ar mhaithe lena bhfeidhmíocht a thomhas. Tá sé mar aidhm leis

na feachtais seo treallús a chur faoi fheasacht agus faoi cheannach táirgí leis an Marc Cáilíochta i measc tomhaltóirí na hÉireann.

**Ag Díol Feoil agus Bia Mara na hÉireann sa Ghrósaeireacht ar Líne:** Rinneadh an taighde seo a leagan amach chun léargas a sholáthar do na hearnálacha bia mara agus feola chun cuidiú leo cur lena ngnó ar líne. Bhí sé mar chuspóir leis an staidéar nósanna imeachta siopadóireachta ar líne a fhiosrú ar mhaithe le bealaí a aithint chun miondíol ar líne a ghnóthú agus treallús a chur faoi fhás gnó do chliaint feola agus bia mara. Cuireadh torthaí an taighde i láthair trí sheimineár gréasáin i mí na Samhna.

## TREOCHTAÍ, FADBHREATHNAITHEACHT AGUS NUÁLAÍOCHT

Chuir soláthar catagóir atá dírithe ar an todhchaí agus eolas tionscal ar chumas cliantchuideachta glacadh le dearcadh níos fadtéarmaí agus níos straitéisí. Tacaíonn na cláir nuálaíochta do chliantchuideachtaí a dhíríonn ar an tomhaltóir le forbairt táirge nua agus le cainéil agus margaí a rochtain, ag cur ar a gcumas caidreamh níos doimhne a chruthú le príomhchustaiméirí agus le príomhpháirtithe leasmhara.

Áirítear ar thionscadail 2020 an Chláir seo:

**An Clár um Threochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra:** Glacann an Clár um Threochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra cur chuige domhanda de réir mar a thug Bord Bia faoi thaighde i 21 margadh ar fud an domhain agus labhair le 28,000 tomhaltóir. Bhain Bord Bia leas freisin as líonra StreetScapers, daoine a bhfuil nasc acu le cultúr i bpríomhchathracha ar fud an domhain. Soláthraíonn siad samplaí de threochtaí sna margaí, de tháirgí, d'fheachtais bhranda agus d'fhorbairtí i gcúrsaí seirbhíse bia. Tá an clár seo mar chuid bhunúsach d'obair nuálaíochta agus brandála Bhord Bia mar go gcinntítear go gcruthaítear táirgí agus brandaí nua in aghaidh fhíor-iompraíocht tomhaltóirí a mhairfidh sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Is cuid thábhachtach atá san infheistíocht sa staidéar maidir le Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra dílsithe chun deiseanna atá dírithe ar an todhchaí a aithint. Sa bhliain 2020, reáchtáladh 14 ceardlann saincheaptha cliaint chun Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra a chur i láthair.

**Tionscnaimh Saincheaptha Léargais agus Nuálaíochta:** D'oibrigh an Fhoireann Léargais agus Pleanála Straitéiseach le 37 cliant ar thionscadail saincheaptha léargais agus nuálaíochta sa bhliain 2020. Chuir infheistíocht sa réimse seo ar chumas Bord Bia oibriú ar bhunús duine le duine le cliantchuideachtaí, agus díríodh tionscadail saincheaptha ar phríomhréimsí nuálaíochta, lena n-áirítear, idéú, tástáil coincheapa, tuiscint ar chatagóir agus suíomh branda do tháirgí nua. Is fiú gach aon tionscadal a chur chuige saincheaptha féin, ag brath ar chineál na gcuspóirí. Féadfaidh modheolaíochtaí baint a bheith acu le taighde agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil i margaí intíre agus idirnáisiúnta.

**Sraith Straitéisí maidir le COVID- 19 a Sheasfadh an Aimsir:** Bhí Bord Bia i mbun rianaithe ar athruithe in iompar tomhaltóirí le linn srianta COVID- 19 in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Fhrainc, sna Stáit Aontaithe, sa tSeapáin agus sa tSín ar feadh na bliana 2020. Tá foilseachán na Sraitheanna Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir mar phríomhuirlis chun cuidiú le gnólachtaí bia teacht chucu féin agus athshocrú agus a bheith ullmhaithe chun dul in iomaíocht le domhan a bheidh thar a bheith difriúil tar éis COVID- 19. Cuireadh sraith de 14 "Táscaire" a Sheasfaidh an Aimsir maidir le hathruithe iompair ó thaobh COVID- 19 ar fáil agus cuireadh sraith de ocht gcinn de Shraith Straitéisí a Sheasfaidh an Aimsir ar fáil d'Éirinn, do Stáit Aontaithe Mheiriceá, don Ríocht Aontaithe, don Fhrainc, don Spáinn, don tSeapáin agus don tSín. Is ionann an tsraith straitéisí agus doiciméad beo leis an fhaisnéis is deireanaí maidir le táscairí nua ar athrú iompair agus sonraí nua a thomhaiseann na hathruithe seo atá foilsithe agus tugtha cothrom le dáta ar mhol COVID- 19 Bhord Bia. Seoladh an tsraith do bhreis is 80 cliant trí sheimineár gréasáin i mí Aibreáin agus tá an tsraith foilsithe go leathan ar na meáin shóisialta agus ar na meáin náisiúnta. Seoladh Sraith Uirlisí d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus don tSín i mí na Samhna agus cuireadh an dara cuid de Shraith Straitéis a Sheasfaidh an Aimsir d'Éirinn, don Ríocht Aontaithe, don Ghearmáin, don Spáinn, don Fhrainc agus do Stáit Aontaithe Mheiriceá ar fáil freisin do 75 rannpháirtí trí sheimineár gréasáin i mí na Samhna.

**Staidéar maidir le "Future of Food":** Scaipfear an staidéar fadbhreathnaitheachta fadtéarmach seo chun fiosrú a dhéanamh ar threochtaí agus ar mhaithe le saincheisteanna straitéiseacha a aithint a bhfuil tionchar acu ar an tionscal bia agus dí a leathadh amach don tionscal i Márta 2021. Cuirfidh an staidéar seo ar chumas Bord Bia agus ar chumas cuideachtaí bia agus deochanna na hÉireann treochtaí amach anseo a thuiscint, a bhainistiú agus a ghiaráil níos éifeachtaí.

**Treochtaí na nDeochanna d'Aosaigh:** Rinneadh an tuarascáil seo a fhorbairt chun fiosrú a dhéanamh ar riachtanais tomhaltóirí agus deiseanna nuálacha a aithint sa mhargadh deochanna neamh-alcóil d'aosaigh agus le hinspioráid a sholáthar don tionscal, treoir thagartha a chur ar fáil maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn thart timpeall an domhain agus nuálaíocht a chur chun cinn san earnáil in Éirinn. Bhí raon leathan ag an tionscadal seo, ag aimsiú treochtaí a bhaineann le gach gné den mhargadh deochanna neamh-alcóil as baile; margadh a mheastar gur fiú €400bn é ar bhonn domhanda. Rinneadh an tuarascáil a sheachadadh ar 50 ionadaí tionscail trí sheimineár gréasáin i mí na Bealtaine agus táthar ag leanúint leis an obair saincheaptha cliant.

Cuidíonn an dá uirlis nuálaíochta domhanda saincheaptha atá thíos leis an riosca nuálaíochta a laghdú, lena n-áirítear, tomhas cainníochtúil ar fheidhmíocht táirgí agus ar tharraingteacht coincheapa, scagadh agus meastóireacht a dhéanamh ar choincheapa táirgí nua agus iad a thagarmharcáil in aghaidh iomaitheoirí.

**Taste n' Tell do Thomhaltóirí:** Soláthraíonn an clár seo tomhas cainníochtúil ar fheidhmíocht táirgí agus ar tharraingteacht coincheapa maidir le tomhaltóirí na hÉireann ar mhaithe le cur an méid is fearr is féidir le rathúlacht tráchtála. Laghdaítear an riosca ó thaobh na nuálaíochta ach scagadh agus measúnú a dhéanamh ar choincheapa táirgí nua agus iad a thagarmharcáil in aghaidh iomaitheoirí. Bhí dhá chuideachta rannpháirteach sa chlár Taste n' Tell do Thomhaltóirí sa bhliain 2020.

**BI:TES Ardán le haghaidh coincheapa a leagan amach agus a bhailíochtú:** Tugann an uirlis nuálaíochta saincheaptha domhanda seo: Smaointe níos Fearr: Smaoinigh, Measúnú, Roghnaigh, ar a dtugtar BI:TES, an deis do chuideachtaí smaointe le haghaidh táirgí nua a leagan amach agus a thástáil go tapa chun feabhsúcháin incriminteacha, tapa, céim ar chéim a éascú, bunaithe ar aiseolas ó thomhaltóirí. Tá ar chumas an ardáin seo úsáid a bhaint as foirmeacha gearra aiseolais go tapa agus tá an t-ardán ar fáil ar bhonn domhanda anois. Sa bhliain 2020, bhí 10 gcliantchuideachta rannpháirteach in BI:TES chun smaointe nuálacha a thabhairt chun an mhargaidh.

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseach don Nuálaíocht faoi Threoir ag Léargas:** Is clár atá i gceist anseo a cruthaíodh i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agus le cliantchuideachtaí chun caidreamh le miondíoltóirí agus le príomhchuntais ar fud margaí tosaíochta a neartú. Tacaíonn an clár seo le honnmhaireoirí chun deiseanna nuálaíochta ardacmhainneachta a aithint (B2B agus B2C) ina gcuid earnálacha (déiríocht, feoil, bianna ullmhaithe) agus an próiseas nuálaíochta seo a stiúradh chuig tráchtálú. Sa bhliain 2020, thug Bord Bia tacaíocht do thriúr onnmhaireoirí trí dheiseanna nuálaíochta ardacmhainneachta a aithint ina gcuid earnálacha agus chuidigh leo leis an bpróiseas nuálaíochta a stiúradh ó bhunsmaoineamh, go forbairt an choincheapa, go tráchtálú, i gcomhpháirtíocht le Sainsbury's. Tá Bord Bia ag obair i gcomhpháirtíocht freisin le Axfood agus Edeka ar chláir chomhpháirtíochta straitéiseacha.

## FAISNÉIS FAOIN MARGADH

Mar gheall go gcruthaítear gnó sa mhargadh, cuirtear béim as an nua ar léargas margaidh a sheachadadh ag leibhéal margadh le margadh, le tuiscint níos fearr ar thírdhreach, miondifríochtaí agus deiseanna i ngach margadh. D'fhéadfadh sé seo, ar a sheal, a bheith mar thús maith d'fhás. Cuireann soláthar áiseanna den scoth um chuardach leabharlainne agus na seirbhísí den scoth um fhaisnéis margaidh tuilleadh feabhais ar eolas páirtithe leasmhara agus earnála faoi mhargaí atá curtha in ord tosaíochta.

Áirítear an méid seo a leanas i dtaighde sa bhliain 2020:

**Comhábhair Dhéiríochta do sheirbhís bhia na hÁise:** Is éard a bhí mar chuspóir leis an taighde seo tuiscint mhion a fhorbairt maidir leis an deis do chomhábhair dhéiríochta sa tseirbhís bhia sa tSeapáin, Vítneam agus sa Mhalaeisia.

**Tuarascáil an Mhargaidh Déiríochta don Áise Thoir Theas:** Tá an tuarascáil démhíosúil seo á scaipeadh ar chliaint comhábhair dhéiríochta Bhord Bia leis an gcuspóir achoimre a dhéanamh ar an timpeallacht tráchtála agus léargais óna príomh-mhargaí seo san Áise Thoir Theas a chur ar fáil. Scaipeadh an chéad eagrán den tuarascáil seo ar chliaint i mí na Samhna.

**Léargais an Mhargaidh Déiríochta maidir leis an Áise Thoir Theas:** Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar thorthaí an taighde léargais mhargaidh maidir le margaí úsáide deiridh do chomhábhair dhéiríochta sa Chóiré Theas, i Vítneam, sa tSeapáin agus i Meicsiceo. Tarraingíonn na torthaí aird ar dheiseanna tábhachtacha do chuideachtaí déiríochta Éireannacha maidir le nuálaíocht mar phointe difreála. Foilsíodh an tuarascáil seo sa Mhárta.

**Mairteoil agus Muiceoil san Úcráin – Tuiscint ar Thrádáil:** Is taighde príomha a bhí i gceist anseo a rinne scrúdú ar an margadh don mhuiceoil agus

don mhairteoil san Úcráin, le fócas ar éileamh allmhairithe, ar phraghsanna, ar cheannaitheoirí agus ar bhealaí chun margaí chomh maith le straitéisí iontrála sa mhargadh inmharthana a aithint do tháirgí na hÉireann.

**Caoireoil sa tSín:** Tugadh taighde chun críche sa bhliain 2020 maidir le tomhaltas réigiúnach caoireola sa tSín, maidir leis an riachtanas allmhairithe agus treocht féideartha, na mór-allmhaireoirí, dáileoirí agus custaiméirí. Tá an léargas margaidh seo leagtha amach chun cuidiú le cliantchuideachtaí na hÉireann chun an margadh nua seo a rochtain. Scaipfear na torthaí nuair a cheadófar rochtain mhargaidh.

**Feidhmíocht agus Ionchais Onnmhairí 2020/2021:** Measúnú Bhord Bhia ar luach onnmhairí sa bhliain 2020 atá i gceist leis seo. Mar sin féin, téann sé níos faide ná sin agus leagtar amach do chliaint, do chustaiméirí agus páirtithe leasmhara níos leithne anailís Bhord Bia maidir le cad go díreach a tharla, cad a tharlóidh agus cén seasamh a bheidh ag tionscal bia agus dí na hÉireann sna treochtaí maicreacnamaíocha agus sochaíoch atá ag tarlú sa domhan. Rinneadh é seo a sheachadadh do 275 cliant agus do na meáin i mí Eanáir trí sheimineár gréasáin.

**Léargas ar Bháicéireacht agus Sraith Seimineáir Gréasáin:** Rinne Bord Bia óstach ar cheithre sheimineár gréasáin do chliantchuideachtaí báicéireachta ó mhí Meán Fómhair go mí na Samhna chun cuidiú le cuideachtaí déileáil níos fearr leis an gcur isteach ó COVID- 19 agus iad féin a chosaint ar thionchair an Bhreatimeachta. Bhí rannpháirtíocht ard sna seisiúin fhíorúla seo agus d'fhreastail os cionn 200 duine. Tá taighde ar siúl sa Bhreatain Mhór i láthair na huaire maidir le léargas ar shiopadóirí ó thaobh tionchair COVID- 19 ar an gcatagóir bháicéireachta sna siopaí, comhroinnfear na torthaí le cliaint i Ráithe 1 den bhliain 2021.

**Forléargas ar an gCatagóir Bia Reoite:** D'fhreastail os cionn 30 cuideachta ar sheimineár gréasáin i mí Deireadh Fómhair ar mhaithe le tuiscint a fháil ar fheidhmíocht na catagóire do bhia reoite ar mhargadh na hÉireann ar feadh na chéad 36 seachtaine den bhliain. Baineadh úsáid sa seimineár gréasáin as sonraí Kantar chun forléargas a thabhairt ar fheidhmíocht na catagóire do bhia reoite, ar thionchar COVID- 19 agus na príomhthiománaithe na bliana fáis go dtí seo.

**Athbhreithniú ar Chatagóir Bia Fuaraithe Miondíola na hÉireann:** Baineadh úsáid as sonraí Kantar sa seimineár gréasáin seo chun forléargas den scoth a thabhairt ar fheidhmíocht na catagóire do bhia fuaraithe, le fócas mionsonraithe ar bhéilí ullmhaithe fuaraithe, ar anraith úr agus ag píotsaí fuaraithe. Cuireadh forléargas ar fáil sa seimineár gréasáin ar fheidhmíocht an mhargaidh grósaeireachta iomlán na príomh-mhiondíoltóirí sa chatagóir fuaraithe. Bhí an seimineár gréasáin ar siúl i mí na Nollag le 15 cliantchuideachta PCF.

**Sonraí Painéil Tomhaltóirí:** Soláthraíonn na sonraí seo tuiscint leanúnach ar fheidhmíocht sna catagóirí, agus ar iompraíocht tomhaltóirí ó thaobh dearcthaí agus treochtaí agus ó thaobh iompraíocht ceannaigh. Tá na sonraí ríthábhachtach chun a chinntiú go mbíonn cliantchuideachtaí ar an eolas i gcónaí agus cothrom le dáta maidir leis an tírdhreach margaidh agus na hathruithe is deireanaí chun cuidiú leo cinntí eolacha a dhéanamh bunaithe ar shonraí agus ar léargais atá fíor.

**Inbhuanaitheacht Bia Mara:** Is staidéar comhoibríoch le BIM a bhí i gceist anseo chun tuiscint a fháil ar ról na hinbhuanaitheachta san earnáil bia mara ó thaobh tionchar ar chinntí maidir le ceannach agus foinsithe agus le deiseanna a aithint do sholáthróirí na hÉireann ar fud ceithre mhargadh. Bhí an fócas ar sé speiceas (bradán, anglait, ronnach, diúilicín, portán agus gliomach) laistigh de ceithre mhargadh (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn agus an tSín). Is éard atá mar chuspóir leis an tionscadal seo ná cuidiú le tionscal bia mara na hÉireann chun leas a bhaint as acmhainneacht na hinbhuanaitheachta mar thiománaí fáis agus mar phríomhghné de thodhchaí an tionscail. Scaipeadh na torthaí ar chliant agus ar chustaiméirí ar bhunús duine le duine agus comhroinneadh iad le sé chliantchuideachtaí bia mara agus ar mhór-mhiondíoltóir amháin sa bhliain 2020.

**Inbhuanaitheacht na mbialann mearsheirbhíse. (QSR):** Tá fás seasta le blianta beaga anuas ar an gcomhrá domhanda maidir le hathrú aeráide agus le hinbhuanaitheacht. Tá go leor de na Bialanna Mearsheirbhíse (QSR) agus de na soláthróirí tiomanta cur le hinbhuanaitheacht ar fud an tslabhra breisluacha. Déantar iarracht, sa staidéar ilmhargaidh seo, tuiscint a fháil ar cé chomh minic is a bhreithníonn custaiméirí QSR inbhuanaitheacht agus ar an mbealach a mbíonn tionchar aige ar a rogha maidir le cá háit a mbeidh greim le hithe acu. Áirítear ar na margaí a clúdaíodh sa taighde seo, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe. Foilsíodh torthaí an staidéir seo i mí Meán Fómhair.

**Móráireamh Táirgthe:** Tugann an DAFM faoi mhóráireamh táirgthe bliantúil agus cuidíonn Bord

Bia le hanailís a dhéanamh ar na sonraí seo agus leis an tuarascáil dheiridh a chur le chéile. Cuireann an fhaisnéis sin méid na n-earnálacha gairneoireachta agus treochtaí táirgeachta ar fáil, chomh maith le léargas ar fheidhmíocht na n-earnálacha.

**Anailís ar Bharr Prátaí:** Déantar anailís gach bliain ar an mbarr prátaí bliantúil. Cuirtear measúnú neamhspleách ar fáil leis sin, óna ríomhtar an fhíor táirgthe prátaí bliantúil. Cuireann sin léargas cruinn ar fáil do na príomhpháirtithe leasmhara sa tionscal, amhail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, IFA agus IPF faoin méid prátaí is dócha a bheidh ar an margadh sa séasúr atá ag teacht. Cuidíonn an fhaisnéis seo le táirgeoirí/lucht pacála chun pleanáil a dhéanamh do sholáthar eagraithe táirgí chun an mhargaidh ar fud an tséasúir.

**Iniúchóireachtaí ar an Margadh Miondíola Gairneoireachta**: Déantar trí iniúchóireacht miondíola gach bliain. Is i rith na bpríomh-shéasúr táirgthe do tháirgí a fhástar in Éirinn a dhéantar iad. Is é príomh-chuspóir na sonraí, bunáit na dtáirgí ar an tseilf miondíola a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid Mharc Cáilíochta Bhord Bia ar tháirgí.

**Meastóireacht ar an bhfeachtas Prátaí:** Tá riachtanas ann, tar éis maoiniú AE a fháil don fheachtas prátaí, chun tionchar an fheachtais ar fud ar fud trí fheachtas a thomhas agus meastóireacht a dhéanamh air thar thréimhse trí bliana. Rinneadh seachadadh ar an meastóireacht ar thionchar an fheachtais i mí na Samhna.

## FORBAIRT BRANDA AGUS NUÁLAÍOCHT TOMHALTÓIRÍ

Is clár atá anseo maidir le cruthú branda, d'fhorbairt, do nuálaíocht agus do sheirbhísí gníomhachtaithe do chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann chun treallús a chur faoi fhás inbhuanaithe difreáilte don tionscal. Tá an clár seo á fhorbairt agus á sheachadadh ag foireann ardoilte le raon leathan saineolais agus nuálaíochta agus taithí ó thaobh an mhargaidh. Le himeacht ama, tá sé mar sprioc cultúr dea-chleachtais ó thaobh forbairt branda a sheachadadh ar fud an tionscail. Bainfear é sin amach tríd an tsraith seirbhísí seo a leanas:

**Seirbhísí maidir le Cothú Branda Saincheaptha agus Nuálaíochta:** Tá seirbhís iomlán maidir le forbairt branda le treoir saineolaíoch, smaointeoireacht straitéiseach agus bainistiú tionscadal á tairiscint ag Bord Bia a dhéanann Speisialtóirí Forbartha Branda Bord Bia a sheachadadh ó thús go deireadh. Tá léargas tomhaltóirí i gcroílár na seirbhíse seo lena ndéantar forbairt ar bhrandaí nua, an méid atá á thairiscint ag brandaí, agus ag nuálaíochtaí. Sa bhliain 2020, d'oibrigh Bord Bia le breis is 30 cliantchuideachtaí meánmhéide go cuideachtaí móra ar fud gach earnáil den tionscal, lena n-áirítear, feoil, déiríocht, deochanna, alcól agus bianna tomhaltóra ullmhaithe.

**Seirbhísí Gníomhachtaithe Branda Saincheaptha:** Chuir an tseirbhís seo le treoir saineolaíoch, smaointeoireacht straitéiseach agus bainistiú tionscadal ar fáil do chliantchuideachtaí maidir le feidhmíocht margaidh go gearrthéarmach agus gníomhaíochtaí incriminteacha chun cur le luach branda go fadtéarmach araon. Is seirbhís atá i gceist anseo atá á tairiscint ag Bord Bia a dhéanann Speisialtóirí Forbartha Branda Bord Bia a sheachadadh ó thús go deireadh. Sa bhliain 2020, d'oibrigh Bord Bia le 15 gnólachta ar thionscadail, lena n-áirítear, pleanáil straitéiseach agus feidhmiú gníomhaíocht branda ar fud na meán dhigiteacha, lena n-áirítear, dearadh láithreáin gréasáin, caidreamh poiblí agus gníomhachtú i siopaí.

**SuperBrands:** Is seirbhís forbartha branda ó thús go deireadh agus atá sainithe go dlúth do ghnólachtaí beaga atá i gceist anseo. Oibríonn Speisialtóirí Forbartha Branda Bord Bia le cuideachtaí atá rannpháirteach chun cuidiú leo ó thaobh straitéis, togra agus spriocdhíriú branda. Baintear úsáid as an obair seo mar bhunús d'achoimre chruthaitheach do ghníomhaireacht deartha chun forbairt a dhéanamh ar aitheantais nua nó ar aitheantais athnuaite a dtugtar spreacadh dóibh ansin ar phacáistiú deartha nó ar phríomhphointí teagmhála eile tomhaltóra agus códaithe mar shraith treoirlínte branda. Cuidíonn taighde cáilíochtúil tomhaltóra le bailíochtú a dhéanamh ar choincheapa thogra branda agus ar dhearadh pacáiste le sprioctho mhaltóirí. Bhí os cionn 10 gcuideachta bia, dí agus gairneoireachta rannpháirteach i seirbhís SuperBrands sa bhliain 2020.

**Fóram Branda:** Oibríonn an Fóram Branda le húinéirí brandaí chun brandaí a dhéanamh níos fearr trí cheannaireacht smaointeoireachta agus dea-chleachtas a comhroinnt sa tionscal bia agus dí. Tá an Fóram Branda, a bunaíodh 20 bliain ó shin oscailte do gach cliantchuideachta agus tá go leor cláraithe leis. Áirítear ar ghníomhaíochtaí sa bhliain 2020:

***Seisiúin Faisnéise Stiúrthóirí:*** Seisiúin Ceisteanna agus Freagraí le ceannairí tionscail, ar nós treochtaí,

nuálaíocht, léargais a neadú, inbhuanaitheacht, brandaí onnmhairithe, an Breatimeacht, athchalabrú tar éis an Bhreatimeachta, cultúr ceannaireachta agus eagraíochta.

*Ceardlanna maidir le forbairt branda:* San áireamh anseo bhí ábhair ar nós cumarsáid branda le linn réimeas COVID- 19, tírdhreach agus straitéisí meáin, feachtais margaíochta rathúla a fhorbairt, éifeachtúlacht margaidh, optamú físeán agus bainistiú géarchéime.

*Suirbhé maidir le Seiceáil Shláinte Branda:* Tugtar faoi shuirbhé cainníochtúil ar líne ar shiopadóirí grósaeireachta ar bhonn náisiúnta. Sa bhliain 2020, d'oibrigh an Fóram Branda le 53 cuideachta comhaltachta le taighde a dhéanamh ar 43 catagóir grósaeireachta. Déantar rianú agus anailís sa taighde ar fheidhmíocht gach branda maidir lena chuid iomaitheoirí. Áirítear san aschur, tuarascáil ar bhranda saincheaptha ina dtugtar mionsonraí ar réimsí anailíse, lena n-áirítear, feasacht branda, breithniú, taithí, cothromas, féidearthacht branda amach anseo agus méadrach foriomlán ar shláinte branda. Tacaíonn agallaimh mion duine le duine leis na tuarascálacha seo chun deis a thabhairt d'úinéirí branda an luach is fearr is féidir a fháil ón taighde.

*Seirbhís Físeán Oideas:* Cuireann seirbhís físeán oideas bliantúil Bhord Bia an deis ar fáil do chomhaltaí an Fhóraim Bhranda físeáin oidis a dhéanamh chun an chaighdeáin léiriúcháin is fearr is féidir. Léirítear go leor leaganacha amach agus gnáthseatanna chun na táirgí a thaispeáint. Mar gheall ar éileamh mór ar ábhar digiteach i mbliana, rinne Bord Bia dúbailt ar an ábaltacht oibriú le 19 úinéir branda chun 28 físeán a chur ar fáil. Rinneadh seimineár gréasáin a leagan amach freisin chun tacú le hoptamú físeán agus le dáileadh chun tacú le rannpháirtithe.

*Físeáin Teagaisc:* Chun tacú le comhaltaí an Fhóraim Branda a bhí ag cur a gcuid ábhar branda féin ar fáil do chainéil dhigiteacha, rinneadh forbairt ar shraith físeáin teagaisc grianghrafadóireacht ar theileafóin le haghaidh Instagram. Léirítear sa tsraith seo d'ocht gcinn d'fhíseáin, na bealaí le cur an méid is fearr is féidir le cumas an branda ar Instagram agus áirítear: soilsiú, cúlra, frámú, dearadh, eagarthóireacht, teagmháil le Instagram, scéalta agus spóil agus an scéal a insint maidir le do bhranda féin.

# MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

## Feachtais Idirnáisiúnta Gnó le Gnó (B2B) do Mhairteoil, Déiríocht agus Bia Mara

Rinne Foireann Margaíochta Branda Bhord Bia feachtais B2B maidir le mairteoil, déiríochta agus bia mara in ocht bpríomh-mhargadh tosaíochta a stiúradh sa bhliain 2020. Dhírigh na feachtais ar phríomh-chustaiméirí trádála, déantúsaíochta, miondíola agus seirbhíse bia chun sainroghnú bhia Éireannaigh a bhrú chun cinn i margaí seanbhunaithe, agus chun feasacht faoina sainiúlacht a ardú i margaí nua-bunaithe maidir lena chuid dintiúir inbhuanaitheachta. Reáchtáladh na feachtais sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, san Ísiltír, sa Ghearmáin agus san Iodáil (margaí seanbhunaithe) agus sa tSín, agus sa tSeapáin (margaí nua).

Reáchtáladh Food Brand Ireland le linn an chéad leath den bhliain, agus tháinig an feachtas féar-chothaithe ina áit i mí Iúil 2020, chun feasacht ar bhuntáistí Chaighdeán Féar-Chothaithe Mairteola agus Déiríochta Bhord Bia a thabhairt do cheannaitheoirí sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Ghearmáin agus san Iodáil.

Áiríodh ar ghníomhaíochtaí, scaipeadh sócmhainní cruthaitheacha nua-fhorbartha mairteola agus déiríochta, lena n-áirítear, físeán maidir le mairteoil agus déiríocht féar-chothaithe, fógraíocht agus meirgí fógraíochta digiteacha. Baineadh úsáid as na hacmhainní thuasluaite chun díriú ar cheannaitheoirí i bhfoilseacháin trádála, láithreáin gréasáin thrádála ábhartha agus úsáid á bhaint as fógraíocht agus as ardán meáin shóisialta B2B, LinkedIn, le teachtaireachtaí ag cur in iúl seoladh an chaighdeáin féar-chothaithe agus na buntáistí a ghabhann le táirgí mairteola agus déiríocht na hÉireann i dtéarmaí dintiúir caighdeán den scoth féar-chothaithe. Rinne an ghníomhaíocht dhigiteach go léir spriocanna trádála a atreorú chuig leathanaigh lamairne láithreán gréasáin irishfoodanddrink.com nua-dheartha chun tuilleadh a fhoghlaim maidir leis an gcaighdeán.

Is éard a bhí mar chuspóir foriomlán le feachtas B2B Bhord Bia ná treallús a chur faoi fheasacht ar Éirinn mar sholáthróir bia inbhuanaithe le fócas ar mhairteoil agus ar dhéiríocht, dírithe ar an gcumas an stádas féar-chothaithe a fhíorú maidir le tréada

mairteola agus déiríochta cáilithe na hÉireann. Tugadh an stádas do mhairteoil agus do dhéiríocht na hÉireann mar go raibh acmhainneacht uathúil á sholáthar acu don trádáil lena n-úsáid mar bhunús d'éilimh maidir le féar-chothú trí sholáthar táirgí mairteola agus déiríochta na hÉireann.

Ó thaobh Bia Mara na hÉireann, bhí feachtais B2C ar siúl ar fud dhá mhargadh tosaíochta seanbhunaithe, an Fhrainc agus an Ghearmáin, a bhí dírithe ar thuilleadh eolais a thabhairt don tomhaltóir maidir le gnéithe uathúla dhíolacháin (USPanna) bia mara na hÉireann chun treallús a chur faoi fheasacht agus faoi shainrogha. Reáchtáladh dhá fheachtas sa Fhrainc, go háirithe, chun bradán orgánach na hÉireann agus diúilicíní orgánacha na hÉireann a chur chun cinn. Reáchtáladh gníomhaíocht i Ráithe 1, 3 agus 4 a bhí dírithe ar ghníomhachtuithe digiteacha, m.sh. físeán nua ar líne a chur chun cinn a léirigh na buntáistí a ghabhann le bradán orgánach na hÉireann agus d'fhéach 1.95 milliún duine ar an bhfíseán sin. Sa Ghearmáin cuireadh bradán orgánach na hÉireann chun cinn i Ráithe 4 i bhfeachtas digiteach, lena n-áirítear, Bord Bia léiriú digiteach, ailt fógraíochta ar fud foilseacháin orgánacha agus seoladh físeán nua ar YouTube agus ar fhógraíocht láithreán gréasáin agus féachadh orthu sin 2 mhilliún uair.

Tugadh faoin dara céim de straitéis chumarsáide B2B trí bliana don tSín sa bhliain 2020 freisin. Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas seo treallús a chur faoi thuiscint agus faoi fheasacht maidir le hÉirinn i measc príomhchustaiméirí na seirbhíse bia, i measc allmhaireoirí, trádálaithe agus miondíoltóirí ar líne, mar fhoinse ardchaighdeáin bia agus deochanna. Díríodh gníomhaíochtaí ar ghníomhachtú gnó ar líne agus as líne ar fud na mairteola, na déiríochta agus bia mara, agus leas á bhaint as tionchairí áitiúla, agus as príomhcheannairí tuairimíochta leis na príomhtheachtaireachta a shoiléiriú thart ar USPanna bhia na hÉireann. Díríodh ar ghrúpaí ábhartha trí chainéil dhigiteacha faoi úinéireacht Bhord Bia (Wechat agus Weibo), margaíocht le miondíoltóirí ar líne, comhpháirtíochtaí le príomhthionchairí ar líne agus meáin spriocdhírithe.

## Ócáidí Margaíochta

Chiallaigh teacht chun cinn COVID- 19 sa bhliain 2020, go raibh gá le hatheagrú a dhéanamh ar sceideal leathan bunaidh táirgeachta agus margaíochta ag 30 aonach trádála idirnáisiúnta agus ar thrí mhisean trádála. Chiallaigh cur ar atráth formhór na n-aontaí trádála go dtí an bhliain 2021 ag lucht eagraithe domhanda agus áitiúil ar fud na margaí go léir, mar aon le roinnt ócáidí a chur ar ceal, nach raibh Bord Bia páirteach go fisiciúil faoi dheireadh na bliana 2020 ach in ocht gcinn d'aontaí trádála idirnáisiúnta. Áiríodh orthu sin, trí aonach trádála san Eoraip – ISM (milseogra); BioFach (orgánach; Salon du Fromage, ceann amháin sa Mheánoirthear – Gulfood Dubai (Feoil agus Déiríocht) agus ceithre cinn san Áise – CIMIE na Síne, SIAL na Síne, Bia Mara Domhanda na Síne agus Bia Mara Idirnáisiúnta na Seapáine.

Chun tacú le leanúnachas gnó don tionscal, athraíodh ócáidí fisiciúla go hócáidí fíorúla, agus léiríodh agus rinneadh margaíocht ar 23 ócáid fhíorúil ar siúl sa spás digiteach.

Áiríodh ar imeachtaí digiteacha léiriúcháin agus margaíocht ar scála sa bhliain 2020 is fiú a thabhairt ar aird, Bloom sa Bhaile, imeachtaí corparáideacha ar nós seoladh fíorúil Radar Ullmhachta Breatimeachta, Dámhachtainí Óir Origin Green agus misin trádála na hÁise Thoir Theas chuig chúig mhargadh ar fud amchriosanna agus teangacha.

Bhí Bord Bia, in ionad a bheith rannpháirteach go fisiciúil ag aontaí trádála, rannpháirteach agus thacaigh le cliantchuideachtaí chun a bheith rannpháirteach in ócáidí meaitseála margaíochta ar líne a bhí léirithe go digiteach (m.sh. SEA Reconnect/ Bar Convent Berlin/ PLMA) agus tugadh tacaíochtaí do chuideachtaí freisin chun cur an méid is fearr is féidir lena rannpháirtíocht a stiúradh ar líon ócáidí agus aontaí saoire fíorúla. Mar thacaíocht bhreise do chliantchuideachta, rinneadh taifeadadh ar phitseanna físeán cliste agus chuir sraith cúrsaí oiliúna ar líne ar chumas léiriú seasmhach ar ardchaighdeán a dhéanamh ar ócáidí fíorúla/ digiteacha.

Chiallaigh sé seo freagra gasta agus solúbtha ar shianta threoirlínte domhanda COVID- 19, a chinntigh gur leanadh le seachadadh a dhéanamh ar fhorbairt gnó agus ar dheiseanna margaíochta do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ar feadh na paindéime.

## Bloom 2020 Bhord Bia

### Cuir ar Ceal Ócáid Fisiciúil Bloom

Rinneadh bainistíocht chúramach ar chur ar ceal Bloom i mí an Mhárta, agus cloígh go dlúth le treoirlínte Rialtais.

Is ionann Bloom agus ócáid uathúil, ardtionchair do thomhaltóirí Bhord Bia do na hearnálacha

gairneoireachta, bia agus deochanna. Gabhann tábhacht áirithe le Bloom ó thaobh díolachán plandaí ag am den bhliain a théann chun leasa don earnáil garraíodóireachta. Ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don earnáil agus mar aitheantas ar an tóir atá ar Bloom ar fud na tíre, rinneadh #bloomathome a chruthú. Rinneadh feachtas margaíochta digiteach a fhorbairt a spreag tomhaltóirí chun am agus airgead a chaitheamh lena gcuid gairdíní, balcóiní nó a mbláthbhoscaí fuinneoige féin. I gcomhar le RTÉ, tugadh cuireadh le linn an fheachtais dóibh siúd go léir a bhí ag fanacht gar don bhaile íomhánna agus físeáin a thaispeánann an taitneamh agus na buntáistí a bhaineann le garraíodóireacht a chomhroinnt. Tháinig feachtas an USG (ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí) chun críche an Domhnach an 31 Bealtaine le sceideal d’ábhar meáin dhigiteacha a raibh scannánaíocht déanta go gairmiúil air agus a bhí ullmhaithe roimh ré. Áirítear ar shamplaí; an tUachtarán, Michael D. Ó hUigín ina ghairdín ag tabhairt aitheasc do mhuintir na tíre, díospóireacht phainéil le dearthóirí gairdíní a bhain bonn óir amach, Neven Maguire ag cócaireacht sa bhaile, Banna Ceoil an Gharda Síochána agus comórtais tomhaltóirí maidir leis na gairdíní is fearr, taispeántais bláthanna agus garraíodóireacht atá oiriúnach don nádúr. D’oibrigh foireann Bloom go dlúth le páirtithe leasmhara Bloom, le cliantchuideachtaí, le hurraitheoirí agus le lucht taispeántais, ag tabhairt cuireadh dóibh chun a bheith rannpháirteach san fheachtas.

Fuar Bord Bia os cionn 5,000 iontráil do chomórtas #BloomatHome. Ghlac seachtó a haon cliantchuideachta de chuid Bord Bia páirt sa #BloomatHome tríd an Sráidbhaile Bia Fíorúil nó trí chomórtais speisialta Bloom. Bhí 70 milliún imprisean ar líne i gceist. Shroich an feachtas caidreamh poiblí os cionn 9 milliún tomhaltóir le AVE de €280,000.

## Pleanáil maidir leis an gCás

Chuir an Plean chun Maireachtáil le COVID- 19 - Teacht Aniar agus Téarnamh 2020 – 2021: sraith tráthúil de chúig chás ar fáil do Bhord Bia chun pleanáil níos fearr a dhéanamh do líon gníomhartha Bloom Bhord Bia sa bhliain 2021. Rinneadh forbairt ar phlean táirgthe agus margaíochta faoi threoir ag léargas do Bloom 2021 sa ráithe dheiridh den bhliain 2020, faoi réir ag srianta COVID- 19 chun faisnéis a sholáthar don chinneadh deiridh maidir leis an bplean gníomhachtaithe do Bloom 2021 is cuí agus is mó tionchar faoi dheireadh mhí Eanáir 2021.

## Feachtais Náisiúnta Gnó go Tomhaltóirí (B2C) in Éirinn

### Marc Cáilíochta Bhord Bia

Is éard is aidhm leis an gclár margaíochta, Marc Cáilíochta Bhord Bia, sa mhargadh intíre, sainroghnú bhia a bhfuil dearbhú cáilíochta aige a mhéadú. Mar chuid de sin, dírítear ar dhílseacht shiopadóirí Éireannacha do bhia a bhfuil an Marc Cáilíochta aige, agus an méid a cheannaíonn siad, a mhéadú. Dírítear freisin ar mhinicíocht ídithe na bhfeolta agus uibheacha a bhfuil dearbhú cáilíochta acu a bhrú chun cinn. Baintear amach é sin trí bhreac-chuntas a thabhairt ar an mbealach ina gcuireann na caighdeáin cháilíochta agus iniúchóireachta neamhspleách atá taobh thiar den Mharc Cáilíochta, ar chumas siopadóirí muinín a bheith acu agus sásamh a bhaint as an mbia atá á ithe acu. Le linn na bliana 2020, rinneadh na teachtaireachtaí sin a chomhtháthú ar fud gníomhaíochtaí cineálacha go léir maidir leis an Marc Cáilíochta agus ar fud cláir mhargaíochta sonracha do mhairteoil, uaineoil, muiceoil, sicín agus uibheacha.

Ag díriú ar shiopadóirí grósaeireachta ban 30-60 bliain d’aois, áiríodh ar na gníomhaíochtaí cineálacha, fógraíocht teilifíse don Mharc Cáilíochta le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcion táirgí feola a bhfuil an Marc Cáilíochta acu i measc miondíoltóirí. Ardaíodh an mhinicíocht a ídíodh feolta agus uibheacha a raibh dearbhú cáilíochta acu trí fhógraíocht teilifíse, gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí agus ábhar digiteach nua a chruthú agus a scaipeadh. Ar an iomlán, bhí 22 feachtas ar siúl sa bhliain 2020, lena n-áirítear, 40 seachtaine d’fhógraíocht teilifíse.

## Feachtas Quality Comforts

Rinneadh forbairt ar fheachtas nua mar fhreagra ar dhianghlasáil COVID- 19 agus cuireadh an feachtas i bhfeidhm thart ar an téama ‘Quality Comforts’. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas aghaidh a thabhairt ar riachtanais na tíre ó thaobh smaointe do bhéilí atá sláintiúil, sólásach agus spéisiúil sa bhaile agus úsáid á baint as feoil, éineoil agus uibheacha agus iasc geal na hÉireann a bhfuil dearbhú cáilíochta acu.

Áiríodh san fheachtas, fógra teilifíse maidir le stéig, fógra teilifíse ina raibh raon bia agus bia mara na hÉireann a bhfuil dearbhú cáilíochta acu agus fógra teilifíse maidir le hiasc geal na hÉireann. Thacaigh na cócairí is cáiliúla sa tír leis na gníomhaíochtaí seo ar na meáin shóisialta agus raon táirgí á n-úsáid acu chomh maith leis físeán oidis ó Bhord Bia. Tar éis na



bhfógraí teilifíse a thaispeáint den chéad uair, bhí ar chumas 56% de dhaoine fásta ceann amháin ar a laghad de na fógraí ón fheachtas Quality Comforts a thabhairt chun cuimhne. Mhaígh 57% de na daoine seo go raibh tionchar dearfach ag an fheachtas ar a n-iompar ó thaobh ceannach.

**Mhaígh 57% de dhaoine fásta go raibh tionchar dearfach ag na fógraí teilifíse ar a n-iompar ó thaobh ceannach**

## Bia Mara na hÉireann

Ba í an bhliain 2020 an dara bliana den straitéis trí bliana iasc geal Éireannach sa mhargadh intíre, le fócas ar cholmóir, cadóg agus faoitín Éireannach. An príomhchuspóir atá leis an straitéis, ilúsáidteacht agus blas an éisc ghil sin a chur ar shúile na ndaoine, le go roghnófar iad le haghaidh béilí laethúla agus deireadh seachtaine. Baineadh sin amach trí dhíriú ar shiopadóirí ban 35–55 bliana d'aois trí fhógraíocht teilifíse, gníomhaíocht cuardaigh agus na meáin shóisialta. Tar éis an fheachtais i míonna Lúnasa/Meán Fómhair, chuimhnigh 56% den sprioclucht féachana ar an bhfógra teilifíse nua a fheiceáil agus díobh sin, dúirt 61% (225,000 siopadóir) gur mó seans go gceannóidís iasc geal Éireannach mar gheall air.

Chomh maith leis sin reáchtáladh feachtais raidió, caidreamh poiblí agus meáin shóisialta freisin i mí Deireadh Fómhair agus na Nollag chun tomhaltóirí a spreagadh chun feoil portán na hÉireann, cloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath, oisrí, bradán deataithe orgánach, anglait agus breac dea-dhathach a roghnú.

## Urraíocht

### Neven's Irish Seafood Trails:

Le linn na bliana 2020, rinne Bord Bia urraíocht arís eile ar 'Neven's Irish Seafood Trails' ar RTÉ 1. Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas chur le tuiscint tomhaltóirí ar thionscal bia mara na hÉireann agus ar an raon bia mara Éireannach atá ar fáil. Le linn na sraithe seacht seachtaine, thug Neven Maguire cuairt ar tháirgeoirí éagsúla bia mara timpeall na hÉireann agus thaispeáin sé an tslí le hoidis éagsúla a chócaráil. Mheall sraith na bliana 2020 lucht féachana de bheagnach 215,000 duine, ar an meán in aghaidh na heipeasóide.

### Cook-In with Mark Moriarty:

Mar chuid den fheachtas Quality Comforts, rinne Bord Bia urraíocht ar an tsraith ocht seachtaine seo a taispeánadh ar RTÉ 1 i mí na Bealtaine/Meitheamh. Bhí sé mar chuspóir leis an bhfeachtas smaointe ó thaobh oidis a chur ar fáil maidir le feoil dhearg, éineoil, torthaí, glasraí chomh maith le hiasc geal na hÉireann le Dearbhú Cáilíochta Bord Bia. Mheall an tsraith 200,000 duine, ar an meán in aghaidh na heipeasóide.

### Neven's Christmas Menu

Craoladh an t-eagrán speisialta bia don Nollaig ina raibh dhá chuid ar RTÉ 1 an 9 agus an 17 Nollaig. Taispeánadh Neven Maguire agus oidis Nollag éagsúla a bhí thar a bheith blasta a ullmhú aige sa bhaile sa Chabhán.

Bhí na miasa séasúracha, le bia mara agus uaineoil, liamhás agus turcaí na hÉireann le Dearbhú Cáilíochta Bord Bia ag seasamh amach.

## Caidreamh/cumarsáid le feirmeoirí

Tá Feirmeoirí na hÉireann mar bhonn taca le honnmhairí bia agus dí na hÉireann agus cuireann siad go díreach leis an gcáil de scoth atá ar bhia agus ar dheochanna na hÉireann. Tá cur le agus cothabháil a dhéanamh ar an gcaidreamh oibre dearfach atá idir Bord Bhia agus feirmeoirí na hÉireann mar thosaíocht do Bhord Bia.

Rinneadh forbairt ar Straitéis um Rannpháirtíocht Feirmeoirí Bhord Bia don bhliain 2020 thart ar trí cinn de phríomhphiléir cumarsáide: meáin talmhaíochta agus réigiúnacha, ócáidí (úinéireacht agus tríú páirtí) agus cumarsáid dhíreach.

I bhfianaise COVID-19, cuireadh ar ceal ócáidí rannpháirtíochta feirmeoirí a bhí beartaithe, lena n-áirítear, Siúlóidí Feirm Déiríochta, an Comórtas

Náisiúnta Treabhdóireachta, Lá Mairteola Teagasc agus Gradaim Origin Green d'Fheirmeoirí. In ionad gníomhaíocht ócáide, dhírigh Bord Bia an fócas ar fhógraíocht meáin talmhaíochta agus ar urraíochtaí ábhartha. In áit Gradam Origin Green d'Fheirmeoirí, thaispeáin Bord Bia ceathrar feirmeoirí i bhfeachtas nua tomhaltóirí i míonna na Samhna agus na Nollag. Dhírigh an feachtas ar thomhaltóirí trí mheáin dhigiteacha, shóisialta agus clóite agus trí chaidreamh poiblí agus é mar aidhm ionadaíocht dhearfach a dhéanamh ar thalmhaíocht na hÉireann trí scéalta ó fheirmeoirí aonair.

Chruthaigh Bord Bia mol nuachta ar líne d'fheirmeoirí, AgriMarket Insights atbordbia.ie/farmersgrowers/prices-markets/agri-market-insights i mí Aibreáin. Faoi dheireadh na bliana, thug os cionn 15,200 úsáideoir cuairt ar na leathanaigh seo. Tá trácht faoi threallús ag cuairteanna orgánacha, téacsanna míosúla agus ag fógraíocht.

Thug gníomhaíocht meáin, íoctha agus tuillte araon, an deis do Bhord Bia le cumarsáid a dhéanamh le feirmeoirí ar raon ábhar agus saincheisteanna, ó thionscnamh Bord Bia go faisnéis mhargaidh agus tabhairt isteach iniúchóireacht chianda.

## Urraíochtaí Gradaim

Le linn na bliana 2020, rinneadh laghdú ar thionscnamh urraíochta mar gheall ar shrianta COVID- 19. Rinne Bord Bia urraíocht ar chatagóirí ag dhá chlár gradaim fíorúla. Ar ghradaim a fuair tacaíocht, bhí catagóir bhia agus dí Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga chomh maith leis an gcatagóir Ard-Seaimpín agus an chatagóir, an Táirgeoir Ceardaí is Fearr ag gradaim Blas na hÉireann.

## Caidreamh Poiblí um Brandaí Corparáideacha agus Cumarsáide

Ar feadh na bliana 2020, bhí foireann branda corparáideach agus cumarsáide Bord Bia dírithe go príomha i gcónaí ar fhreagra na heagraíochta ar COVID- 19, ar an mBreatimeacht agus ar athrú aeráide (Origin Green).

Áiríodh ar bhuaicphointí na bpríomhócáidí tosaíochta agus cumarsáide éifeachtach, seoladh Athrú a Nascleanúint (Aibreán), freagra Bord Bia ar COVID- 19; cur chun cinn agus foilsiú léargais den scoth Bhord Bia chun cuidiú le tacaíocht agus treoir a thabhairt don earnáil ar feadh na bliana 2020, seoladh an Radar Ullmhachta (mí Iúil), tuarascáil mhion maidir le diagnóis riosca; leanúnachas éagsúlú margaidh Bord Bia agus an tionscal leis an aistriú go hócáidí digiteacha agus ócáidí ar líne B2B, lena n-áirítear, misin trádála fíorúla chuig an Ríocht Aontaithe (mí na Samhna) agus chuig an Áise Thoir Theas (mí na Samhna agus na Nollag); agus straitéis mheáin maidir leis an mBreatimeacht a bhíonn ar siúl i gcónaí.

## Margaíocht Dhigiteach

Leanadh sa bhliain 2020 le clár na Foirne Margaíochta maidir le claochlú digiteach a sheachadadh ar fud na margaíochta le fócas ar ardáin, beartais agus próiseas a neartú agus a chomhdhlúthú chun tacaíocht níos fearr a chumasú le seachadadh a dhéanamh ar chuspóirí agus ar straitéis Bord Bia. Bhí na hardáin nua agus fheabhsaithe seo a leanas ríthábhachtach chun a chur ar chumas Bord Bia freagairt go tapa do bhliain a bhí thar a bheith corrach.

- Chuaigh láithreán gréasáin athdheartha Bord Bia (www.bordbia.ie) beo i mí Aibreán 2020. Cuireadh faisnéis ar fáil don dearadh trí thaighde ar thaithí úsáideora le hábhar a raibh barr feabhais curtha air. Mheall an láithreán gréasáin 1,156,267 úsáideoir ó seoladh é (ardú 2.69% ar an tréimhse roimhe seo). Ó seoladh an láithreán gréasáin, tá tuilleadh feabhsúcháin agus feidhmiúlacht curtha leis ar nós:
    - Mol COVID- 19 a dhéanann óstach ar phodchraoltaí, físeáin, sraith straitéisí agus tuarascálacha margaidh.
    - Féilire 'an Méid is Fearr sa Séasúr' chun táirgí an tséasúir a thaispeáint
    - Léarscáil maidir le Cáis Feirme na hÉireann a thaispeánann soláthróirí áitiúla Cáis Feirme na hÉireann
    - Mol Léargais Bord Bia a chumasaíonn cliaint le tuarascálacha Bord Bia a rochtain go héasca — mol maidir le Léargais Talmhaíochta d'Fheirmeoirí.
- Seoladh láithreáin gréasáin athfhorbartha do Bhia agus Deochanna na hÉireann (irishfoodanddrink.com) i mí na Samhna chun solátróirí Éireannacha a thaispeáint agus cur lena bpróifíl i measc ceannaitheoirí idirnáisiúnta. I bhfianaise aontaí trádála atá laghdaithe, bhí sé seo mar fhoinse fhíorthábhachtach i dtimpeallacht COVID- 19, ó thaobh tacú le foirne na margaí idirnáisiúnta.
- Seoladh BordBiaBloom.com, láithreán gréasáin nua-dheartha a thaispeánann brandáil nua Bloom Bord Bia i mí an Mhárta, le feidhmiúlacht, inúsáidteacht agus dearadh feabhsaithe. Cé go raibh sé deartha ar dtús mar ionadaíocht ar líne

d'ócáid as líne, d'athraigh sé chun a bheith mar bhunchloch chun seachadadh a dhéanamh ar a mhalairt, taithí sa bhaile Bloom Bord Bia ar líne sa bhliain 2020.

- Tugadh OriginGreen.ie cothrom le dáta chun comhsheasmhacht le branda Bhord Bia a chinntiú, a rinne seachadadh ar éifeachtúlachtaí ábhar a chomhroinnt agus ar bhainistiú ardáin.

Chun tacú le feidhmíocht éifeachtach ardáin dhigiteacha, rinneadh gníomhachtú agus monatóireacht dhigiteach ar na feachtais mhargaíochta lárnacha go léir agus ar raon áitiúil ar nós Feachtais AE agus feachtas Earcaíochta Acadamh Tallainne Bhord Bia.

Bhí teacht chun cinn straitéiseach acmhainneacht dhigiteach mar thosaíocht roimh COVID- 19 agus rinneadh treisiú air sa bhliain 2020. Bhí digitiú ócáidí, acmhainneacht sruthaithe digiteach do mhargaí for-rochtana go margaí onnmhairithe, tuairisciú digiteach agus léiriú comhoibríoch Treochlár agus Straitéis Dhigiteach mar phríomhthosaíochtaí sa bhliain 2020.

### An Fhoireann um Fhaisnéis Margaidh i Thinking House Bord Bia

Déanann Bord Bia cothabháil ar leabharlanna den scoth chun cuidiú le tionscal bia, deochanna agus gairneoireacht na hÉireann cinntí straitéiseacha níos fearr agus níos eolaí a dhéanamh. Tá ar chumas cliaint taighde deisce a éileamh ó fhoireann leabharlannaithe cáilithe agus faisnéis dheiridh maidir le léargas margaidh saincheaptha a fháil chomh maith ó Speisialtóirí Léargais Margaidh. Cuireann an Fhoireann um Fhaisnéis Margaidh (KMI) rochtain ar fáil do thomhaltóirí agus léargas margaidh agus na treochtaí agus an fhadbhreathnaitheacht atá riachtanach chun a dhul in iomaíocht go rathúil sna margaí intíre agus domhanda. Le linn na bliana 2020, rinne foireann an KMI bainistiú ar suas agus anuas le 5,000 cuardach ó thaobh léargais agus faisnéise, ag cuidiú leis na torthaí cuardaithe is fearr is féidir a fháil dá gcuid cliaint agus don fhoireann.

Ag teacht le tosaíocht straitéiseach croíláir Bhord Bia maidir le Léargas chun Fás a Chumhachtú, tá formhór a bhailiúcháin leabharlainne den scoth oscailte suas d'fhoireann agus do rannpháirtithe an Acadaimh Tallainne i mBaile Átha Cliath agus ar fud an domhain.

Cuidíonn daonlathú faisnéise ar an mbealach seo lena chinntiú go mbíonn foinsí faisnéise agus léargais inrochtana 24/7, ó áit ar bith ar domhan nuair is mó a theastaíonn siad ón fhoireann.

Tá Bord Bia ag leanúint le treallús a chur faoi chultúr maidir le comhroinnt fhaisnéise trí mhol faisnéise inmheánach, an Source. Cinntíonn an t-ardán seo go mbíonn na léargais a theastaíonn uathu ar fáil don fhoireann le haghaidh a gcuid róil agus le timpeallacht faoi réir chinnteoireacht chliste a chruthú. Seoladh an Source 2.0 i mí Meán Fómhair, ag tabhairt taithí nua maidir le cuardach chun na foirne.

Leanfaidh Foireann KMI Bhord Bia le coimeádaíocht, nascadh agus le hoiliúint a chur ar pháirtithe leasmhara, le cinntí straitéiseacha níos fearr agus níos eolaí a dhéanamh le bailiúcháin agus saineolas de scoth ar feadh na bliana 2021.

## AIRGEADAS MARGAÍOCHTA

Sa bhliain 2020, thug Bord Bia cuireadh iarratais a chur faoi bhráid faoi thrí chláir deontais mhargaíochta, an Clár Cúnaimh Margaíochta (MAP) agus an Clár Athraithe Céime (SCP) agus an Scéim Tacaíochta maidir le Freagra ar COVID- 19 (Scéim COVID-19). Bhí an MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a raibh láimhdeachas idir €100k agus €3.5m acu. Bhí an SCP, faoinar cuireadh suas go €50,000 ar fáil i dtreo "ghníomhaíocht/tionscadal nua" suntasach, a bhain le hathrú ollmhór don chuideachta, ar oscailt do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a raibh láimhdeachas idir €100k agus €10m acu. Bhí Scéim COVID- 19 oscailte do na cliantchuideachtaí go léir le láimhdeachas níos mó ná €100,000 agus níos mó ná €25 milliún acu. Leis na deontais margaíochta sin, tugtar cúnamh d'fhiontair bhia lena ngníomhaíochtaí margaíochta, le deontas amháin ar fáil in aghaidh na cuideachta.

Le linn na bliana 2020, ceadaíodh tacaíocht deontais de €3 mhilliún do 366 cuideachta cáis feirme, deochanna, déiríocht fhuaraithe, milseogra, báicéireacht, bianna ullmhaithe, charcuterie, bia mara agus gairneoireachta.

Astu seo, ceadaíodh €1,020,000 faoin MAP agus faoin SCP do 115 cuideachta agus ceadaíodh €1,980,000 faoi Scéim COVID- 19 do 251 cuideachta eile.

**Íocadh deontais iomlána de €1,444,491 le 207 cuideachta le linn na bliana ar fud trí chlár deontais**

# MARGAÍ

Sa bhliain 2020, lean Bord Bia de bheith ag díriú ar chur lena sheirbhísí do chliantchuideachtaí ar fud a líonra idirnáisiúnta de 15 ionad thar lear – ocht gcinn ar fud na hEorpa agus seacht gcinn i margaí idirnáisiúnta. Díríodh go háirithe ar thacú le cliantchuideachtaí trí acmhainní breise ar an láthair i margaí idirnáisiúnta. Sa bhliain 2020 bhí solúbthacht níos mó i seirbhísí do chliaint Bhord Bia le cúlra ina raibh éiginnteacht gheilleagrach mar gheall ar COVID- 19 agus mar gheall ar an Breatimeacht. Cé go n-athraíonn an ghníomhaíocht a dtugtar fúithi ag brath ar an gcéim forbartha ag a bhfuil onnmhairí Éireannacha, tá sé mar chuspóir uileghabhálach a bheith in ann fás onnmhairithe inbhuanaithe a sholáthar, trí threallús a chur faoin bhfeasacht faoi sholáthróirí bhia agus dí na hÉireann ar fud an domhain, ó thaobh na cáile atá orthu agus a n-ullmhacht don mhargadh.

Ar feadh na bliana 2020, d'oibrigh Bord Bia go dlúth le cuideachtaí Éireannacha, ag cabhrú le gnólachtaí cumas a fhorbairt maidir le meastóireacht agus pleananna a dhéanamh, agus fás a sholáthar i margaí tosaíochta arna roghnú go straitéiseach, trí raon seirbhísí. An tionscadal Tosaíochta Margaidh a bhí mar bhonn eolais ag na seirbhísí sin, ar leanadh leis sa bhliain 2020, le béim faoi leith ar chomhpháirtíochtaí custaiméara straitéiseacha a thógáil i margaí tosaíochta ar fud na gcainéal miondíola, seirbhíse bia agus déantúsaíochta.

Sa bhreis ar fhorfheidhmiú cláir agus tionscadail, thug pearsanra margaidh Bhord Bia faoin méid seo a leanas le linn na bliana 2020:

- Tugadh tacaíocht do dhá mhisean trádála agraibhia chun na hAfraice Thuaidh agus an Áise Thoir Theas
- 2,210 cruinniú le ceannaitheoirí agus cur i láthair
- Ghin 2,707 ábhar cliaint ghnó
- Thug 710 freagra ar iarratais cheannaitheora aonair
- 1,115 cruinniú pleanála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha
- D'óstáil cuairteanna cigireachta agus cuairteanna aistrithe eolais teicneolaíochta ón tSín, ón Malaeisia agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá
- Ghlac páirt i nGrúpa Stiúrtha an tionscail um rochtain ar an margadh, ag tabhairt aghaidh ar rochtain ar mhargaí ardphoitéinsil.

## Cur Chuige Comhoibritheach

Leanann Bord Bia de bheith ag obair i gcomhar le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú tacaíochta don tionscal bia agus dí. Áirítear orthu seo, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, BIM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann (agus Turasóireacht Éireann), Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eile.



*Ár*

# RIALACHAS

# *Ráiteas Rialachais* agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 go 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## STRUCHTÚIR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun beartas agus cláir an Bhoird a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas go ceithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua faisnéis airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus faisnéis maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is róil ar leithligh iad róil an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord ann (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil agus Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas go dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord "keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts of monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

1. Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
3. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad, agus,
4. Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tagann an Bord le chéile go rialta, seacht n-uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia. Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus solúbthacht leordhóthanach á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe láraithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, rialachas corparáideach, bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choimhlintí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chláir oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le hanailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh, áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le cáil bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bord Bia; rioscaí cáile a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna um dhearbhú cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail, srl. Déantar riosca a mhaolú trí phróiseas athbhreithnithe ar an mapa riosca ag gach cruinniú Boird agus déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí struchtúr an Fho-Bhoird. Déantar monatóireacht ar úsáid brandaí agus marcanna Bhord Bia ar bhonn leanúnach chun an úsáid atá ceadaithe a chinntiú.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíocht, lena n-áirítear ceadú, inter alia, éadálacha suntasacha, mórinfheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus pleananna straitéise,

tuarascálacha agus ráitis airgeadais bliantúla, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le cead an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le cead an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Laistigh de chomhthéacs Food Wise 2025, cáipéis straitéise chun an earnáil agraibhia a fhorbairt, leagtar amach sa Phlean Straitéiseach 'Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú' na gníomhaíochtaí atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2019 – 2021 agus ailínítear buiséid bhliantúla leis an straitéis. Ceadaíonn an Bord na buiséid bhliantúla agus measúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia le linn na bliana.

Breithníonn an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

## RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde ó thaobh Rialachas Corparáide agus Dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagan amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; comhaltas, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coimhlintí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. Le linn na bliana 2019, thionóil an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

**An Cathaoirleach:**

- Treoraíonn sé an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d'atmaisféar na díospóireachtaí ag leibhéal an Bhoird.
- Cinntíonn sé, in éineacht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh.
- Éascaíonn cultúr oscailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fad faoi rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn sreafaí maithe faisnéise idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
- Cinntíonn sé go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- Coinníonn sé an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara ar an eolas faoi chúrsaí a eascraíonn maidir le Bord Bia.
- Cuireann sé tuarascáil Chuimsitheach faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Thug an Bord faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht le linn na bliana agus ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tugadh aghaidh ar aon laigí a aithníodh. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine, rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar

aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú. Níor tugadh faoin aon mheasúnú seachtrach ar an mBord le linn na bliana 2020 mar gur tugadh measúnú chun críche sa bhliain 2019 agus de réir Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú tabharfar faoi mheasúnú den sórt sin laistigh den tréimhse riachtanach.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá Comhaontú Maoirseachta do Bhord Bia tugtha chun críche agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm é le linn na bliana.

## COMHALTAÍ BOIRD AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá teacht ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme.

Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ar leathanach 73.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE

Tionóladh seacht gcruinniú Boird le linn na bliana 2020 agus tá mionsonraí faoi fhreastal gach comhalta leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|
| L. Allen | 7 as 7 |
| N. Browne | 7 as 7 |
| M. Cronin | 7 as 7 |
| T. Cullinan | 7 as 7 |
| R. Doyle | 7 as 7 |
| D. Harvey | 6 as 7 |
| J. Healy* | 0 as 0 |
| T. Keohane | 7 as 7 |
| P. McCormack | 7 as 7 |
| S. McPhillips | 7 as 7 |
| D. MacSweeney | 7 as 7 |
| T. Moran | 7 as 7 |
| P. Murphy | 7 as 7 |
| R. O'Rourke | 7 as 7 |
| P. Whelan | 5 as 7 |

*Tháinig tréimhse oifige J. Healy chun críche in Eanáir 2020, roimh an gcéad chruinniú boird den bhliain.

## TÁILLÍ AGUS COSTAIS COMHALTAÍ BOIRD

Tá sceideal na dtáillí agus costais taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí boird i ndáil le freastal ar chruinnithe Boird sa bhliain 2020 leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Táillí Boird | Costais Taistil & Cothabhála |
|---|---|---|
| D. MacSweeney | €20,520 | €569 |
| L. Allen | €11,970 | €77 |
| N. Browne * | - | - |
| M. Cronin | €11,970 | €876 |
| T. Cullinan | €10,973 | €140 |
| R. Doyle | €11,970 | €173 |
| D. Harvey | €11,970 | - |
| J. Healy | €997.50 | - |
| T. Keohane | €11,970 | - |
| P. McCormack | €11,970 | €186 |
| S. McPhillips ** | - | - |
| T. Moran | €11,970 | €105 |
| P. Murphy * | - | - |
| R. O'Rourke | €11,970 | - |
| P. Whelan | €11,970 | - |

* Léirítear na comhaltaí Boird a tharscaoil cuid de nó iomlán na dtáillí iníoctha, mar Chomhalta Boird sa bhliain 2020.

** Faoin bprionsabal aon tuarastal amháin d'aon duine amháin, níor íocadh aon táillí le S. McPhillips, Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ní bhfuair Comhaltaí Boird aon íocaíochtaí eile i ndáil lena gcomhaltacht ar an mBord sa bhliain 2020.

B'ionann na suimeanna a íocadh le Comhaltaí Fo-Bhoird maidir le costais taistil agus chothabhála sa bhliain 2020 agus €2,796.19. Níor íocadh táillí ar bith le comhaltaí Fo-Bhoird sa bhliain 2020 i ndáil le freastal ar chruinnithe Fo-Bhoird.

## RÓIL AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh inchiallaithe idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn.

Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

## COISTÍ BOIRD

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca, atá comhdhéanta faoi láthair de chúig chomhalta Boird, M. Cronin, R. Doyle, T. Keohane, S. McPhillips agus R. O'Rourke, agus de chomhalta seachtrach amháin, R. Nolan a bhfuil cúlra airgeadais acu, le chéile ceithre huaire le linn bliana 2020.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúchóirí seachtracha agus as athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar sheasamh Bhord Bia. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird. Tionóltar seisiúin faisnéisithe chun comhaltaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha a tharla le deireanaí maidir le saincheisteanna Rialachais Chorparáidigh.

Tháinig an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta faoi láthair de thriúr comhaltaí den Bhord, D. MacSweeney, S. McPhillips agus T. Moran, le chéile uair amháin le linn na bliana 2020. Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba uirthi; agus leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Straitéiseach le linn na bliana. Tá cúigear comhaltaí Boird ar an gCoiste Straitéise faoi láthair, D. MacSweeney, N. Browne, T. Keohane, T. Moran, P. Murphy agus S. McPhillips. Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bhord Bia a chur ar fáil agus cuireann sé lenár bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise.

Tá Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019 – 2021, a seoladh an 9 Eanáir 2019, ag teacht le Food Wise 2025, agus tá na ceithre thosaíocht straitéiseacha a leanas ann:

- Treallús a chur faoi Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh
- Léargas chun fás a chumhachtú
- Cur leis an gcáil maidir le fás
- Ceannaireacht trí dhaoine

## COTHROMAÍOCHT INSCNE I gCOMHALTAS AN BHOIRD

Amhail 31 Nollaig 2020, bhí triúr (21%) comhaltaí ban ar an mBord agus 11 (79%) comhalta fear, le post amháin folamh. Dá bhrí sin, níl an Bord ag comhlíonadh sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ó gach aon inscne i gcomhaltas Boird Stáit. Tá Bord Bia tiomanta aghaidh a thabhairt ar cheist na cothromaíochta inscne ar an mBord trí:

- Breithniú a dhéanamh ar na bearnaí scileanna agus saineolais, chomh maith le comhdhéanamh reatha an Bhoird nuair atáthar ag líonadh poist atá folamh, ag tapú deiseanna chun an Bord a neartú agus a chothromú.
- Tosaíocht a thabhairt do scileanna agus saineolas tionscail a bhfuil tóir orthu nuair atáthar ag líonadh poist atá folamh, ag cur níos lú béime ar thaithí Boird roimhe seo.
- Ceannaireacht, in éineacht le AON agus i gcomhar leis an gClub 30%, an Fóram Ilchineálachta agus Uilechuimsitheachta Agraibhia (Ag-Dif), a bhfuil sé mar chuspóir leis clár an D&I i dtionscal agraibhia na hÉireann a chur chun cinn, le fócas reatha ar chothromaíocht inscne.

## EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí.

Chomh maith le ceanglais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2019 agus ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016 le Bord Bia freisin. Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do príobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

## COMHIONANNAS

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó comhaltacht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear beartais chuí a chlúdaíonn réimsí ar nós, forbairt ghairmiúil, saoire staidéir, fleisc-am agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Rinneadh soláthairtí breise sonracha do chuairteoirí faoi mhíchumas agus Ionad Bia Bhord Bia á thógáil. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhínit gach duine.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le Bord Bia sa bhliain 2020.

## SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear, Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thugann aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aici ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

## CAIRT SEIRBHÍSE

Leagtar amach i gCairt Seirbhíse Bhord Bia a thiomantais do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS CAOMHNÚ

Tá Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, príomhréimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

| | 2020 |
|---|---|
| mWh leictreachais | 207 |

*(Bonnbhliain 2009: 379 mWh)*

D'úsáid an Thinking House 207 mWh leictreachais le linn na bliana 2020 i gcomparáid le 41 mWh le linn na chéad bhliana a raibh sé ag feidhmiú go hiomlán.

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh atá éifeachtach ó thaobh costais chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

## ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS

De réir forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthróir go pras. Le linn na bliana 2020, íocadh 98% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

## MAOINIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Riarann Bord Bia roinnt feachtais margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear, iad siúd do Mhairteoil agus d'Uaineoil, Prátaí, Uaineoil agus Bia Mara.

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## COSTAIS CHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear ar na costais chomhairleoireachta an costas i ndáil le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh.

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Dlí | **172** | 63 |
| Comhairle Cánach agus Airgeadais | **108** | 92 |
| Caidreamh poiblí / Margaíocht | **22** | 14 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | **170** | 168 |
| Feabhsú Gnó | **514** | 240 |
| **Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta** | **986** | 577 |
| Costais Sainchomhairleoireachta caipitlithe | **-** | - |
| Costais Sainchomhairleoireachta curtha chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe | **986** | 577 |
| Iomlán | **986** | 577 |

## COSTAIS AGUS SOCRÚCHÁIN DLÍ

Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socrúcháin agus idir-réitigh agus imeachtaí eadrána. Áirítear sna figiúirí thíos caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair Bord Bia a nochtar sna Costais Chomhairleoireachta thuas.

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | **172** | 63 |
| Íocaíochtaí Idir-réitigh agus Eadrána | **-** | - |
| Socrúcháin | **-** | - |
| **Iomlán** | **172** | 63 |

## COSTAIS TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Mar seo a leanas a dhéantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála:

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| - Boird | **5** | 29 |
| - Fostaithe | **86** | 319 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Boird | **-** | 1 |
| - Fostaithe | **140** | 986 |
| **Iomlán** | **231** | 1,335 |

## FÁILTEACHAS

Áirítear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas:

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | **3** | 3 |
| Fáilteachas Cliant | **-** | - |
| **Iomlán** | **3** | 3 |

## RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Bord Bia go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn na bliana 2020.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

Dáta: 30 Meitheamh 2021

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach

Dáta: 30 Meitheamh 2021

# Struchtúr Eagraíochtúil

Tá Bord Bia comhdhéanta de Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartais agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d’fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.


## Faisnéis Ghinearálta

***An Cheannoifig:***
Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

***Iniúchóirí:***
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

***Baincéirí:***
Bainc-Aontas Éireann

***Dlíodóirí:***
Philip Lee Solicitors


An Príomhbhord
Cathaoirleach
An Bord Feola agus Beostoic
Cathaoirleach
An Bord Bianna Tomhaltóra
Cathaoirleach
An Bord Déiríochta
Cathaoirleach
An Bord Gairneoireachta
Cathaoirleach
Bord Dearbhaithe Cáilíochta
Cathaoirleach
Príomhfheidhmeannach
Tiontú Gnó Margaí
Feoil, Bia agus Deochanna
Gairneoireacht
Léargas agus Pleanáil Straitéiseach
Origin Green & Dearbhú Cáilíochta Inbhuanaithe
Margaíocht agus Cumarsáid
Seirbhísí Corparáideacha
Tallann Tionscail agus Eagraíochta

# STRUCHTÚR **FOIRNE**

| Príomhfheidhmeannach | Tara McCarthy |
|---|---|
| **Feoil, Bia agus Deochanna** | Padraig Brennan |
| **Margaíocht agus Cumarsáid** | Una Fitzgibbon |
| **Forbairt Gnó Domhanda** | Ailish Forde |
| **Léargas, Pleanáil agus Measúnacht Straitéiseach Domhanda** | Helen King |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Susan McDonnell |
| **Origin Green agus Dearbhú Cáilíochta Inbhuanaithe** | Deirdre Ryan |
| **Tallann Tionscail agus Eagraíocht** | Michael Murphy |
| **Gairneoireacht agus Rannpháirtíocht Feirmeoirí** | Mike Neary |

**Oifigí Thar Lear**

| | |
|---|---|
| **Amstardam** | Laura Crowley |
| **Dubai** | Claudia Saumell |
| **Dusseldorf** | Gabriele Weiss Brummer |
| **Lagos** | Ese Okpomo |
| **Londain** | Donal Denvir |
| **Maidrid** | Cecilia Ruiz |
| **Milano** | James O'Donnell |
| **Moscó** | Alla Barinova |
| **Nua Eabhrac** | Henry Horkan |
| **Páras** | Finnian O'Luasa |
| **Shang-hai** | Conor O'Sullivan |
| **Singeapór** | Ciaran Gallagher |
| **Stócólm** | Linda Madigan |

# STRUCHTÚR **FOIRNE**

Sa bhliain 2020, d'aimsigh an Fhoireann Tallainne agus Acmhainní Daonna 24 gairmí cumasacha ar fud réimsí ríthábhachtacha den eagraíocht; Origin Green, Forbairt Gnó Domhanda (Margaí thar Lear; Singeapór, Vársá, an Fhrainc), Margaíocht agus Cumarsáid, Feoil, Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe agus Deochanna, Seirbhísí Corparáideach agus Léargas agus Pleanáil Dhomhanda. D'fhreagair Bord Bia ar an bpointe boise do dhúshláin maidir le géarchéim COVID- 19 ar cuireadh tús leis i ndeireadh Eanáir 2020, tráth ar bunaíodh foireann bainistíochta géarchéime a d'oibrigh go dlúth le hoifig Bhord Bia i Shang-hai ó thús na paindéime. Bhí forbairt leordhóthanach déanta ar bhonneagar ICT na heagraíochta chun a chinntiú go bhféadfadh an fhoireann oibriú go cianda láithreach bonn, agus ar an gcaoi sin, rinneadh íoslaghdú ar an gcur isteach. Bhí Grúpa Tacaíochta do Dhaoine ríthábhachtach ó thaobh dúshláin na foirne a aithint agus a réiteach. Rinneadh treisiú ar rannpháirtíocht foirne trí Halla an Bhaile, an fhaisnéis is deireanaí ón bPríomhfheidhmeannach ar bhonn rialta agus níos mó idirghníomhaíochta idir bainisteoirí agus foirne níos minice. Reáchtáladh sraith seimineáir gréasáin maidir le folláine, ag díriú ar obair chianda níos éifeachtaí, ag baint cothromaíochta amach idir freagrachtaí ó thaobh teaghlaigh, féinchúram agus folláine go ginearálta. Baineadh leas as an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe agus eagraíodh oiliúint maidir le Garchabhair Meabhairshláinte don fhoireann phríomha chun tacú le comhghleacaithe.

Sa bhliain 2020, dhírigh an Fhoireann Tallainne agus Acmhainní Daonna ar phríomhthosaíochtaí maidir le:

- **Bainistiú Daoine agus Feidhmíochta den Scoth:** cur le dea-chleachtas maidir leis an gcumas um bainistiú daoine trí chomhráite laethúla atá dírithe ar thosaíochtaí agus a ghlacann le cur chuige cóitseála agus meantóireachta a chur chun cinn go leanúnach, le béim ar thallann a fhorbairt ar bhonn forbartha leanúnach. Chomhlánaigh na bainisteoirí daoine go léir 360 suirbhé aiseolais agus rinneadh na torthaí sin a chomhtháthú le pleananna forbartha aonair na mbainisteoirí sin. Trí fhorbairt a dhéanamh ar Phróiseas Forbartha Feidhmíochta Bhord Bia, tá níos mó béime á chur anois ar phleananna forbartha aonair atá ceangailte go díreach le creat inniúlachta saincheaptha na heagraíochta.
- **Forbairt Inniúlachta;** leathadh amach an chláir um Smaointeoireacht Léargasach Bhord Bia chun na foirne go léir chun treallús a chur faoi chur chuige fianaise bhunaithe i leith cinnteoireachta agus cultúr léargasach. Leanann Bord Bia le hinfheistíocht a dhéanamh i mbainistíocht feidhmíochta a ailíniú leis an tsamhail inniúlachta eagraíochta chun seachadadh tosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha a chothú.
- Cur an méid is fearr is féidir **le leagan amach na heagraíochta** agus leanúint le feabhas a chur ar róil agus ar struchtúir foirne, ar mhaithe le cothabháil a dhéanamh ar sholúbthacht eagraíochta.
- Soláthraíodh an raon seirbhísí d'fhostaithe den scoth atá éifeachtach agus éifeachtúil le leathadh amach an **Chórais Bainistíochta Acmhainní Daonna** (BordBiaHR) agus saoráid ticéadaithe comhtháite acmhainní daonna.
- Cuireadh feabhas ar **rogha fostóir** agus mar dheis do chéimithe/intéirnigh ar feadh na bliana trí mhargaíocht chomhthaobhach feabhsaithe agus spriocdhíriú níos cruinne. Fuarthas os cionn 3,000 iarratais ar feadh na bliana ó chláir Acadaimh Tallainne Bhord Bia.

# BORD
# BHORD BIA

## CATHAOIRLEACH

**Dan MacSweeney**
Iar-Phríomhfheidhmeannach, Carbery Group.
Ceaptha an 1 Márta 2018

## COMHALTAÍ

**Lorraine Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta
Brand Innovation Ireland
Ceaptha an 22 Eanáir 2019

**Niall Browne**
Príomhfheidhmeannach,
Dawn Meats
Ceaptha an 8 Eanáir 2019

**Michael Cronin**
Sainchomhairleoir Agraibhia
Ceaptha an 22 Eanáir 2019

**Tim Cullinan**
Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Ceaptha an 30 Eanáir 2020

**Rachel Doyle**
Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta Arboretum
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Tony Keohane**
Iar-Chathaoirleach, Tesco
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Patrick McCormack**
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
Ceaptha an 13 Bealtaine 2019

**Sinéad McPhillips**
Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Ceaptha an 13 Feabhra 2018

**Tom Moran**
Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Pat Murphy**
Uachtarán & Príomhfheidhmeannach Déiríocht Phríomhúil & Gnó Talmhaíochta, Kerry Group Plc.
Ceaptha an 28 Bealtaine 2019

**Raymond O'Rourke**
Dlíodóir Bia & Tomhaltóra
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Patrick Whelan**
Búistéirí Whelan
Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

## Príomhfheidhmeannach

**Tara McCarthy**

## Rúnaí/Stiúrthóir

**Susan McDonnell**

### Athruithe le linn na bliana 2020

#### D'éirigh as an 30 Eanáir

**Joe Healy**
Uachtarán Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

#### Ceaptha an 30 Eanáir

**Tim Cullinan**

### Athruithe le linn na bliana 2021

#### D'éirigh as an 27 Eanáir

**David Harvey**
Príomhfheidhmeannach, Peninsula Television

#### Ceaptha arís an 13 Feabhra

**Sinéad McPhillips**

#### Ceaptha arís an 1 Márta

**Dan MacSweeney**
(Cathaoirleach)

#### Ceaptha arís an 23 Márta

**Tim Cullinan**

# BORD BIA
# BORD BIANNA TOMHALTÓRA

## CATHAOIRLEACH

**Michael Cronin**

Sainchomhairleoir Agraibhia

## COMHALTAÍ

**Alison Cowzer**

Sainchomhairleoir Agraibhia

East Coast Bakehouse

**Margaret Daly**

Leas-Phríomhfheidhmeannach

Errigal Bay

**Maurice Hickey**

Donegal Catch

**Paula Mee**

Saineolaí Cothúcháin

**Larry Murrin**

Stiúrthóir Bainistíochta,
Dawn Farm Foods

**Catherine Neilson**

Stiúrthóir Straitéise,
Kerry Foods

**John Noonan**

Stiúrthóir Díolacháin agus
Margaíochta,
E. Flahavan & Sons

**Pat Rigney**

Stiúrthóir Bainistíochta,
Fastnet Brands Co. Ltd.

**Simon Walker**

Príomhfheidhmeannach
Kepak Convenience Foods

**Michelle Walshe**

Comhairleoir Bainistíochta

**Athruithe le linn na 2020**

**Ceaptha an 26 Feabhra**

**Maurice Hickey**

**Michelle Walshe**

**Ceaptha arís an 19 Meitheamh**

**Pat Rigney**

**D'éirigh as an 29 Meán Fómhair**

**Rosemary Garth**

Stiúrthóir, Cumarsáid agus
Gnóthaí Corparáideacha, Irish
Distillers.

**Ceaptha arís an 12 Samhain**

**Catherine Neilson**

# BORD BIA
# BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC

## CATHAOIRLEACH

**Tony Keohane**

Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

## COMHALTAÍ

**Ado Carton**

Meat Industry Ireland

**Tom Finn**

Príomhoifigeach Tráchtála, Kepak

**Brendan Golden**

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Jim Hanley**

Príomhfheidhmeannach, Rosderra Irish Meats

**Martin Kane**

Stiúrthóir Bainistíochta, ABP Ireland.

**Des Morrison**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

Athruithe le linn na bliana 2020

### D'éirigh as an 13 Feabhra

**Angus Woods**

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Brendan Golden**

### Téarma Oifige in Éag an 21 Márta

**Kevin Quinn**

Quinn International Livestock

### Ceaptha an 19 Meitheamh

**Ado Carton**

Meat Industry Ireland

### D'éirigh as an 14 Meán Fómhair

**Brendan Mallon**

Associated Craft Butchers of Ireland

### Téarma Oifige in Éag an 17 Deireadh Fómhair

**Andy Boylan**

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Sean Dennehy**

An Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Ceaptha an 12 Samhain

**Jack Molloy**

Associated Craft Butchers of Ireland

### D'éirigh as an 26 Samhain

**Tom Hogan**

An Coiste Náisiúnta Muc agus Muiceola, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

Athruithe le linn na bliana 2021

### Téarma Oifige in Éag an 7 Márta

**Jack Molloy**

# BORD BIA
# AN BORD DÉIRÍOCHTA

## CATHAOIRLEACH

**Tom Moran**

Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## COMHALTAÍ

**Bernard Condon**

Stiúrthóir Bainistíochta, an Rannán Comhábhair Dhomhanda, Ornua.

**Marc Healy**

Leas-Uachtarán Díolacháin Dhomhanda, Kerry Group plc.

**Lorcan McCabe**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**Sean Molloy**

Príomhoifigeach um Fhás Agraghnó, Glanbia

**John O'Gorman**

Cathaoirleach, Comharchumann Dairygold

**An Dr Pat Shiels**

Bainisteoir Ginearálta, an Rannán Talmhaíochta, Lakeland Dairies,

**Athruithe le linn na 2020**

### Téarma Oifige in Éag an 17 Deireadh Fómhair

**Noel Corcoran**

Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, Carbery Food Ingredients

**William Meagher**

Tipperary Co-Operative Creamery Ltd.

**Athruithe le linn na 2021**

### D'éirigh as an 3 Feabhra

**Tom Phelan**

Cathaoirleach, an Chomhairle Náisiúnta Déiríochta

Cathaoirleach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

# BORD BIA AN BORD UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

## CATHAOIRLEACH

**Raymond O'Rourke**

Dlíodóir Bia & Tomhaltóirí

## COMHALTAÍ

**Ray Bowe**

Bainisteoir Sábháilteachta & Cáilíochta Bia, Musgrave Retail Partners

**Maria Dunne**

An Rannán Feola & Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Dermott Jewell**

Comhairleoir Beartais agus Comhairle, Comhlachas Tomhaltóirí Éireann.

**Paul Nolan**

Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Group

**Liam O'Flaherty**

Comharchumann Dairygold

**Brian Rushe**

Leas-Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Maurice Walsh**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

Athruithe le linn na bliana 2020

### Ceaptha arís an 26 Feabhra

**John Cunningham**

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Maurice Walsh**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

### D'éirigh as an 7 Bealtaine

**Joyce Roche**

Stiúrthóir Bainisteoir Teicniúil, Codd Mushrooms

### Ceaptha an 11 Meán Fómhair

**Brian Rushe**

Leas-Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Ceaptha arís an 12 Samhain

**Maria Dunne**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

### D'éirigh as an 31 Nollaig

**John Cunningham**

Dairygold Food Products roimhe seo

Athruithe le linn na bliana 2021

### Téarma Oifige in Éag an 20 Feabhra 2021

**John Mohan**

Cathaoirleach, The Egg Association

**An Dr Declan Troy**

Ceann Ionaid, An tIonad Náisiúnta Bia, Teagasc

# BORD BIA
# AN BORD GAIRNEOIREACHTA

## CATHAOIRLEACH

**Rachel Doyle**

Stiúrthóir, Arboretum Garden Centre

## COMHALTAÍ

**Ann Bolger**

Wonderfoods

**Paul Brophy**

Paul Brophy Produce

**Matt Foley**

Kilbush Nurseries

**Nicola Haines**

Tierney Haines Architects

**Karen Kerrigan**

Kerrigan's Mushrooms

**Thomas McKeown**

Bradley Farm

**Celine Murrin**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Brian O'Reilly**

Saothróir Muisiriúin

**Eoin Reid**

Fernhill Garden Centre

**Con Traas**

The Apple Farm

**Padraig Tully**

Tully Nurseries

**Athruithe le linn na bliana 2020**

### Ceaptha arís an 26 Feabhra

**Matt Foley**

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Nicola Haines**

Con Traas

### Téarma Oifige in Éag an 30 Bealtaine

**Aine O'Neill**

Silis Green Veg

### Ceaptha an 19 Meitheamh

Ann Bolger

### Ceaptha arís an 19 Meitheamh

**Celine Murrin**

Padraig Tully

*Ár*

# gCuntais



# TUARASCÁIL AN **ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE**

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An Bord Bia

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Bia don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir fhorálacha alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Bia amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar ioncam agus chaiteachas don bhliain 2020 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis san RA agus in Éirinn.

#### *An bonn atá leis an tuairim*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an mBord Bia agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an mBord Bia. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Boird agus ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Andrew Harkness**
**Do agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Meitheamh 2021**

# TUARASCÁIL AN **ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE**

### Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird i leith seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chur i bhfeidhm a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia, 1994 ráitis airgeadais an Bhoird Bia a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Bia leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an mBord Bia scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# RÁITEAS MAIDIR LE **RIALÚ INMHEÁNACH**

## SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Bia, aithním an fhreagracht atá orainn, mar a shainmhínítear sa Ráiteas Corparáideach, as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus gan dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag Bord Bia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta a gceadaítear na ráitis airgeadais.

## CUMAS RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trína nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar shócmhainní na heagraíochta agus chun iad a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu, trína nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais rioscaí atá os comhair an chomhlachta a shainaithint, lena n-áirítear, an méid agus na catagóirí a mheastar gur féidir glacadh leo.
- Measúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas, plé le páirtithe leasmhara sa tionscal bia agus dí agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ar spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Nósanna imeachta a bhunú lena chinntiú go mbeidh na scéimeanna agus na cláir arna riar ag an gcomhlacht ag teacht leis an reachtaíocht a rialaíonn a bhfeidhmiú agus go mbeidh córais bhainistiú riosca cuí i bhfeidhm.

Féadfaidh an Bord a mheas go raibh na próisis atá i bhfeidhm chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu ag obair go héifeachtach agus mar a beartaíodh sa tréimhse.

Féadfaidh an Bord a mheas go raibh na próisis atá i bhfeidhm chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu ag obair go héifeachtach agus mar a beartaíodh sa tréimhse:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil á athbhreithniú agus á chomhaontú ag an mBord.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhmheastacháin.
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.
- Cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.
- Próisis rialaithe infheistíochta caipitil a shainaithint go soiléir.
- Disciplíní foirmiúla um bhainistiú tionscadal.

Tá feidhm um iniúchadh inmheánach seachfhoinsithe ag Bord Bia, a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus a thuairiscíonn go díreach chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nochta mar bhonn ag obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear na pleananna bliantúla um iniúchadh inmheánach ar an anailís sin. Formhuineann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an anailís ar riosca agus an plean um Iniúchadh Inmheánach agus tuairiscíonn iad chuig an mBord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag gach cruinniú Boird.

Tagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana chun

leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach a athbhreithniú agus a dhearbhú.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Bhord Bia atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach, agus obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ina iniúchadh bliantúil, mar bhonn taca le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## SOLÁTHAR

Cuireadh an próiseas um dhearbhú cáilíochta i bhfeidhm don tréimhse iniúchta, de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí. Leis sin, tugadh dearbhú go gcomhlíonann an comhlacht na rialacha reatha um sholáthar arna leagan amach ag An Oifig um Sholáthar Rialtais, agus ag riachtanais an Chóid Caiteachais Phoiblí.

## TIONCHAR PHAINDÉIM COVID- 19 AR AN TIMPEALLACHT RIALAITHE

Chuir tús phaindéim COVID- 19 go luath sa bhliain 2020, agus na bearta sláinte agus sábháilteachta poiblí a tháinig mar thoradh ar an bpaindéim, athrú ó bhonn ar chleachtais oibre Bord Bia le hobair chianda mar ghnáthchúid de shaol na foirne.

Rinne Bord Bia monatóireacht ghrinn ar fhorbairtí, ag súil le rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar oibríochtaí gnó Bhord Bia, ar an fhoireann agus ar na páirtithe leasmhara, a mhaolú. Thug na gníomhartha seo den chuid is mó deis dúinn chun leanúint lenár bhfeidhmeanna a sheachadadh agus cothabháil agus dhéanamh ar chaighdeáin láidre rialaithe ag an am céanna. Áirítear ar ghníomhartha a glacadh:

